ISSN 2009-3055

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

17.10.2012

€1.65 (£1.50)
Uimh. 42

Síónachas Críostaí: Irish Christian Friends of Israel

L.6 & 7

'Gaeilge-phobia' sa Dáil

L.5

Gaelscéal ar Scoil Istigh an tseachtain seo

L. 30-35

www.gaelsceal.ie

FSS chun Vacsaíniú MMR a bhrú chun cinn

Méabh Ní Thuathaláin

TÁ Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ag reáchtáil feachtais chun daltaí meánscoile a vacsaíniú i gcoinne MMR (Bruitíneach, Leicneach, Rubella).

Tá an feachtas seo á reáchtáil mar chuid d'fheachtas Eorpaigh na hEagraíochta Dhomhanda Sláinte chun deireadh a chur leis an mbruitíneach.

Bhí ráigeanna móra den bhruitíneach in Éirinn agus ar fud na hEorpa le bliain anuas.

Tá sé ráite ag an FSS gur bhris na ráigeanna seo amach de bhrí nach bhfuair gach páiste an dá dháileog den vacsaín MMR.

Tá an MMR ar cheann de na vacsaínithe is mó conspóide dá bhfuil ann mar gheall ar an staidéar a rinne an Dr Andrew Wakefield in 1998 i Meiriceá a mhaígh go raibh ceangal idir an vacsaín MMR, putóg athlastach agus uathachas.

Ar lean ar leathanach 2

Seán Bán Buacach

Seán Bán Breathnach, RTÉ Raidió na Gaeltachta, ag glacadh lena dhuais 'Hall of Fame' ó Dick Doyle (ar chlé) príomhfheidhmeannach PPI. Tá an scéal iomlán ar leathanach 20.

[PIC : IAIN WHITE/IAIN WHITE PHOTOGRAPHY]

Níl Gnaoi an Phobail ar Ryan i dTír a Shinsir

Scott De Buitléir

CÉ go bhfuil a oidhreacht Éireannach soiléir óna ainm, is cosúil nach bhfuil mórán Éireannach ag tacú le Paul Ryan sa rás don phost mar Leasuachtarán ar Mheiriceá.

Is i nGráig na Manach i gContae Chill Chainnigh a phós sin-sin-seanthuismitheoirí Paul Ryan sula ndeachaigh siad go dtí na Stáit Aontaithe, ach i gcomparáid le Muine Gall, is beag an tacaíocht a aimseofar ann don pholaiteoir Poblachtánach.

"Bheadh sé deas dúinn mar bhaile [go mbeadh nasc ag Uachtarán na Stát Aontaithe leis]," arsa Margaret, airgeadóir 64 bliain d'aois, "ach b'fhearr liom a bheith gan an nasc sin agus Ryan i gceist. Níor mhaith liom an phian sin a bhronnadh ar mhuintir Mheiriceá." Ní raibh Margaret sásta le pleananna Ryan le caiteachas ar shláinte do sheanóirí a ghearradh siar. Ní raibh sí ag iarraidh a sloinne a thabhairt do na meáin, ar eagla go bhfaigheadh a fostóir amach fúithi..

Ar lean ar leathanach 9

Súil sa Spéir – Satailít ag breathnú ar Chonamara?

Máirtín Ó Catháin

BAINEADH geit as feilméara i sléibhte Mhám Toirc le gairid nuair a tháinig feidhmeannach as an Roinn Talmhaíochta chuige ag cuir tuairisce faoi roinnt postaí agus sreangáin a bhí feistithe aige thart ar pholl báite.

Beagán laethanta roimhe sin a rinne an feilméara an obair; bhí contúirt sa bpoll do bheithigh.

Bhí fear na Roinne Talmhaíochta ag iarraidh tuairisc ar a raibh ar bun ag an bhfeilméara agus cén t-údar go raibh na postaí seo curtha i dtalamh.

Míníodh dó - agus fiafraíodh ansin d'fear na Roinne cé a thug an t-eolas faoi? Bhí an obair a bhí déanta in áit chúlráideach. Insíodh don fheilméara go bhfuair an córas satailíte sa spás léargas ar an obair!

B'éigean, a dúradh leis an bhfeilméara an scéal a fhiosrú ansin.

Tá rialacha géara timpeallachta i gceantar Mhám Toirc ó thuaidh den Sraithe Salach.

Ar lean ar leathanach 9

"Troidfidh mé ar son na n-eagraíochtaí atá bunaithe anseo sa Tuaisceart": Ní Chuilín

Anton Mac Cába

NÍL sé soiléir an bhfaca Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta an Tuaiscirt aon mholtaí nua ó Fhoras na Gaeilge maidir le maoiniú na n-eagras Gaeilge, ach dúirt an tAire, Carál Ní Chuilín, i bhfreagra a thug sí sa Tionól Dé Máirt na seachtaine seo caite nach bhfaca sí moltaí ar bith.

Gheall sí, áfach, go dtroidfeadh sí "100%" ar son na n-eagras ata bunaithe ó Thuaidh.

Bhí sí ag tabhairt freagra ar cheist ó Dominic Ó Brolcháin (SDLP). Bhain sin le scéal ar an Irish Times, mar ar cuireadh síos ar mholtaí nua ón bhForas. Sa scéal, dúradh go mbeadh sé cinn de 'cheanneagraíocht' ann agus iad uilig lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Bheadh siad ábalta eagras eile a earcú mar fochonraitheoirí.

Ar lean ar leathanach 2

NUACHT NÁISIÚNTA

"Troidfidh mé ar son na n-eagraíochtaí atá bunaithe anseo sa Tuaisceart": Ní Chuilín

Moltaí SNM nua le plé ag Sruth Teanga na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas a ar an 12 Nollaig

Ar lean ó leathanch a haon

D'iarr an Brolchánach ar an Aire an mbeadh sí ábalta a dheimhniú nach rachadh na moltaí nua "chun dochair d'eagraíochtaí Gaeilge anseo sa Tuaisceart agus go seasfadh sí an fód do na heagraíochtaí sin?"

Dúirt an tAire gur sa cheist a chead chuala sí faoin scéal ar an Irish Times. Ní fhaca sí moltaí ar bith ón bhForas go dtí seo. "Deimhním 100% go dtroidfidh mé ar son na n-eagras atá bunaithe anseo sa Tuaisceart," ar sise.

"In amanna, tá freastal ar riachtanais na n-eagras maoinithe mar chuid den fhreastal ar riachtanais na hearnála, nó ní thig leat freastal a dhéanamh gan acmhainn ar an talamh. ... Déanfaidh mé cinnte go mbeidh na socruithe maoinithe iomlán ionadaíoch, go ndéanfaidh siad freastal ar achan duine ar an oileán, agus nach mbeidh siad claonta i dtreo dhream amháin, ar aimhleas agus díobháil daoine eile."

Dé hAoine seo caite, chuir Gaelscéal ríomhphost chun na Roinne ag fiosrú an raibh moltaí ón bhForas feicthe ag an Aire faoi sin. Go mall tráthnóna Dé Luain, chuir urlabhraí freagra chugainn. Dúirt sé gur cuireadh cás gnó chomh maith le moltaí fá choinne cuíchóiriú an bhunmhaoinithe chuig Státseirbhísígh sa dá roinn urraithe. (An Roinn Cultúir, Ealaíona agus Fóillíochta agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta). "Tá feidhmeannaigh anois ag scrúdú na moltaí seo, an breithmheas eacnamaíochta, agus fírinniú an rogha is dealraithí," arsa an t-urlabhraí.

Meastar go bpléifear na moltaí ag an gcéad chruinniú eile de Shruth Teanga na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas. Tá sin le bheith ann an 12ú lá de mhí na Nollag.

Níos luaithe i mbliana, shocraigh an Foras gan dul ar aghaidh leis an tSamhail Nua Mhaoinithe, ach is léir nach bhfuil deireadh le conspóid maidir le cúrsaí maoinithe.

An cócaire Tweesak Trakoolwattana ag seoladh na féile bia, Dine in Dublin (22-28 Deireadh Fómhair). GRIANGHRAF: LEON FARRELL/PHOTOCALL IRELAND.

Dhá leabhar nua ó Leabhar Breac

Gealach le Seán Mac Mathúna



"Ceann de na leabhair is fearr dá bhfuil léite agam sa Ghaeilge."



An Litir le Liam Mac Cóil

"Ropann an léitheoir ar aghaidh ó leathanach go leathanach."

Leabhar Breac, Indreabhán, Co na Gaillimhe www.leabharbreac.ie

FSS chun Vacsaíniú MMR a bhrú chun cinn

Ar lean ó leathanach a haon

Chuir Aire Sláinte na hIodáile leis an gconspóid i mí Meitheamh seo caite nuair a bronnadh costais ar bhuachaill 9 mbliana d'aois a bhfuil uathachas aige agus a fuair an vacsaín.

Tá sé ráite ag an FSS nach bhfuil ceangal ar bith idir an vacsaín MMR agus uathachas ná galar ar bith eile.

Tá an vacsaín MMR á thabhairt do pháistí ag 12 mhí d'aois sa tír seo agus tá sé molta ag an FSS gur cheart an dara dáileog MMR a thabhairt ag 4 -5 bliana d'aois.

Mura bhfuil daoine cinnte an bhfuair siad an dara dáileog nó más rud é nach bhfuair siad in aon chor é, molann an FSS dóibh an dara dáileog a ghlacadh arís.

Tá an vacsaín MMR agus na vacsaínithe eile ar fad atá ar liosta Chlár Vacsaínithe na Scoileanna, le fáil saor in aisce in Éirinn.

Gaelscéal

Le cabhair ó: Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Oifig an Spidéil: 00353-91-897766

Ciarán Dunbar, *Eagarthóir*, ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Colm Ó Broin, *Iriseoir*, colm.obroin@gaelsceal.ie

Méabh Ní Thuathaláin, *Iriseoir*, meabh.nithuathalain@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin, *Oideachais*, scoil@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain, *Spóirt*, grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile, *Comhordaitheoir Táirgíochta*, patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Aifreann ciúin faoi Bhun na gCnoc

"Is mór idir an ciúnas sin agus an clampar a bhain le cúrsaí Aifrinn i nDoire Bhó Riada sna 1980óidí"

Máirtín Ó Catháin

IS cosúil gur i seanscoil Dhoire Bhó Riada i mBun na gCnoc atá an freastal is ísle i gConamara ar an Aifreann anois.

Tuigtear nach raibh ach ceathrar ag an Aifreann ansin trathnóna Sathairn le gairid.

Tuairim leathscór ar an meán a bhíonn ann.

Is mór idir an ciúnas sin agus an clampar a bhain le cúrsaí Aifrinn i nDoire Bhó Riada sna 1980óidí.

Díreach deich mbliana fichead ó shin a thosaigh an chéad chorraíl faoi theanga cheiliúrtha an Aifrinn i nGaeltacht Bhun na gCnoc.

Bhí Bríd Ní Dhomhnaill ina múinteoir scoile sa gceantar san am ina ceann feadhain ar fheachtas lena chinntiú go gcoinneofaí leis an nGaeilge san Aifreann.

Thárla sé go raibh díospóireacht ghéar idir Bríd Ní Dhomhnaill agus sagairt an cheantair ina dhiaidh sin. Le himeacht na mblianta socraíodh go gcinnteodh Ard-Deoise Thuama go ngabhfadh sagart go Bun na gCnoc a dhéanfadh ceiliúradh ar an Aifreann i nGaeilge - sin mura mbeadh an sagart a bheadh lonnaithe ar an tSraithe Salach paiteanta ar an teanga.

Tá athruithe móra saoil ann ó shin.

Níl anois i bpobal Chloch na Rón uilig ach sagart amháin (tá Bun na gCnoc i bpobal eaglasta Chloch na Rón) san áit a raibh triúr sna 1980í. San am céanna, coinnítear leis an nósmhaireacht go ndéantar ceiliúradh chuile dheireadh seachtaine ar an Aifreann i nDoire Bhó Riada. Abraíonn an sagart pobail as Cloch na Rón an tAifreann i nGaeilge - cé nach Gaeilgeoir fíor-líofa é.

Cé nach bhfuil ach sagart amháin sa bpobal, tá chúig ionad Aifrinn i bpobal Chloch na Rón agus bíonn rogha ag daoine a dhul anonn agus anall.

Ach tá an daonra íslithe go mór i gceantar Shraith Salach agus i mBun na gCnoc in imeacht na mblianta agus tá a lorg sin ar thinreamh an Aifreann - sin chomh maith leis an lagachan atá ar an dílseacht do shearmanais eaglasta ar fud na tíre uilig.

Seanscoil Dhoire Bhó Riada

Tá lorg na n-athruithe agus na n-imeachtaí sin uilig ar an Aifreann i seanscoil Dhoire Bhó Riada san áit a bhfuil sé anchiúin anois i gcomórtas leis an teannas a bhí ann ceathrú céid agus tuilleadh ó shin. Bhíodh slua maith ann an uair sin agus aird mheáin na tíre scaití ar an ionad Aifrinn faoi bhun na gcnoc.

Cill Chainnigh "an Chathair is Fearr in Éirinn"

Scott de Buitléir

IS í Cill Chainnigh an chathair is fearr in Éirinn, dar leis an gcomhlacht tionsclaíochta is mó sa tír, Retail Excellance Ireland (REI).

Fógraíodh an toradh le déanaí i ndiaidh don eagras suirbhé fada a dhéanamh timpeall na tíre a raibh 16,000 duine páirteach ann, an suirbhé is mó dá leithéid. Fógraíodh gurb é Cathair na Mart an baile is fearr in Éirinn.

D'éirigh le tithe tábhairne agus bialanna Chill Chainnigh ard-mholadh a bhaint amach óna gcuid custaiméirí, agus an pobal 12% níos sásta leo ná an meán. Léiríodh go raibh an chathair 8% níos fearr ná aon chathair eile maidir le híomhá agus cur i láthair na cathrach. Níor éalaigh an chathair stairiúil ó cháineadh, áfach, agus an pobal den tuairim go raibh Cill Chainnigh 13% níos measa ná cathracha eile maidir le praghsanna páirceála.

"Moladh iontach atá ann dúinn anseo i gCill Chainnigh," arsa Donie Butler, uachtarán Chomhlachas Tráchtála Chill Cheannaigh, "ní amháin do lucht miondíola na cathrach, ach do ghnó uilig an cheantair agus don phobal."

"Thar thréimhse dhá bhliain anuas," a deir Butler, "rinne an Comhlachas iarracht naisc a chruthú le comhlachtaí fud fad na cathrach le hoibriú lena chéile ar son na cathrach. Is fianaise é toradh an tsuirbhé seo go bhfuil ár bplean ag obair i gceart chun Cill Chainnigh a chur chun cinn."

Chuir David Fitzsimons, príomhfheidhmeannach REI fáilte roimh thorthaí an tsuirbhé le déanaí, ag gabháil buíochas leis an 16,000 duine a ghlac páirt ann. "Taispeánann sé seo dúinn," arsa Fitzsimons, "go bhfuil rud éigin ag tosú do bhailte agus do chathracha na tíre, agus go bhfuil bród orainn as ár mbailte féin."

I ndiaidh an tsuirbhé seo, cruthóidh an REI 'Feidhmiúchán Náisiúnta um Athbheochan Baile agus Cathrach,' ina a mbeidh baill ann ó NAMA, Fáilte Ireland, Chambers Ireland, na Gardaí Síochána agus bainisteoirí bailte, cathracha agus contaetha. Is éard a bheidh i gceist leis an bhFeidhmiúchán nua seo ná bainistíocht baile a neartú ar fud na tíre.

Folúntais

Folúntais

Foras na Gaeilge

Is mian le Foras na Gaeilge, an comhlacht forfheidhmithe atá freagrach as an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud oileán na hÉireann, na ceapacháin a leanas a dhéanamh. Beidh na poist lonnaithe in oifigí éagsúla An Fhorais.

Eagarthóir Cúnta (Gaoth Dobhair) Tagairt: EAGC/1012/

Ardoifigeach Feidhmiúcháin (Ráth Chairn) Tagairt: AOF/1012/
Le saoire mháithreachais a chlúdach

Oifigeach Seirbhísí (Ceannáras) Tagairt: OS/1012/

Brúigh Folúntais ar shuíomh gréasáin Fhoras na Gaeilge www.gaeilge.ie
le gach eolas faoi na poist seo a fháil.

FOIRM IARRATAIS & DEASCÁN EOLAIS
T: (003531) (01) 639 8434 R: poist@forasnagaeilge.ie
Nó is féidir scríobh chuig an seoladh thíosluaite agus an uimhir thagartha chuí a lua.

SPRIOCDHÁTA: Ní mór cóip chrua shínithe d'fhoirmeacha iarratais a bheith faighte ag an seoladh thíosluaite roimh 1.00 p.m. Dé hAoine, 9 Samhain, 2012.

Poist, Foras na Gaeilge, 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Tá Foras na Gaeilge tiomanta don chomhionannas deise agus cuirimid fáilte roimh iarratas ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu gan bheann ar chreideamh, ar inscne, ar mhíchumas, ar chine, ar dhearcadh polaitíochta, ar aois, ar stádas pósta, ar chlaonadh gnéis nó cé acu atá nó nach bhfuil cleithiúnaithe acu. De réir fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas.

Proficiency in the Irish language, both written and oral, is an essential requirement for the above posts.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 17 Deireadh Fómhair, 2012

An gceisteofar Dolours Price?

D'ainneoin go bhfuil sé admhaithe ag Dolours Price go raibh páirt aici i ndúnmharú, níor cheistigh na Gardaí í go fóill

Anton Mac Cába

TÁ na Gardaí ag diúltú a rá an bhfuil siad le Dolours Price a cheistiú faoi dhúnmharú Jean McConville i gCo Lú i mí na Nollag 1972.

Dúirt urlabhraí nach bpléann siad "daoine atá ainmnithe."

Dhearbhaigh an t-urlabhraí nár gabhadh duine ar bith faoin dúnmharú go fóill. Dúradh, leis, go bhfuil fiosrúchán ar siúl.

I mí Feabhra 2010 an céad uair gur foilsíodh líomhaintí ó Price go raibh lámh aici i bhfuadach agus i ndúnmharú McConville in 1972.

In agallamh ar an Sunday Telegraph an mhí seo caite, chuir Price síos ar an dóigh ar thóg sí McConville ó Béal Feirste i gcarr go Co Lú, áit ar tharla an dúnmharú. Chuir sí síos ar an eachtra in agallamh ar nuacht teilifíse CBS i Meiriceá.

Dúirt Michael Gillespie, dlíodóir cosanta coirpeach, go raibh iontas air nár ceistíodh Price. "Dá mba cliaint liomsa a labhródh mar sin, bheinn ag súil go ngabhfaí iad chun iad a cheistiú," ar seisean.

Fuair póilíní an Tuaiscirt ordú cúirte le theacht ar thaifid d'agallaimh a thug Price do bheirt iriseoirí, Anthony McIntyre agus Ed Moloney, mar chuid d'fhiontair staire béil. Tá an bheirt ag troid in éadán an orduithe sin, ar an mbonn go sáraíonn sé iontaofacht iriseora.

Jean McConville. Chuir an tIRA í chun báis í in 1972. In agallamh ar an Sunday Telegraph an mhí seo caite, chuir Dolours Price síos ar an dóigh ar thóg sí McConville ó Béal Feirste i gcarr go Co Lú, áit ar tharla an dúnmharú.

Is olc an Ghaoth nach séideann go maith do mhianadóir salainn

Mianach salainn Charraig Fhearghusa, Co. Aontroma.

Anton Mac Cába

IS léir gur olc an ghaoth (nó, sa chás seo, an sioc) nach séideann maith do dhuine éigean.

Bhí méadú beagnach 40% ar an mbrabach a rinne an comhlacht ar leo an t-aon mianach salainn in Éirinn, sa bhliain ón 30 Samhain 2010 go dtí 30 Samhain 2011. De réir na gcúntas is déanaí ón Irish Salt Mining and Exploration Company, rinne an comlacht brabach £7,254,859 (€8,996,820.81) sa bhliain áirithe sin. B'shin méadú ón £5,304,275 (€6,577,497.62) a rinneadh sa bhliain roimhe sin. Bhí méadú beagnach 50% ar láimhdeachas an chomhlachta, go dtí £29,599,123 (€36,704,009.72), malairt £21,577,201 (€26,747,269.36) na bliana roimhe.

Is leis an Irish Salt Mining and Exploration Company an mianach salainn ata ag Cill Ruaidh, lámh le Carraig Fhearghais i gCo Aontrama. Tá sé mar bhuntáiste ag an gcomhlacht, leis, nach bhfuil ach dhá mianach salainn eile in iomlán na Ríochta Aontaithe.

Clúdaíonn na cuntais mí na Nollag 2010, an Nollaig ab fhuaire dár taifeadadh riamh air sa tír seo, dar le Met Éireann agus druideadh bóithre móra in áiteanna da bharr. Bhí an geimhreadh roimhe sin ar an ngeimhreadh ab fhuaire le 50 bliain.

Ar ndóigh, ní amháin go raibh méadú ar bhrabach an chomhlachta sa bhliain atá i gceist, tháinig méadú freisin ar an líon oibrithe sa mhianach, ó 54 go 60.

30,000 Coiscín le dáileadh amach an tseachtain seo

TÁ 30,000 coiscín comh maith le bileoga eolais á dtabhairt amach mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na gCoiscíní 2012, atá á reáchtáil ag Comhaontas SEIF Bhaile Átha Cliath agus Durex.

Léiríonn staitisticí ó shuirbhé de chuid Durex nach n-úsáideann 12% d'fhir coiscíní go fóill agus iad i mbun gnéis le duine nach é/í a ghnáthpháirtí atá ann. Dúirt Susan Donlon ó Chomhaontas SEIF, go gcuireann siad fáilte roimh fheachtas ar bith a spreagann daoine a bheith níos sábháilte maidir le cúrsaí gnéis.

Bóthar Mhúscraí dúnta

Concubhar Ó Liatháin

BEIDH an príomhbhóthar go Gaeltacht Mhúscraí dúnta ar feadh tréimhse trí seachtainí ag tús na míosa seo chugainn chun athdhromchlú a dhéanamh air.

Tá obair ar bun ar an N22 le roinnt seachtainí anois agus tá córas stop/tiomáin á úsáid ar an bpríomhbhóthar agus, lena chois sin, tá trácht á chur ar mhalairt treo ó Mhaigh Chromtha go Baile Mhúirne [Baile Bhuirne] via Cluain Droichead.

Ag an am céanna, tá píblíne nua gáis á chur faoin mbóthar ar an taobh thoir de Mhaigh Chromtha, rud atá ag cur leis an mbrú tráchta i mbaile a bhíonn plúchta go minic ar aon nós.

Beidh an N22 dúnta idir 30 Deireadh Fómhair agus 23 Samhain.

Gearán faoi Mhòd Gallda

Anton Mac Cába

TÁ cuid de Ghaeil na hAlban ag gearán mar nach bhfuil ach leathanach amháin Gaeilge ar shuíomh An Mòd i mbliana.

Is é An Mòd an tOireachtas a bhíonn ag Gaeil na hAlban.

Tá sé ar siúl faoi láthair i nDùn Omhain ar leathinis Còmhghall ag béal an Chluaidh.

Ainneoin go bhfuil an leathinis i bhfoisceacht 30 míle de Ghlaschú ar bhád, fuair an cainteoir deireannach Gaeilge ansin bás sna 1990idí.

Dúirt urlabhraí thar cheann An Mòid gur coiste áitiúil a bhí i mbun an tsuímh.

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**

'Gaeilge-phobia' sa Dáil

THUAIRISCIGH an colún seo go minic faoin méid Gaeilge a labhraíonn Gerry Adams agus Enda Kenny sa Dáil le linn Ceisteanna na gCeannairí.

Is é Adams a chur tús leis an nós nua radacach seo nuair a toghadh é anuraidh.

Ní labhraíonn sé Gaeilge an t-am ar fad, ach is beag lá nach mbíonn Gaeilge le cloisteáil uaidh.

Níl gach duine sásta faoi seo, áfach. Chuala mé iriseoir raidió mé fhéin ag gearán faoi lá amháin toisc nach bhféadfaidís na míreanna Gaeilge a úsáid i dtuairiscí a bhí le craoladh, amhail is nach mbíonn go leor ráite as Béarla sa Dáil le tuairisc 30 soicind a dhéanamh.

Níl údar gearáin ar bith ag na hiriseoirí clóite a bhíonn ag freastal ar an Dáil, áfach. Tá cluaisíní ar fáil dóibh ar fad, mar atá ag na Teachtaí Dála. Ach ní chaitheann formhór na n-iriseoirí na cluaisíní. B'fhéidir go dtuigeann siad ceard atá á rá as Gaeilge nó b'fhéidir go bhfuil náire orthu a léiriú go poiblí nach dtuigeann siad an teanga.

Ar ndóigh, má admhaíonn siad go bhfuil fuath acu don Ghaeilge, ní acusan atá an fhadhb, is ar an teanga agus na daoine a labhraíonn í atá an locht don naimhdeas seo.

Seans go gceapann siad nach féidir fiúntas ar bith a bheith le rud a deirtear i nGaeilge, nó gur ísliú céime de shaghas éigin a bheadh ann éisteacht le duine ag labhairt sa teanga aisteach seo le cluaisíní.

Tá sé ina raic idir Adams agus tuairisceoir an Irish Times, Miriam Lord, faoin gceist seo. Dar léi, níl Adams ag labhairt sa Dáil, tá sé ag "cleachtadh" a chuid Gaeilge ann. Is féidir leis é sin a dhéanamh i gConradh na Gaeilge, dar léi. Rinneadh comparáid idir Gaeilge a labhairt sa Dáil agus an cláirnéid a sheinm ann. Ní hé go rabhthas a rá go raibh tuin na Gaeilge cosúil le ceol binn, áfach. Dóibh siúd gan Ghaeilge is ionann an dá rud is cosúil - ní ciall go Béarla (mar a tharlaíonn sé, is faoi chúrsaí sláinte a bhí Adams agus Kenny ag caint).

Táthar ann a mhaíonn go bhfuil dearcadh fuarchúiseach ag muintir na hÉireann i leith na Gaeilge, go bhfuil cinneadh stuama tógtha acu nach bhfuil maitheas eacnamaíochta ag baint léi agus gurbh é sin an fáth gur tugadh bata agus bóthair di.

Léiríonn an 'Gaeilge-phobia' seo sa Dáil go bhfuil an scéal i bhfad níos casta ná sin. Tá daoine in Éirinn agus tá fadhb ar leith acu leis an teanga, beag beann ar chúrsaí eacnamaíochta.

An bundearcadh atá ann ná go bhfuil an Ghaeilge lochtach ar bhealach éigin, nó gur rud olc í, fiú. An dara céim sa phróiseas ná fianaise a lorg chun é seo a chruthú. Ó thaobh na ndaoine a labhraíonn an teanga, dúradh fadó gur '*savages*' agus '*barbarians*' a bhí iontu. Sa lá atá inniu ann deirtear gur '*extremists*', '*terrorists*', '*peasants*', '*elitists*', srl. muid.

Ar ndóigh is cuma má bhíonn ráitis ag teacht salach ar a chéile (is bochtáin agus daoine saibhre muid, de réir dealraimh), an príomhrud ná go gcaithfear cur in éadan na teanga i ngach comhthéacs, dar leis na daoine sin.

Mura bhfuiltear ag rá nach labhraíonn éinne í, bítear ag gearán faoi na daoine a labhraíonn í, go bhfuil siad ag déanamh a mhór astu féin, go bhfuil siad ag iarraidh scoilt a chothú le daoine gan Gaeilge, nó sa chás seo, go bhfuil siad ag "cleachtadh" Gaeilge seachas ag labhairt na fíortheanga - Béarla.

Prionsabail eile ná nach féidir cúis mhaith a bheith ag duine chun Gaeilge a labhairt - caithfidh go bhfuil uisce faoi thalamh ar siúl, go bhfuil siad ag lorg deontais nó poist sa státchóras.

Ní féidir cúis mhaith a bheith ag daoine atá ag iarraidh go mbeadh Gaeilge ag a bpáistí ach an oiread - caithfidh go bhfuil scothroghnachas nó ciníochas mar bhonn leis na Gaelscoileanna, mar shampla.

Tá na Gaeilge-phobes go tréan in éadan Gaeilge éigeantach don Ardteist; leatrom uafásach atá ann atá á bhrú orthu ag faisistí cultúrtha.

Tá siad chomh láidir céanna ar son Béarla éigeantach do chách ó bhreith go bás, áfach, ach cur amú airgid atá ann seirbhís ar bith ar chur ar fáil do na 'Gaelgores'. Ar ndóigh, má admhaíonn siad go bhfuil fuath acu don Ghaeilge, ní acusan atá an fhadhb, is ar an teanga agus na daoine a labhraíonn í atá an locht don naimhdeas seo.

Maidir leis na cúiseanna don naimhdeas seo, bhuel, nuair a dúirt Freud nach raibh aon mhaitheas sa síocanailís do mhuintir na hÉireann, ní dóigh liom go raibh sé ag rá go raibh sláinte mheabhrach na tíre chomh iontach sin nach raibh cabhair ar bith uainn.

Is maith an rud é gur labhair Adams amach faoin gceist seo; ní mór cur in éadan iarrachtaí an méid Gaeilge a labhraítear sa Dáil nó áit ar bith eile a laghdú.

Níl gach duine sna meáin Bhéarla sásta go labhraíonn Gerry Adams Gaeilge sa Dáil. GRIANGHRAF: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND.

Drámaí

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 17 Deireadh Fómhair, 2012

Tír Naofa, Tír gan Síocháin

Labhair **Colm Ó Broin** le **Paddy Monaghan**, Cathaoirleach Irish Christian Friends of Israel faoin gcoimhlint idir Iosrael agus na Palaistínigh. Eagraíocht Síónach Chríostaí is ea ICFI, a chreideann gur gheall Dia tír Iosrael do Ghiúdaigh go deo.

C: Cén tuairim atá agat ar an aighneas idir Iosrael agus na Palaistínigh?

P: Ceapaim go mbeidh síocháin leis na Palaistínigh sa Mheánoirthear má ghlacann na Palaistínigh leis an gceart atá ag Iosrael a bheith ann, ach níl glactha ag na tíortha sa cheantar máguaird, den chuid is mó, leis an gceart atá ag Iosrael a bheith ann. Má théann tú ar ais sa stair go dtí 1947, thairg na Náisiúin Aontaithe réiteacht dhá-stát do na hArabaigh agus na Palaistínigh.

Ghlac na hIosraelaigh leis ach níor ghlac na hArabaigh leis. Nuair a fógraíodh Iosrael mar náisiún in 1948 rinne na cúig thír Arabacha timpeall uirthi ionradh chun deireadh a chur leis na Giúdaigh.

Theastaigh uathu Iosrael a ghlanadh ón léarscáil siar in 1948 . Sin an rud a chur tús le ceist na dteifeach Palaistíneach. Tá go leor leabhar ar an taifead, ina measc, dírbheathaisnéis Aire Gnóthaí Eachtracha na Siria, a dúirt gur mhol na tíortha sin do na Palaistínigh Iosrael a fhágáil ionas go bhféadfaidís bratbhuamáil a dhéanamh ar áiteanna Giúdacha. Gealladh do na Palaistínigh go bhféadfaidís a gcuid talamh a fháil ar ais, agus talamh a gcomharsan. Anois bhí roinnt Iosraelach nach raibh gan smál, nílim soineanta faoi sin, ach sin an fhírinne a ndéantar dearmad uirthi go minic.

C: I gcás an PLO, tá sé ráite acu go n-aithníonn siad go bhfuil an ceart ag Iosrael a bheith ann, agus gurbh é an rud atá uathu ná stat sa Bhruach Thiar agus Gaza ach nach bhfuil Iosrael sásta glacadh le sin.

P: Ní hé gur inis siad bréaga uair nó dó, tá sé déanta acu go mion minic. Deir Dlí Sharia gur féidir leat bréaga a insint a fhad is a chuireann sé Ioslam chun cinn, deir sé i dtrí áit ar leith gur féidir leat bréaga a insint ar mhaithe le hIoslam.

Ní chreidim iad.

Má fheiceann tú ar Chomhaontú Osló, rinne Arafat idirbheartaíocht ar Chomhaontú Osló, ach níor chur sé i bhfeidhm é. An aidhm a bhí aige ná bogadh ar ais ón Libia go dtí an Bruach Thiar lena chuid tacadóirí.

An raibh síocháin le hIosrael uaidh?

Ghlac an ICFI páirt in agóid dar teideal 'Love Israel' anuraidh.

Ní raibh ná baol air. Rinneadh taifead rúnda air agus é ag labhairt i Mosc san Afraic Theas trí mhí tar éis Chomhaontú Osló agus dúirt sé, "ná bí buartha faoin gconradh síochána seo, is ionann é agus traen ag stopadh ag stad. Bainfidh muid amach an sprioc atá againn, chun deireadh a chur le hIosrael. Ardán a bheas anseo chun é sin a dhéanamh". Ní raibh síocháin uaidh, agus tá sé sin ar an taifead.

C: Dúirt daoine in Éirinn nach bhféadfaí idirbheartaíocht a dhéanamh le Sinn Féin agus an IRA toisc go raibh siad ag iarraidh Éire Aontaithe, ach sa deireadh ghlac siad le níos lú ná sin. Nach amhlaidh a bheadh sé leis an PLO agus Hamas?

P: Níl hionann an cás, toisc nach raibh an IRA ag iarraidh Sasana a scrios. D'aithin siad go mbeadh Sasana ann go deo agus go mbeadh orthu idirbheartaíocht a dhéanamh leo.

C: Ach bhí siad ag iarraidh deireadh a chur le 'Tuaisceart Éireann'.

P: Ach bhí smacht ag Sasana air. Níl an PLO ag iarraidh Iosrael a chur amach as an mBruach Thiar, tá siad ag iarraidh Iosrael a scrios. Conas gur féidir leat idirbheartaíocht a dhéanamh le duine atá ag iarraidh tú a scrios?

Níl siad sásta Iosrael a aithint mar Stát Giúdach. Deir siad rud amháin leis an Iarthar agus rud eile lena muintir féin. Fiú sna leabhair staire sna scoileanna Palaistíneacha níl tagairt ar bith iontu d'Iosrael.

C: Cén fáth ar cheart dóibh géilleadh ar an ábhar sin ceal socrú iomlán síochána? Nach bhféadfaidís a rá go bhfuil an sprioc seo acu seilbh a ghlacadh ar an bPalaistín ar fad ach go nglacfaidh siad le stát sa Bhruach Thiar agus Gaza i ndeireadh na dála?

P: Ach níl bunús leis sin. Ní raibh Giúdach ar bith sa Bhruach Thiar in 1967, bhí smacht ag an Iordáin air. Ach sin an bhliain a bunaíodh an PLO agus é mar aidhm acu Iosrael a scrios.

Bhí rud acu a bheadh siad sásta leis anois, dar leo, ach bhunaigh siad an PLO ag an am sin chun Iosrael a scrios. An fhadhb ná nach nglacann na tíortha máguaird leis an gceart go mbeadh stát Giúdach ann.

C: In 2002, thairg Léig na nArabach aitheantas iomlán d'Iosrael dá mbeadh stát Palaistíneach sa Bhruach Thiar agus Gaza, ach dhiúltaigh Iosrael don tairiscint sin. Nach léiríonn sé sin go bhfuil Iosrael ag cur bac ar shocrú síochána?

P: Ní aontaím le sin. Níor chruthaigh na páirtnéirí Arabacha gur féidir leo idirbheartaíocht síochána a dhéanamh. Féach ar Ghaza amháin. Tharraing Iosrael as Gaza ar mhaithe le síocháin agus cad a fuair siad? 15,000 diúracán agus tá 1.5 milliún Iosraelach faoi bhagairt acu.

C: Ach i dtaobh thairiscint Léig na nArabach, cén fáth nár ghlac Iosrael leis?

P: Cén fáth a ghlacfá le tairiscint nuair atá an dá eagraíocht áitiúil, an tÚdarás Palaistíneach agus Hamas, ag iarraidh tú a scrios? Má thugann tú do chuid sliseanna idirbheartaíochta dóibh d'fhéadfaí Iosrael ar fad a scrios.

C: An nglacann tú leis go bhfuil an ceart ag Palaistínigh stát a bheith acu sa Bhruach Thiar agus Gaza?

P: Má tá sé dáiríre, caithfidh siad stop a chur leis na diúracáin, caithfidh siad a bheith dáiríre, agus tá roinnt gluaiseachta ina threo sin sa Bhruach Thiar. Ach tá an gríosadh chun fuatha agus an frith-Ghiúdachas ar theilifís na Palaistíne uafásach.

Scigléiriú ar Ghiúdaigh, tá sé níos measa ná an stuif a bhí ann roimh Chogadh 1939.

Conas ar féidir meas a bheith ann nuair atá frith-Ghiúdachas go forleathan. An tamhras atá ar dhaoine ná go bhfuil siad ag iarraidh an méid is mó agus is féidir leo a fháil anois ionas gur féidir leo Iosrael a scrios níos déanaí.

C: An bundearcadh atá ag na Palaistínigh ná gurb iadsan bundúchasaigh an cheantar agus go bhfuil siad á mbrú amach as an áit ag daoine a tháinig ó áiteanna eile ar fud domhain.

P: Ní dóigh liom go bhfuil bunús le sin ach an oiread. Níorbh as an bPalaistín d' Arafat, b'as an Éigipt dó. Bhí tromlach Giúdach in Iarúsailéim san 19ú hAois. Nuair a thosaigh Giúdaigh ag filleadh ar Thír Iosrael chothaigh siad saibhreas ann agus bhog go leor Arabach ó thíortha éagsúla ann chun fostaíocht a fháil ann.

C: Ní ghlacadh na Palaistínigh leis an méid sin, deir siad go bhfuil siad féin ina gcónaí san áit leis na mílte bliain.

P: Ní dóigh liom go bhfuil aon bhunús leis sin. Tá staidéar déanta ag staraithe a deir a mhalairt, staraithe atá inchreidte. Ceapaim go n-insíonn Palaistínigh bréaga go minic agus níl taighde ceart déanta air.

Ní thaitníonn sé leo breathnú ar chúis na géarchéime sa Phalaistín, is é sin gur thosaigh na tíortha máguaird cogadh ach nach raibh siad sásta glacadh le torthaí an chogaidh.

C: Cén dearcadh atá agat ar lonnaíochtaí Iosraelacha sa Bhruach Thiar?

P: Bainfear roinnt acu agus beidh cinn eile mar chuid d'Iosrael go buan tar éis conradh síochána.

C: An dóigh leat go bhfuil siad mídhleathach?

P: Níl siad mídhleathach im' thuairim-se. Tá roinnt acu atá mídhleathach, tá sé sin fíor, ach an chuid is mó acu ceannaíodh an talamh ó Phalaistínigh, nó talamh neamhchláraithe a bhí ann. Ach níl sé mídhleathach.

C: Deir na Palaistínigh go bhfuil siad ag fulaingt de bharr próiseas coilínithe a bhfuil sé d'aidhm aige seilbh iomlán a fháil ar an mBruach Thiar agus go bhfuil na lonnaíochta mar chuid den phlean.

P: Glacann Iosrael leis go mbeidh réiteach dhá-stát ann, sin an seasamh atá ag rialtas Iosrael. Thairg iarPhríomh-Aire Iosrael 95% den Bhruach Thiar dóibh ach dhiúltaigh Arafat é agus in ionad sin thosaigh sé an Intifada.

C: Deir Palaistínigh go bhfuil foinsí uisce sa Bhruach Thiar á dtógáil ag Iosrael le haghaidh lonnaíochtaí agus don tír féin. Ní fhéadfaí a rá go bhfuil bonn cirt slándála faoi sin?

P: Ní ghlacaim leis an argóint sin. Tá taobh eile den argóint sin ann atá, b'fhéidir, róchasta le plé anois. Bhuail mé le duine ón údarás uisce [san Iosrael] a bhí i mBaile Átha Cliath agus a bhí ag iarraidh bualadh le hAmnesty agus roinnt eile ach ní bhualfadh Amnesty leo.

Ní bhíonn daoine sásta éisteacht leis an dá thaobh. Níl na rudaí seo simplí riamh agus tá sé tábhacht an taobh eile a chloisteáil agus go minic ní chloistear é.

C: Ceard é an taobh eile de cheist an uisce?

P: An taobh eile ná gur thairg Iosrael cabhair don Údarás Palaistíneach le huasdátú a dhéanamh ar oibreacha uisce, áit a bhfuil comhfhoinsí ann, go bhfuil meas acu ar sin.

C: Mura bhfuil an chosúlacht ann sa mheántéarma go mbeidh socrú síochána ann, an bhfágann sé sin go mbeidh dhá phobal sa Bhruach Thiar á rialú faoi dhlíthe éagsúla agus go mbeidh cearta difriúla acu.

Mar shampla, is féidir leis na lonnaitheoirí vótáil i dtoghcháin ach ní féidir le Palaistínigh. Nach bhfuil cosúlachtaí idir sin agus cinedheighilt?

P: Is féidir le saoránaigh Phalaistíneacha in Iosrael vótáil, agus is féidir le Palaistínigh ar an mBruach Thiar vótáil don PLO nó Hamas.

Má tá an tÚdarás Palaistíneach dáiríre faoi shíocháin, beidh toghcháin ann go luath agus braitheann sé ar cé a bhuann iad.

Ní bheidh síocháin ann go dtí go nglacann na tíortha máguaird, atá ag maoiniú Hamas agus ag maoiniú na sceimhlitheoireachta, go bhfuil an ceart ag Iosrael a bheith ann.

Ba bhreá liom go gcuirfeadh Éire agus an AE brú ar an Iaráin faoi cheist an chinedhíothaithe.

De réir na Náisiún Aontaithe, is coir chogaidh é cinedhíothú a bhagairt.

Cén fáth nach bhfuil Feachtas Dlúthpháirtíochta Palaistíneach na hÉireann ag feachtasaíocht chun Ahmadinejad (Uachtarán na hIaráine) a thabhairt os comhar na NA faoin gcoir bhagartha cinedhíothaithe seo, rud a bhfuil sé iomlán oscailte faoi?

Ach níl faic déanta acu. Cén fáth nach bhfuil an FDPÉ ag feachtasaíocht ar son an 20,000 Palaistíneach a dúnmharaíodh sa tSiria? Tá drochíde uafasach ar bun sna tíortha máguaird ach níl faic le rá ag an FDPÉ faoi sin.

C: Céard iad na cáintí a dhéanann daoine faoi Iosrael nach bhfuil frith-Ghiúdach, dar leatsa?

P: Nuair a bhíonn iarracht ar bun dídhlisteanú (delegitimization) a dhéanamh ar stát Iosrael.

C: Ceard is brí leis sin?

P: Nach bhfuil cead ag Iosrael a bheith ann; nach féidir le hIosrael a bheith mar náisiún Giúdach.

Ba cheart go mbeadh an cead ag Iosrael a rá gur náisiún Giúdach atá ann, díreach mar atá sé ráite ag 50 tír gur náisiúin Ioslamacha iad le Dlí Sharia Ioslamach.

C: An bhfuil sé frith-Ghiúdach cáineadh a dhéanamh ar pholasaithe Iosrael sa Bhruach Thiar?

P: Níl siad thar cháineadh (*above criticism*), cinnte. Ach ceapaim go gcaithfear tuiscint a bheith ann, mar shampla, nuair a úsáidtear feithiclí de chuid Chrois Dhearg na Palaistíne chun armlón a bhogadh.

Caithfear roinnt den taobh eile a chloisteáil chomh maith agus ní hiad na gnáthchlíseanna a chuirtear amach.

C: Inis dom faoin tuairim reiligiúnach atá agat faoi Iosrael.

P: Deir sé in 120 áit ar leith sna scrioptúir go dtógfaidh Dia na Giúdaigh ar ais go hIosrael.

Ní chreidim gur cinneadh de chuid an NA amháin atá in Iosrael.

Taobh thiar de tá Dia na staire a thug geallúint do na Giúdaigh. Dúirt Dia le hAbrahám go raibh sé ag tabhairt Tír Iosrael do na Giúdaigh go deo na ndeor.

Creidim é sin.

Ní chiallaíonn sé sin gur féidir leo a bheith ag caitheamh go dona lena gcomharsana nó daoine a chiceáil amach óna dtalamh - gearrfaidh Dia pionós orthu faoi sin. Ach creidim go bhfuil Dia ag tabhairt na nGiúdach ar ais go hIosrael agus tacaím leis sin go hiomlán.

C: Cén sainmhíniú atá agat ar 'Thír Iosrael'?

P: Ní fúmsa atá sé sainmhíniú a thabhairt ar 'Thír Iosrael'. Deir roinnt daoine gur Iosrael ar fad agus an Bruach Thiar atá ann, ach níl a fhios agam. Go cinnte tá Iosrael ina tír inti féin.

C: Tá sainmhínithe éagsúla sa Bhíobla ar 'Thír Iosrael'. Bheadh an Liobáin san áireamh i gceann amháin acu agus bheadh gach rud ó Chaireo go dtí an Iaráic san áireamh i gceann eile. An gciallaíonn sé sin go bhfuil ceart reiligiúnda ag Giúdaigh smacht a bheith acu ar an talamh sin ar fad?

P: Ceist mhaith í sin - ní chiallaíonn. Ach tá Dia á dtabhairt ar ais go Tír Iosrael go cinnte. Ceard atá i gceist leis an tír sin? Níl a fhios agam Níl gach rud ar eolas agam.

C: Tá an chuma ar an mBíobla go bhfuil Dia ag rá go bhfuil an ceart acu don talamh seo ar fad. Tá sainmhíniú eile, fiú, a cuirfeadh codanna den Tuirc san áireamh. Má tá creideamh reiligiúnach agat gur thug Dia Tír Iosrael do na Giúdaigh, nach dtugann sé sin an ceart dóibh smacht a bheith acu ar na críocha sin?

P: Ní dóigh liom go raibh Gaza mar chuid den chuid sin sna scrioptúir ach ceapaim go raibh an Bruach Thiar. Ach tá meas agam ar an bpróiseas idirbheartaíochta. Níl fhios agam go hiomlán cén chuma a bheidh air sin, ach tá a fhios agam go cinnte go bhfuil Iosrael, fiú gan an Bruach Thiar, sa tír a gheall Dia dóibh agus seasaim leis sin 100%.

C: Cén chaoi a mhíneofaí na sainmhínithe éagsúla sa Bhíobla ar 'Thír Iosrael' do dhuine nach bhfuil cúlra nó creideamh Críostaí acu. Má chreideann tú sa Bhíobla tá an cuma ar go bhfuil Dia ag rá rudaí éagsúla ag amanna éagsúla.

P: Le duine neamh-Chríostaí, ní labhróinn faoi sin.

Labhróinn faoin inspreagadh atá agam, ach go bhfuil meas agam ar an tuairim atá ag daoine eile, cibé rud atá ann, an ceart atá acu a bheith ina n-aindiachaí nó ina Moslamaigh nó cibé rud.

Níl mé ag iarraidh mo thuairimí a bhrú. Má tá siad ag lorg m'inspreagadh a thuiscint - creidim gurbh é Dia an Bhíobla Dia na Críostaíochta; nach bhfuil ach aon Dia amháin ann, agus go bhfuil geallúintí tugtha aige agus go gcuirfear iad sin i gcrích.

Conas a tharlóidh sé sin? Nílim cinnte, ach tá meas agam ar na tuairimí atá ag daoine eile. Ach is Críostaí mé agus seasaim leis an rud a deir an scrioptúir.

C: Scríobhadh na scrioptúir ar a laghad 2,000 bliain ó shin. An bhfuil aon seans gur athraigh Dia a intinn ó shin i leith?

P: Scéal Dé atá sna scrioptúir, agus is faoi Íosa é. Giúdach ab ea Íosa. Bhí plean ag Dia, roghnaigh sé pobal chun slánú an domhain a nochtadh. Phioc sé Abrahám agus rinne sé geallúintí dó gur beannú ar an domhan a bheadh sna Giúdaigh.

Feicim é sin ag tarlú san eolaíocht agus i mbealaí eile, ach an príomhbhealach a fheicim é ná trí Íosa, a bhí mar shíol de chuid Abrahám.

Mar Chríostaí, tá mo shaol athraithe ag Íosa agus tá aithne curtha agam air. Tá a fhios agam go bhfuil na scrioptúir Giúdach agus gur scríobh ar a laghad 40 Giúdach iad. Nuair a tháinig mo chreideamh chun beatha tháinig na scrioptúir chun beatha.

Labhraíonn Dia liom tríd na scrioptúir, agus tá sé ar fad faoi Íosa. Ba mhaith liom go gcuirfeadh gach duine aithne ar Íosa.

Cur síos ón mBíobla ar theorainneacha Iosrael

GEINEAS 18-21
Rinne an Tiarna Conradh le hAbrám an lá sin á rá: "Tabharfaidh mé do do shliocht an dúiche seo ó Abhainn na hÉigipte go dtí an Abhainn Mhór, an Eofrataes, mar a gcónaíonn na Céinigh agus na Cinizigh agus na Cadmónaigh agus na Hitigh, agus na Pirizigh, agus na Rafáím, na hAmóraigh agus na Canánaigh, agus na Giorgáisigh agus na Iabúsaigh."

EAXADUS 31-33
Is iad na teorainneacha a leagfaidh mé síos duit: ó Mhuir na nGiolach go Muir na bhFilistíneach, agus ón bhfásach go dtí an Abhainn; cuirfidh mé lucht áitrithe na tíre faoi bhur láimh agus tiomáinfidh sibh romhaibh amach iad. Ná déan conradh ar bith leo, ná lena ndéithe.

Roinnt de na diúracáin a thit ar bhaile Sderot i ndeisceart Iosrael le blianta beaga anuas.

Fógra Poiblí

FÓGRA POIBLÍ

IARRATAS (AGUS RÁITEAS TIONCHAIR TIMPEALLACHTA AG GABHÁIL LEIS) AR CHEADÚNAS DOBHARSHAOTHRAITHE FAOIN ACHT IASCAIGH (LEASÚ), 1997 (UIMH. 23)

IARRATAS (AGUS RÁITEAS TIONCHAIR TIMPEALLACHTA AG GABHÁIL LEIS) AR CHEADÚNAS URTHRÁ FAOIN ACHT IMEALL TRÁGHA, 1933 (UIMH. 12)

TUGTAR FÓGRA LEIS SEO go bhfuil iarratas déanta ag an mBord Iascaigh Mhara (B.I.M.), Bosca PO 12, Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath, chuig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara ar Cheadúnas Dobharshaothraithe chun Bradáin (Salmo salar) a shaothrú, agus cliabháin eangaí chiorclacha á n-úsáid, ar an urthrá ag Inis Oírr, Cuan na Gaillimhe, Contae na Gaillimhe.

TUGTAR FÓGRA CHOMH MAITH go bhfuil iarratas déanta ag an iarratasóir céanna chuig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara ar Cheadúnas Urthrá chun struchtúir a shuiteáil ar an achar urthrá a mbainfear úsáid as le haghaidh na ngníomhaíochtaí dobharshaothraithe thuasluaite. Tá freagracht ar an Aire cinneadh a dhéanamh ar an iarratas urthrá agus is féidir leis an t-iarratas a dheonú nó a cheadú nó toiliú leis i dteannta nó d'éagmais cúnant, coinníollacha nó comhaontuithe, i gcás arb infheidhme iad, nó an t-iarratas a dhiúltú.

Ní bheidh feidhm ag Alt 19 C den Acht Imeall Trágha 1933 maidir leis an togra seo.

Tá Ráiteas Tionchair Timpeallachta maidir leis an dobharshaothrú beartaithe seo réitithe ar son BIM, Bosca PO 12, Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath. Is féidir iniúchadh a dhéanamh ar chóip den Ráiteas Tionchair Timpeallachta sin, ar chóip den chomhiarratas agus ar aon cháipéis ábhartha eile, saor in aisce, i Stáisiún na nGardaí, Bóthar na Trá, Contae na Gaillimhe, a bhíonn ar oscailt ar feadh 24 uair an chloig, Stáisiún na nGardaí in Inis Díomáin, Contae an Chláir, a bhíonn ar oscailt ar feadh 24 uair an chloig, agus Stáisiún na nGardaí i gCill Rónáin, Árainn, Contae na Gaillimhe a bhíonn ar oscailt idir 0900 agus 1700, ó Luan go hAoine, ar feadh tréimhse ocht seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo, nó is féidir é a cheannach ó BIM, Bosca PO 12, Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath ar chostas €16 an cóip le linn na tréimhse céanna.

Le linn na tréimhse ocht seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo, beidh cead ag duine aighneacht scríofa nó tuairimí a sheoladh chuig an Aire nó ceisteanna a chur air, ag an seoladh thíos, maidir leis an iarratas ar cheadúnas urthrá agus beidh cead aighneacht a sheoladh nó barúil a thabhairt maidir leis an iarratas ar cheadúnas dobharshaothraithe. Maidir le haighneacht nó tuairim dá leithéid ba cheart é a mharcáil go soiléir le T9/489 A & B agus é a sheoladh i bhfoirm scríofa chuig **An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (Rannóg Dobharshaothraithe agus Bainistíochta Urthrá), An Lárionad Náisiúnta Bia Mara, Cloich na Caoilte, Contae Chorcaí,** taobh istigh den tréimhse sin.

Cuirfear aighneachtaí nó tuairimí a gheofar de thoradh ar an gcur chuige maidir le fógraí poiblí ar fáil don iarratasóir chun a thuairim a fháil agus d'fhéadfaí go gcuirfí ar fáil don phobal i gcoitinne iad le hiniúchadh.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 17 Deireadh Fómhair, 2012

Babaró, féile na n-óg, faoi lán seoil i nGaillimh

Tá réimse leathan d'imeachtaí ar siúl as seo go dtí an 21 Deireadh Fómhair, in ionaid éagsúla timpeall chathair na Gaillimhe mar chuid d'Fhéile Babaró

Méabh Ní Thuathaláin

SÍOLRAÍODH Babaró as Féile Ealaíne na Gaillimhe in 1994 ar mhaithe le himeachtaí cultúrtha a chur ar fáil do pháistí. Rinneadh féile neamhspleách di in 1997 agus ó shin i leith tá Babaró aitheanta mar cheann de na féilte is tábhachtaí i bhféilire ealaíne an aois óig in Éirinn. Tá imeachtaí na féile oiriúnach do pháiste ó dhá bhliain d'aois go dtí 16 bliana d'aois. Bíonn imeachtaí dírithe ar an teaghlach chomh maith a rachadh i bhfeidhm ar idir óg agus aosta.

"Tá réimse mór d'imeachtaí á reáchtáil ag Babaró, rud a tharraingíonn cuid mhór daoine chuici. Bíonn éagsúlacht go mór chun cinn san fhéile i gcónaí agus is amhlaidh atá fíor i mbliana. Tá scéalta clasaiceacha ar nós 'Jason & The Argonauts', 'The Happy Prince' ar an ardán chomh maith le drámaí úrnua cosúil le 'Catch Me' agus 'The Song from the Sea'. Is féile í atá dírithe ar pháistí agus an teaghlach is dóiche, agus tá an-tóir ar an bhféile i measc na scoileanna," arsa Ruth Gordon, bainisteoir imeachtaí de chuid Babaró.

Ellie Concannon as Cathair na Gaillimhe agus Fionáin Ó Srutháin ón Spideál, agus crann déanta le milseáin ina lámha acu, ag imeacht de chuid Babaró ar na mallaibh. PIC LE ANDREW DOWNES

Tagann cuairteoirí chuig an bhféile ó gach cearn den domhan chun páirt a ghlacadh san fhéile. Bíonn drámaí á léiriú agus imeachtaí ealaíne á gcur i láthair ag dreamanna atá ag plé leis na healaíon sa Ghearmáin, sa Fhrainc, san Iodáil agus i gCeanada agus cuireann an ceangal idirnáisiúnta seo go mór leis an bhféile, dar le Gordon.

"Bíonn níos mó imeachtaí cultúrtha ar fáil do leanaí anois in Éirinn ná mar a bhí ariamh. Tá tuiscint níos fearr againn anois faoin gceangail atá idir na healaíona agus oideachas. Is féidir leas a bhaint as an drámaíocht agus cur leis an tuiscint atá ag páistí ar an saol," ar sise.

Mar chuid d'Fhéile Babaró, bíonn drámaí ar leith do phaistí a bhfuil Gaeilge acu nó atá ag foghlaim na Gaeilge.

"I mbliana tá 'An Fear Siúil' le Graffitti agus 'Bodach an Chóta Lachna', léiriú úr le Fíbín. Tá drámaí dátheangacha san Fhéile chomh maith. Tá seó álainn le Púca Puppets darb ainm 'Tic téac' atá dírithe ar pháistí idir 3-5 bliana agus tá léiriú iontach le Branar darbh ainm 'Spraoi' ann freisin," arsa Gordon.

Le clár iomlán a fháil buail isteach ar www.baboro.ie. Is féidir ticéid a chur in áirithe le hAmharclann Halla na Cathrach ar 091 569777 nó ar líne ag www.tht.ie.

NÁISIÚNTA BLÚIRÍNÍ

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

le Méabh Ní Thuathaláin

Géarghá le hathbhreithniú ar phróiseas iarratais na dteifeach in Éirinn

Seoltar tuarascáil de chuid Chomhairle Dídeanaithe na hÉireann inniu a dhéanann iniúchadh ar phróiseas iarratas na dteifeach in Éirinn, próiseas atá thar a bheith lochtach, dar leis an tuarascáil.

Rinneadh an taighde seo mar gheall go ndiúltaítear d'fhormhór na n-iarratas tearmainn in Éirinn. Anuraidh níor glacadh ach le 5% de na hiarratais tearmainn, 135 duine san iomlán. Cáineann an tuarascáil an próiseas trí chéile, ach go háirithe ag leibhéal an Bhinse, ina bhfuil baill ann nach dtugann cothrom na Féinne do na hiarratais, dar leis an tuarascáil.

Ráig den e.Coli i mBéal Feirste

Chuir an Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí i dTuaisceart Éireann (GSP) síos ar an ráig e.coli a bhain le bialann i dtuaisceart Bhéal Feirste mar "géarchéim sláinte poiblí".

Tá 20 duine deimhnithe agus 118 duine eile faoi amhras, de réir staidéir a rinneadh ag Flicks, bialann atá lonnaithe in ionad siopadóireachta i dtuaisceart Bhéal Feirste.

Tá an GSP ag ceapadh go dtiocfaidh ardú ar líon na ndaoine atá tinn mar gheall ar thréimhse ghoir an e.coli, a mhaireann coicís sular dtéann sé i bhfeidhm ar an gcorp.

Páistí ag teacht chun na scoile ocrach

I suirbhé, de chuid Kellogs, fógraíodh go gcreideann 70% de mhúinteoirí in Éirinn go bhfuil páistí ag teacht chun na scoile agus ocras orthu.

Dar leis an suirbhé, creideann 59% de mhúinteoirí, go bhfuil ardú ar líon na bpáiste atá ag teacht chun na scoil agus ocras orthu ón bhliain seo caite.

Tá feachtas á reáchtáil ag Kellogs chun aird a dhíriú ar an gceist seo agus tá sé beartaithe go mbeidh €30,000 churtha ar fáil do chlubanna bricfeasta timpeall na tíre.

Ba cheart do scoileanna agus d'eagraíochtaí pobail iarratas a chur isteach ar son maoinithe chuig www.giveachildabreakfest.ie.

Ní bheidh an Vovlo Ocean Race ar siúl in 2014

Dúirt an tAire Turasóireachta nach mbeadh an rialtas ábalta airgead a chur ar fáil de lucht eagraithe an Volvo Ocean Race i nGaillimh, i ndiaidh gur fhógair siad go raibh fiacha de €400,000 acu.

Meastar gur tháinig suas le 90,000 duine go Gaillimh gach lá le linn Fhéile-Volvo, a bhí ar siúl i mí Iúil seo caite. Dúirt 'Let's Do It Global', an grúpa taobh thiar den fhéile, nach mbeidh siad ag cur iarratais isteach chuig an Volvo Ocean Race in 2014.

Tá suas le 60 comhlacht go fóill ag fanacht ar íocaíocht ó Fhéile Volvo 2012.

Níl Gnaoi an Phobail ar Ryan i dTír a Shinsir

Ar lean ó leathanach a haon

I mbaile beag ar nós Ghráig na Manach, baile a bhfuil pian an chúlaithe eacnamaíochta le feiceáil ar na sráideanna - tá trian de shiopaí an bhaile folamh faoi láthair - ní maith le pobal bhaile shinsir Ryan a chuid pleananna do chiorruithe ar chaiteachas poiblí.

Dar le suirbhé ag Gallup International a rinneadh i Meán Fómhair, chaithfeadh 96% de mhuintir na hÉireann vóta ar son Obama agus Biden sa toghchán Meiriceánach, dá mbeadh vóta acu.

D'ainneoin sin, d'admhaigh iarMhéara Chill Chainnigh, Martin Brett, go mbeadh "cuireadh sa phost" dá mbeadh an bua ar Mitt Romney agus Paul Ryan, toisc na naisc ghnó ata idir Éirinn agus na Stáit Aontaithe.

Paul Ryan, an tIarrthóir Poblachtach ar Leas-Uachtarántacht SAM

Ach ní hiad na hÉireannaigh amháin atá ag coimeád súl ar Ryan, mar tá an polaiteoir i ndiaidh go leor tagartha a dhéanamh don tír seo le linn a fheachtais.

Agus é ag tabhairt óráide i Wisconsin faoina shin-seanathair ag imeacht as Éirinn "gan ach léine ar a dhroim," cháin an staraí John Kelly é toisc a chuid pleananna eacnamaíochta, á gcur i comparáid le seandlíthe na Breataine in Éirinn ag am an Ghorta Mhóir.

"Ach ag deireadh an lae," arsa Pat Nolan, fear 62 bliain d'aois as Gráig na Manach, "is cuma céard is ainm dó [do Ryan] - is é Obama an duine a rinne an iarracht."

Comhartha gan chiall i Lios Uí Chathasaigh, Co. an Chláir.

Súil sa Spéir - Satailít ag breathnú ar Mhuintir Chonamara?

Ar lean ó leathanach a haon

Táthar an-ghéar ar obair ar bith a dhéantar ar thalamh ann de bharr an chroimeaisc thimpeallachta atá ar an taobh tíre agus oibríonn an satilít ar nós an ghadaí san oíche.

Ach creideann feilméaraí sa gceantar go bhfuil an tsúil rúnda seo atá ar an taobh tíre gaite thar fóir uilig.

Mhínigh feilméara sa gceantar sin an tseachtain seo gur glacadh leis ariamh go raibh áiteacha áiríthe ann a bhí contúirteach do bheithígh agus gurbh éigean do dhaoine iad sin a choisceadh.

Satailít spiaireachta - ag coinneáil súil ar Chonamara?

Deireadh le tréimhse an Choimisiún Logainmneacha

Colm Ó Broin

THÁINIG deireadh le téarma reatha trí bliana an Choimisiún Logainmneacha ar an Déardaoin seo caite, an tríú téarma ó athcheapadh an Coimisiún faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla in 2003. Táthar ag feitheamh ar eolas faoi cheapachán Coimisiúin nua ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta i láthair na huaire.

Rinne an Roinn athbhreithniú ar an gCoimisiún agus tá sé á mheas ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi láthair.

Faoi réir an Acht Teanga, ceaptar Coimisiún Logainmneacha ar feadh tréimhse trí bliana chun obair an Bhrainse Logainmneacha a mhaoirsiú agus moltaí dá réir a chur faoi bhráid an Aire cuí lena reachtú.

An beart deiridh a rinne an Coimisiún atá díreach críochnaithe ná logainmneacha chontaetha Chorcaí, na Gaillimhe (lasmuigh den Ghaeltacht), Liatroma agus an Longfoirt a mholadh don Aire Stáit, Donnchadh Mac Fhionnlaoich agus tá na hordaithe sínithe aigesan anois agus iad curtha faoi bhráid an phobail lena meas sula reachtófar iad.

Meastar go gcosnaíonn an Coimisiúin thart ar €80,000 in aghaidh na bliana, agus faoin tráth seo tá thart ar leath na tíre ullmhaithe agus críochnaithe go hiomlán. Is iad Loch Garman, Ceatharlach agus Mhaigh Eo na chéad trí chontae eile atá idir lámha le reachtú an bhliain seo chugainn ar cheapadh an Choimisiúin nua, más ann dó.

Tóstal na hÉireann 2013

Údarás na Gaeltachta

tóstal ÉIREANN 2013

TÓSTAL ÉIREANN 2013
THE GATHERING

Suim ag do phobal mór-imeacht a eagrú faoin téama

Filleadh

mar chuid de Thóstal na hÉireann 2013?

Tá Údarás na Gaeltachta ag lorg léirithe spéise ó choistí/ghrúpaí pobail a mbeadh suim acu mór-fhéile nó ócáid tarraingteach d'ardchaighdeán a reáchtáil sa Ghaeltacht a bheadh mar chuid de Thóstal na hÉireann 2013. Tá sé mar aidhm ag Tóstal na hÉireann daoine a bhfuil ceangal acu le hÉirinn a mhealladh ar ais le tréimhse saoire a chaitheamh sa tír. Tá scéim tacaíochta á soláthar ag an Údarás do choistí a eagraíonn réimse leathan imeachtaí dírithe ar dhaoine a mhealladh ar ais le saoire a chaitheamh sa Ghaeltacht in 2013. Roghnófar nach mó ná ceithre ócáid éagsúil ar fud na Gaeltachta. Is é an spriocdháta do léirithe spéise ná **30 Deireadh Fómhair 2012.**

Tuilleadh eolais le fáil trí r-phost a chur chuig **feilte@udaras.ie**

Foláireamh: Is scéim iomaíoch í seo a bheas ag braith ar mhaoiniú a bheith ar fáil 2012-13

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 17 Deireadh Fómhair, 2012

Dia na hÉadulaingthe?

Scott De Buitléir ar Hómaighnéasachas agus an Eitic

IS é an chúis is coitianta a bheadh ag daoine i gcoinne pósadh aerach - agus an hómaighnéasachas go ginearálta - ná cúis atá bunaithe ar chreideamh.

Dar le roinnt mhaith Críostaithe, tá a leithéid in aghaidh thoil agus dhlí Dé, dlí a fhógraíonn nár cheart ach amháin d'fhear agus do bhean a bheith le chéile mar lánúin.

Baineann siad úsáid as an Sean-Tiomna sa Bhíobla (Leviticus 18:22 an ceann is cáiliúla) agus as ráitis an Phápa lena dtacú. Leis sin uilig, ar cheart dúinn smaoineamh go bhfeicfidh muid bainis idir beirt fhear nó beirt bhan inár n-eaglais áitiúil amach anseo?

"Is iad na Caitlicigh an grúpa leis an tacaíocht is mó do phósadh aerach anois sna Stáit Aontaithe, mar shampla," a léiríonn sé, "cé go bhfuil na hEaspaig go láidir ina choinne. Tá scoilt ann anois idir na húdaráis san Eaglais agus an gnáthphobal Caitliceach i Meiriceá. Fiú le polaiteoir clúiteach ar nós Joe Biden, tá seisean i bhfábhar pósadh aerach agus admhaíonn sé é sin go poiblí gan aon fhadhb. Is léir go bhfuil athrú ó bhun ar siúl maidir leis an gceist."

Dar le William Crawley, iriseoir agus láithreoir de chuid an BBC a bhfuil cúlra aige i gcúrsaí creidimh, is cinnte go dtarlófar a leithéid ar an oileán seo, d'ainneoin tuairimí na nEaglaisí faoi láthair.

"Is iad na Caitlicigh an grúpa leis an tacaíocht is mó do phósadh aerach anois sna Stáit Aontaithe, mar shampla," a léiríonn sé, "cé go bhfuil na hEaspaig go láidir ina choinne. Tá scoilt ann anois idir na húdaráis san Eaglais agus an gnáthphobal Caitliceach i Meiriceá. Fiú le polaiteoir clúiteach ar nós Joe Biden, tá seisean i bhfábhar pósadh aerach agus admhaíonn sé é sin go poiblí gan aon fhadhb. Is léir go bhfuil athrú ó bhun ar siúl maidir leis an gceist."

Níos goire dár gcladaigh féin, diúltaíodh rún ar son pósadh aerach i Stormont cúpla seachtain ó shin. Níor bhain sé sin dóchas amach as an bpobal LADT* mar ag 47.4%, ní raibh líon na bhfeisirí ar a shon chomh hard sin riamh. Cúis iontais a bhí ann nuair a tháinig an polaiteoir Aontachtach, Basil McCrea, amach i bhfábhar an rúin, ag cáineadh na bhfeisirí nár fhreastal ar an díospóireacht. "Ní chaithfidh tú a bheith gorm le bheith i gcoinne an chiníochais," a dúirt an ionadaí UUP.

"Ní chaithfidh tú a bheith baineann le labhairt in aghaidh foréigin baile. Agus ní chaithfidh mise a bheith aerach le bheith in aghaidh na claontachta, na mífhaisnéise agus na bulaíochta."

Dúirt John O'Doherty, stiúrthóir fheachtas Equal Marriage Northern Ireland go raibh sé "fíordhóchasach" faoin vóta toisc gur léirigh sé tacaíocht ó níos mó polaiteoirí ná mar a bhí siad ag súil leis. "Ba chéim iontach chun cinn a bhí ann," arsa O'Doherty agus é ag caint ar Raidió RTÉ le déanaí. "Cé nár bhfuarthas an toradh a bhí muid ag súil leis, bhí dóchas le haimsiú sa díospóireacht nár shamhlaigh muid cúig nó deich mbliana ó shin."

Is féidir le William Crawley an dóchas sin a thuiscint, agus léiríonn sé go bhfuil cúis mhaith leis. "Sa Bhreatain, tá gluaiseacht san Eaglais Soiscéalach de dhaoine atá i ndiaidh a meoin a athrú ar son pósadh aerach. Tá pobal Preispitéireach i mBéal Feirste anois [Eaglais All Souls] a shiúlann sa pharáid Belfast Pride, chomh maith le go leor polaiteoir a ghlacann páirt sa bhféile seachas an DUP."

Cé go bhfuil an DUP go mór in aghaidh comhionannas pósta, céim chun tosaigh a bhí ann nuair a d'fhreastal méara nua Bhéal Feirste, Gavin Robinson ón DUP, ar chaint de chuid Belfast Pride níos luaithe i mbliana. Ba é Robinson an chéad pholaiteoir ón bpáirtí lena leithéid a dhéanamh.

Níos luaithe i mbliana, d'éirigh leis an Danmhairg pósadh aerach a thabhairt isteach chuig eaglaisí na tíre sin. Is Liútaraigh (Lutherans) iad na Danair, agus mar sin, mhaithfeadh daoine thú as smaoineamh nach mbeidh an scéal céanna ann do Chaitlicigh. Seans láidir nach eisceacht a bheidh ann, áfach. "Ceapaim go dtarlóidh sé [in Éirinn] luath nó mall," arsa Crawley, ag déanamh comparáide leis an bplé faoi cholscaradh sa tír fiche bliain ó shin. "Is cuimhin liom, nuair a bhí daoine ag rá liom nach mbeidís in ann glacadh leis gurbh fhéidir le daoine a bheadh colscartha pósadh in eaglais arís, ach ní fadhb é sin a thuilleadh. Is féidir le fiche bliain go leor a athrú.

'LGBT NOISE March for Marriage' i mBaile Átha Cliath [PIC: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND]

I gceann fiche bliain tá mé lánchinnte go mbeidh pósadh aonghnéis againn, agus stair fhada againn leis."

Agus é ag caint faoin gceist i gcomhthéacs stáit [i gcomparáid leis an Eaglais], dúirt Crawley: "Tá daoine áirithe ann den tuairim gur peaca é an hómaighnéasachas, ach a bheadh in ann pósadh aerach a thacú. Bhí tráth ann nuair a cheap daoine, má tá rud éigin mídhleathach sa Bhíobla, ba cheart dó a bheith mídhleathach i ndlí na tíre chomh maith. Ní cheapann mórán é sin a thuilleadh. Abraímis go gceapaim nach rud ceart é an t-ól agus an tobac, ach táim ag iarraidh maireachtáil i ndaonlathas ina bhfuil rogha againn. Mar sin, is féidir leat tacaíocht a thabhairt do shaoirse an duine sa dlí agus ag an am céanna do chreidimh féin a bheith agat."

Twitter: @scottdebuitleir

*LADT: Leispiach, Aerach, Déghnéasach & Trasinscneach. LGBT sa Bhéarla (& teangacha eile).

An t-iriseoir agus craoltóir, William Crawley

TRÁCHTAIREACHT'

Cás Shane Clancy agus Cúram Meabhairghalair in Éirinn

Sam Ó Faoláin agus **Fionán Ó Muircheartaigh** ar chás Shane Clancy agus iarrachtaí a mháthar chun leasú a dhéanamh ar chúram sláinte mheabhrach in Éirinn

Ionsaithe uafásacha Clancy

Oíche Shatharn, 15 Lúnasa 2009, bhí Shane Clancy ag cóisir le bean a mbíodh sé ag dul amach léi tráth, Jennifer Hannigan, agus a buachaill nua, Sebastian Creane. Tar éis an chóisir thug Shane síob abhaile dóibh go teach Creane i mBré.

Tar éis dó slán a fhágáil leo thiomáin sé go Dunnes Stores i gCúirt Choirnéil agus cheannaigh sé bloc sceana. Bhí sé 5 a chlog ar maidin. D'fhill sé ar theach Sebastian áit ar tharla ionsaí fíochmhar agus eachtra tragóideach.

Rinne Clancy ionsaí ar Sebastian Creane le ceann de na sceana nua-cheannaithe - sháigh sé sa chroí é agus mharaigh sé é. Le linn an ionsaithe, tháinig deartháir Sebastian, Dylan, i láthair agus sádh é sin 9 n-uaire. Sádh Jennifer sa droim ach d'éirigh léi éalú agus glaoch éigeandála a dhéanamh.

I ndiaidh an ionsaithe, chas Shane an scian air fhéin. Fuarthas marbh é i gcúlghairdín Sebastian Creane níos déanaí an lá sin. Bhí sé sáite naoi n-uaire déag.

Nuair a bhris an scéal, chuir táblóidigh áirithe i leith Clancy gur dúnmharfóir éadmhar ann mar go raibh sé fós i ngrá leis an mbean a mbíodh sé ag dul amach léi, Jennifer Hannigan. Ach nuair a tháinig sé chun cinn go raibh Shane faoi thionchar frithdhúlagrán (*antidepressants*) an oíche áirithe úd, bhí sé soiléir go raibh níos mó imscrúduithe le déanamh.

An scrúdú iarbháis

I mí Aibreáin 2010 reáchtáladh scrúdú iarbháis i gcúirt chróinéara Chill Mhantáin chun fiosrú a dhéanamh faoi bhás Shane Clancy. Dúirt an paiteolaí stáit, Dr Declan Gilson, go raibh leibhéal frithdhúlagrán tocsaíneach i bhfuil Clancy, cé nach raibh sé soiléir ar thóg sé níos mó drugaí ná mar a mhol a dhochtúir dó.

Tugadh fianaise le linn na trialach go raibh drochiarmhairtí ag baint leis an druga Cipramil, a bhí á thógáil aige. Dúirt Coimisiún Stáit na Breataine gur thaispeáin trialacha go raibh ardú i bhféinghortú agus in iompar féinmharaithe iontu siúd a bhíonn ar chúrsa den druga. Mhol an Coiste nár cheart an druga a thabhairt do páistí dá bharr.

Maidir le cás an Shane Clancy, dúirt an Síciatraí, an tOllamh David Healy ó Ollscoil Cardiff, go raibh sé ní ba dhóichí gur chuir an druga le dóchúlacht foréigin ná rud ar bith eile. Dúirt sé, áfach, go raibh fadhbanna meabharach ag Clancy, rud ba chúis leis a bheith ar chúrsaí drugaí sa chéad áit.

Níorbh léir gur thug an fhianaise le fios gurbh iad na drugaí ba chúis glan le Clancy na hionsaithe a dhéanamh, ach is léir go raibh dóthain fianaise ann go raibh rian éiginnteachta ar chinneadh na cúirte. Chinn an chúirt breithiúnas oscailte a thabhairt sa chás.

Marú agus féinmharú

Cén suntas a bhaineann leis an mbreithiúnas seo? Conas ar féidir le duine an gníomh a dhéanamh agus an choir a bheith in amhras?

Tugtar an cinneadh 'breithiúnas oscailte' nuair a bhíonn amhras ann maidir le cionsiocair báis. Dá mba rud é go raibh sé soiléir go raibh an féinmharú réamhbheartaithe, d'fhéadfadh an chúirt breithiúnas ciontach a thabhairt ar Clancy.

Sa chás seo, bhí dóthain fianaise ann go raibh amhras an raibh sé réamhbheartaithe agus go raibh rún glan aige é a dhéanamh. Mharaigh sé é féin ach ní léir gur dúnmharú a bhí ann.

Bhain an cinneadh seo le marú Shane Clancy, ní le marú Sebastian Crane, ach tá impleachtaí ag an mbreithiúnas do gach éinne a bhí bainteach leis an ionsaí.

Ní fios cé chomh tinn is a bhí Clancy i ndáiríre, agus cén éifeacht go díreach, a bhí ag na drugaí air. Ní fhreagraíonn an breithiúnas ceist na ciontachta ar bhealach a thugann compord do mhuintir na n-íospartach.

D'ainneoin sin, is mór an tábhacht atá leis an mbreithiúnas.

Nochtann sé an t-aineolas atá ann maidir le fadhbanna meabhairghalair sa tír seo agus go bhfuil ceisteanna fiosraithe le cur: cén tionchar go díreach a bhíonn ag drugaí frithdhulagráin air dhaoine?

Agus cad é an cúram is fearr is féidir a thabhairt do dhaoine a bhfuil meabhairghalar orthu?

Leigheas gan drugaí?

Dár leis an gcarthanacht *Mental Health Reform*, tá ceist na ndrugaí agus ceist an chúraim fite fuaite lena chéile. Maíonn siad go leagtar an iomarca béime ar chúram leighis sa tír seo agus gur cheart níos mó béime a chur ar sheirbhísí sóisialta agus eacnamaíochta a thabhairt dóibh siúd a bhíonn ag fulaingt.

Luíonn sé seo le díospóireachtaí i dtíortha ar nós Meiriceá, áit a bhfuil amhras ann maidir leis an ardú i líon na ndrugaí a úsáidtear chun dul i ngleic le meabhairghalair agus le fadhbanna meabhairshláinte eile. Maítear go mbeadh cúram níos éifeachtaí le fáil ó shíceolaíocht agus ó cúnaimh sóisialta eile - leigheasanna nach drugaí iad.

Mar aon le *Mental Health Reform* agus eagrais eile, tá Leonie Fennell, máthair Clancy ar an tuairim sin. Tá sise, áfach, ag iarraidh feachtas a riaradh ar bhealach a léiríonn meas d'íospartaigh na n-ionsaithe agus dá muintir.

Ar lámh amháin, úsáideann sí leathanach Facebook mar chuimhneacháin ar fhear a bhí cineálta agus comhbhách. Ar an lámh eile, tá feachtas ciúin á reáchtáil aici i gcomhpháirt le heagrais meabhairghalair eile chun leasú a dhéanamh ar chúram sláinte mheabhrach in Éirinn.

Tá Fennell i measc grúpa atá ag dul i méid a cheapann go bhfuil géarghá le solas a chaitheamh ar chumhacht dhoiléir na bhfrithdhúlagráin.

Sebastian Creane, a sádh chun báis 15 Lúnasa 2009.

An radharc taobh amuigh den teach i mBrí ina bhfuair idir Shane Clancy agus Sebastian Creane bás.

[PIC : JAMES HORAN/PHOTOCALL IRELAND]

Folúntas

ÓGRAS
• don Ghaeilge • don Óige •

Óg-eagraíocht Chonradh na Gaeilge

OIFIGEACH FORBARTHA LAIGHEAN/CONNACHT
Post Páirt-Aimseartha – 22.5 uair sa tseachtain

Dualgais: Clubanna óige, Gaeilge, Ógras a bhunú agus a fhorbairt timpeall an dá réigiún.
Cúrsaí agus imeachtaí a eagrú do chlubanna Ógras agus Óg-Ógras. Tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do cheannairí na gclubanna.

Riachtanach: Ard-Chaighdeán Gaeilge
Taithí ar obair óige
Ard-scileanna cumarsáide & idirphearsanta
Ábalta obair as a stuaim féin
Scileanna maithe ríomhaireachta
Ceadúnas glan tiomána agus carr féin

Inmhianaithe: Cur amach ar Ógras, ar earnáil na Gaeilge agus ar an earnáil óige go ginearálta
Taithí ar chúrsaí poiblíochta & margaíochta

Tuarastal: €12,600 - €15,510

Iarratas: Seol litir iarratais chomh maith le C.V. chuig:
Riarthóir, Ógras, 6 Sráid Fhearchair , B.Á.C. 2
Teil: 01 4751487 maedhbh@ogras.ie
Roimh an Aoine 26 Deireadh Fómhair, 2012.

Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige
Office of the Minister for Children and Youth Affairs

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 17 Deireadh Fómhair, 2012

An oiread sin de gheallúintí – a laghad de bhrí leo

Measann **Eoghan Ó Néill** go bhfuil Páirtí an Lucht Oibre imithe ar strae agus gurb iad Sinn Féin a bheas thuas leis sin

Buartha faoi shuíocháin s'acu? Bhí preasócáid ag triúr ionadaithe de chuid Pháirtí an Lucht Oibre Dé Domhnaigh i mBaile Átha Cliath. D'iarr siad go mbeadh Cáinaisnéis 2012 ina 'catalaíoch' d'athrú soiléir i bpolasaithe eacnamaíochta na hÉireann. Ó chlé bhí, Patrick Nulty TD, Nessa Childers BPE agus Tommy Broughan TD

Ar a lán bealaí is é Michael D Higgins coinsias Pháirtí an Lucht Oibre agus thar rud ar bith eile crothnaíonn Páirtí an Lucht Oibre Michael D na saolta seo.

Duine a bhfuil an stádas agus an fhéith chainte aige agus, thar rud ar bith eile, an prionsabal agus na dintiúirí chun an fód a sheasamh ar son bhunluachanna an pháirtí.

An fód a sheasamh i gcoinne an *cabal* de 'chomhairleoirí', i gcoinne na meán, i gcoinne iad siúd ar mhaith leo páirtí bunaíochta a dhéanamh de Pháirtí an Lucht Oibre, agus go fiú i gcoinne cheannaire an pháirtí.

Monuar, seachas a bheith ag cur an chatha sin ar son bhunluachanna an pháirtí, tá Michael D ag seasamh le taobh uaigh Allende thall sa tSile agus ag déanamh ráitis dheasa faoi rudaí a tharla agus é ina ógánach.

Agus ar ais sa bhaile in Éirinn tchí Dia an dóigh atá ar an bpáirtí sin ar chaith Michael D a shaol ann.

Páirtí a bhí, 18 mí ó shin, ag caint faoin Taoiseach a bheith acu i ndiaidh an toghcháin gan trácht ar Thánaiste. Páirtí a bhí chun tosaigh sna pobalbhreitheanna. Páirtí a gheall athrú polasaí ina iomlán ó pholasaí chomhrialtas Fhianna Fáil-an Chomhaontais Ghlais. Páirtí a bhí daingean de nach ngéillfeadh siadsan don IMF-Troika agus do na sealbhóirí bannaí.

An oiread sin de gheallúintí - a laghad sin de bhrí leo.

Briseadh na geallúintí sin ceann as a chéile.

Diaidh ar ndiaidh, tá claochlú ag tarlúint atá ag fágáil Pháirtí an Lucht Oibre ina macasamhail den Chomhaontas Glas.

Cheana féin, agus tú ag éisteacht le hEamon Gilmore, shílfeá gurb John Gormley atá ann.

In ainneoin a chuid cainte deasa faoi dhroim láimhe a thabhairt do pholasaithe Fhianna Fáil/an Chomhaontais Ghlais, lean sé féin is a pháirtnéirí comhrialtais do na polasaithe sin, a bheag nó a mhór.

Le briseadh Roisin Shortall, thug Eamon le fios don saol gurb é tosaíocht Pháirtí an Lucht Oibre ná seasamh le Fine Gael agus fanacht i gcumhacht, is cuma cén phraghas a íocfaidh siad as.

Díreach faoi mar a shocraigh an Comhaontas Glas imeacht ó fréamhacha s'acu agus ó bhuntacaithe s'acu chun fanacht i gcumhacht, tá Eamon Gilmore i mbun an rud céanna a dhéanamh le Páirtí an Lucht Oibre.

Nuair atá leithéidí Fergus Finlay ag cáineadh Pháirtí an Lucht Oibre as easpa trédhearcachta ba cheart go dtuigfeadh Eamon Gilmore go bhfuil an páirtí imithe ar strae.

Íocfaidh siad go daor as.

Luath nó mall, beidh toghchán ann agus caillfidh cuid mhór de Theachtaí Pháirtí an Lucht Oibre a suíochán Dála.

Agus cé a thiocfaidh ina n-áit?

Teachtaí de chuid Shinn Féin don chuid is mó.

Níl Sinn Féin chomh mór le Páirtí an Lucht Oibre go fóill ná baol air.

Níl an oiread taithí acu is atá ag

Níl i ndán do Shinn Féin ach fás agus forbairt, agus in imeacht ama rachaidh siad san iomaíocht le Fianna Fáil le bheith ar an bpáirtí freasúra is mó, nó rachaidh siad isteach i rialtas.

páirtí Eamon Gilmore ar an gcóras ó dheas.

Ach is léir don dall gur fhág Páirtí an Lucht Oibre folús mór ar an gclé nuair a shocraigh siad dul isteach i rialtas.

Ar dhóigh, thar a bheith cumasach agus cliste, tá Sinn Féin i ndiaidh an fholúis sin a líonadh agus beidh díbhinn dóibh sa chéad olltoghchán eile.

Cé chomh mór agus a bheidh an díbhinn sin?

Cá bhfios.

Tá Sinn Féin iontach maith ag comhordú fhás an pháirtí.

Fás leanúnach comhordaithe an gnáth cur chuige atá acu.

Agus nuair atá craobhacha agus cumainn acu ag feidhmiú go maith ag leibhéal logánta, nuair atá iarrthóir láidir acu, agus cumarsáid mhaith idir na daoine ag gach leibhéal sa toghcheantar, fás rábach é sin.

Tá go leor toghcheantar sna 26 Chontae nach bhfuil siad láidir go leor fós, ach tá an páirtí i bhfad níos láidre ná mar a bhí siad trí bhliain ó shin agus tá siad thar a bheith láidir anois i mbunús na gceantracha ina raibh Páirtí an Lucht Oibre láidir.

Ná bíodh amhras ar bith ann, is rún de chuid Shinn Féin a theacht i dtír ar an mhíshásamh atá ann faoi Pháirtí an Lucht Oibre agus faoi Fhianna Fáil.

Is gnáthpháirtí polaitiúil ó dheas anois iad, nach mór.

Is beag an tairbhe do na gnáththráchtairí a bheith ag iarraidh an gnáthscanradh a chur ar vótóirí le caint faoi na Trioblóidí.

Tá an ré sin thart. Tá Sinn Féin anois i lár an aonaigh ó dheas agus tá siad ag teacht i dtreise ag an am is fearr riamh do pháirtí mar iad.

Ag am nuair is fearr i bhfad gan a bheith i rialtas.

Níl i ndán do Shinn Féin ach fás agus forbairt, agus in imeacht ama rachaidh siad san iomaíocht le Fianna Fáil le bheith ar an bpáirtí freasúra is mó, nó rachaidh siad isteach i rialtas.

Agus cad atá i ndán do Pháirtí an Lucht Oibre amach anseo?

Tréimhse fhada san uaigneas, iad faoi smál ag smaoineamh ar na féidearthachtaí a bhí ann 18 mí ó shin agus ar an dóigh ar chuir siad amú iad.

Saol Corrach na Spáinne

Seán Ó Tuairisg ag tuairisciú ó Granada na Spáinne

Mariano Rajoy, Príomh-Aire na Spáinne, Partido Popular

In aon tír, níl againn go hiondúil, mar fhoinsí eolais agus nuachta, ach na páipéir, na hirisí, agus na craolta raidió, teilifíse agus idirlín.

Agus glacann an pobal leo sin. Ach anseo sa Spáinn, fearacht mórán tíortha eile, tá sé an-soiléir domsa, go bhfuil, agus go mbíonn, tuairimí láidre agus difriúla ag an bpobal, agus duine i mbun cumarsáide leis na daoine, seachas na h gnáthmheáin.

Anseo, bíonn cuid mhaith daoine á rá liom go bhfuil a lán lán nithe ag tarlú nach mbíonn ag na meáin náisiúnta, ag cinntiú an tseanfhocail: "go bhfuil seacht n-inseacht ar scéal agus dhá rá dhéag ar amhrán."

Deir a lán daoine anseo sa Spáinn go ndéanann sé i bhfad níos mó dochair, sa bhfadtréimhse, cor cam a chur sa bhfírinne, nó casadh cliste.

Tá a lán daoine sa Spáinn anois a rá go bhfuil an iomarca aird á thabhairt ar phreasráitis an Phríomh-Aire Mariano Rajoy, ar chláracha nuachta agus TV, agus nach bhfuil guth an phobail ag fáil cothrom na Féinne.

Déanfaidh mé iarracht inniu cuid den chaint atá le clos ar an tsráidbhaile a thabhairt duit, agus an leagan eile atá le fáil go fairsing anseo anois. Ar ndóigh, ní gá dhom a rá leat go bhfuil an scéal céanna fíor sa mbaile in Éirinn, ó am go chéile, freisin!

Tá na ráflaí fairsing anois go bhfuil ciorrú €400 in aghaidh na míosa, in ann don liúntas leasa shóisialaigh sa Spáinn, do na daoine atá dífhostaithe. Tá daoine scanraithe ag an gcaint seo.

Sampla eile ná gur dúradh ar áiseanna éagsúla nuachta gur 600,000 duine a ghlac páirt san agóid mhór a bhí ar siúl i Barcelona mí ó shin. Meon an phobail ná go raibh milliún go leith duine páirteach inti, agus gurbh é an léirsiú ba mhó é a bhí sa Spáinn le blianta fada. Tá cuid mhaith daoine á rá liom go bhfuil an nuacht á cur i bhfolach, d'aon turas, sa nuacht. Deir siad gurbh agóid stairiúil a bhí inti, a léiríonn "fíorphictiúr phobal na Catalóine maidir le neamhspleáchas dá dtír". Deir an chaint sa tsráidbhaile anseo go minic, le tamall, gur ag dul i méid a bhéas an dúil sa neamhspleáchas i réigiúin éagsúla, anseo sa Spáinn, amach anseo, agus gur fiú súil a choinneáil ar na pobalbhreitheanna éagsúla ar an ábhar.

Ábhar mór cainte anois anseo sa Spáinn, ná an chaoi a ndéanann an Rialtas Láir i Maidrid an ciste náisiúnta airgid a roinnt ar na 17 réigiúin ar leith. Creideann na Catalónaigh nach bhfuil cothrom na Féinne á fháil acu féin: go bhfuil i bhfad níos mó á bhailiú uathu i bhfoirm cánach, agus á chur sa lárchiste i Maidrid agus nach bhfuil siadsan ag fáil ach cuid Pháidín den mheacan.

Tá laghdú 7.7% ar ioncam cánach sa Spáinn i mbliana. Cuirfidh sé seo isteach ar na daoine is boichte, agus tá siad siúd breá ábalta a nglór a ardú anseo anois. Beidh laghdú 6.3% ar an liúntas dífhostaíochta anseo an bhliain seo chugainn, agus níl an tAire Airgeadais Montoro cinnte ar chor ar bith, cé as a dtiocfaidh an t-easnamh seo. Meastar go mbeidh laghdú suas le 17.4% ar an gcaiteachas ar chúrsaí oideachais, agus laghdú 3.8% ar dheontais na mac léinn. Déanfar ciorrú ar phá na státseirbhíseach agus meastar go mbeidh ciorrú €188 milliún ar an Roinn Gnóthaí Eachtracha anseo. Ach beidh méadú ar an méid airgid a caithfear ar Ambasáidí.

Tá pobal na Spáinne á rá go bhfuil laghdú ag teacht ar gach uile ghné den tseirbhís phoiblí, agus go bhfuil sé sin ag cur as dóibh i mórán slite, agus tá an tuairm go láidir le brath óna daoine a labhraíonn duine leo, go gcreideann siad nach bhfuil ag éirí leis an bplean ciorraithe atá á chur i bhfeidhm ag rialtas Mariano Rajoy.

Creideann cuid mhór den phobal anois nach féidir barr bua a bhaint ar na bancanna agus na hinstitiúidí airgeadais, agus nach bhfuil Banc Ceannais na Spáinne i gcruth cúrsaí airgeadais na tíre a riaradh, ar mhaithe leis an bpobal, gur mó a dteastaíonn sin uathu. Is maith sciobtha a déarfar leat go bhfuil níos lú fiacha ar an Spáinn ná mar atá ar an mBreatain, ach go bhfuil an ráta úis ar iasachtaí airgeadais na Spáinne i bhfad níos mó ná mar atá ar an mBreatain. Agus cén fáth sin, a déarfar leat!

Ar ndóigh, is féidir le haon ghrúpa daoine a gciall féin a bhaint as slám figiúirí, ach an míniú atá á bhaint as na figiúirí is déanaí atá ar fáil ná go bhfuil laghdú mór ar bhúistí Sláinte agus Cultúir, ach go bhfuil laghdú beag ar chúrsaí Cosanta, agus ar an bPálás Ríoga. Is fiú súil a choinneáil ar an toghchán a bhéas ar siúl i Réigiúin Gailíse na tíre seo, ar an 21 den mhí seo, chun na Páirliminte Réigiúnaigh. Ceapann an tIonad Taighde Socheolaíochta, ag an bpointe seo, go mbeidh Páirtí 'Popular' an Phríomh-Aire Mariano Rajoy, sa gcéad áit.

Ach freisin, an lá céanna i dTír na mBascach, beidh Bildu, an páirtí radacach nuabhunaithe, atá i bhfábhar neamhspleáchais an réigiúin, sa dara háit, le c.25% den vóta agus go mbeidh c.36.2% den vóta ag Páirtí Náisiúnta Thír na mBascach.

Cuirfidh na figiúirí sin tinneas cinn eile fós, ar an bPríomh-Aire Rajoy.

Agus mar bharr ar an mí-ádh, tá na hOileáin Chanáracha tar éis a n-ainm a chur leis an liosta réigiún atá ar lorg cabhrach, €757 milliún ón rialtas láir i Maidrid, agus go cinnte dearfa anois, caithfidh Rajoy gníomhú go tapaí agus an mála mór airgid sin a fháil ar iasacht ón IMF/Banc Ceannais na hEorpa.

Sin iomlán de €16.3 billiún go dtí seo, atá á lorg ag an Spáinn. Lá ar bith feasta anois beidh an réigiúin seo ina bhfuilimse, Andalucia, ar lorg €5 bhilliún; an Chatalóin: breis agus €5 bhilliún; agus Valencia: €4.5 bhilliún.

Agus, le gairid, tá cead tugtha anois ag Rialtas na Spáinne do na Stáit Aontaithe, Ionad Aiseanna Frithnúicléach a bhunú ag ionad míleata an US i Rota, Cadiz.. Beidh 11,000 pearsa breise míleata le lonnú sa stáisiún seo, idir seo agus 2014.

Tuille ábhair chainte ag bun na sráide!

Oireachtas na Gaeilge

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 17 Deireadh Fómhair, 2012

SBB ag Barr a Tí

Páidí Ó Lionáird
ar an tseachtain a bhí ann



Scáthchruth Sheáin Bháin Bhreathnaigh agus é ag dul suas ar an stáitse chun a dhuais 'Hall of Fame' a bhailiú ag na Duaiseanna Raidió PPI Dé hAoine seo caite.

SEACHTAIN inar fógraíodh oscailt clinic ginmhillte i mBéal Feirste, inar baineadh a chuid buanna ar fad ón rothaí cáiliúil, Lance Armstrong, agus seachtain inar chaill foireann Phoblacht na hÉireann i gcluiche cáilithe do Chorn an Domhain le sé chúl in aghaidh ceann amháin.

Seachtain inar dhúirt an Troika linn nach bhfuil siad róshásta lenár n-iarrachtaí ar airgead a shábháil leis na ciorruithe ar fad a ghoilleann orainn agus nach bhfuil na príomhfhoinsí maoine buailte in aon chor ag an rialtas seo.

Seachas san ar fad, ba seachtain í inar tharla rud amháin maith ar a laghad. Dé hAoine seo caite, bronnadh Gradam Saoil ar an gcraoltóir iomráiteach Seán Bán Breathnach, nó SBB mar is fearr aithne air. Deineadh ionduchtú air ag ócáid bronnta ghradaim an PPI (*Phonographic Performance Ireland*) i dteannta an chraoltóra Candy Devine ó Downtown Radio agus Gerry Ryan, nach maireann.

Ionduchtú go "Dámhachtain na Laoch" de chuid an PPI agus ní beag an ghaisce ná údar mórtais é sin. Ní haon ghnáthoíche ag na ngradaim a bhí ann mar sin. Níorbh ea ná baol air. Oíche fhíorspeisialta a bhí inti do lucht labhartha na Gaeilge agus d'éisteoirí cláracha Gaeilge i gcoitinne ón mbliain 1969 i leith.

Cinnte, tá Gaeilgeoir eile iomráiteach i measc an bhuínn ionduchtaithe i bhfoirm Mhichíl Uí Mhuircheartaigh, ach lena cheart a thabhairt do Sheán Bán, is i nGaeilge amháin a chraolann sé ó thús a ghairme (seachas corrsheal i suíochán Marian Finucane nó Joe Duffy).

Ní haon 'gnáthchraoltóir' é SBB. Is ceannródaí é. Deirtear go minic faoi shaoithe a bhfuil saol fada, rathúil caite i mbun a gceirde acu, go bhfuil níos mó dearmadta acu faoin ngnó ná a fhoghlaimeoidh éinne eile, agus i gcás SBB bheadh sé sin gar go maith don mharc. Tá a stíl féin aige, a chur chuige féin agus a ghlór iomlán soaitheanta aige - rud neamhchoitianta sa lá atá inniu ann.

Cé a dhearmadfadh a thráchtaireacht ar bhua Khatie Taylor i gCluichí Oilimpeacha Londain nó bua na Gaillimhe ar Chill Chainnigh i gCluiche Ceannais Laighean na bliana seo?

Tá sé níos aitheanta anois ná formhór na bpearsaí lenar thosnaigh sé ag craoladh in RTÉ in 1969. Cuimhním go háirithe orthu siúd a bhí aitheanta le craoladh an phopcheoil - leithéidí Larry Gogan (a bhfuil a ghlór sainiúil féin aige freisin) nó John Keogh.

Nuair a bhí John Keogh mar léiritheoir ar shraith a bhíodh á láithriú agam féin in RTÉ, darbh theideal Ardán, bhíodh sé de shíor ag caint faoi eachtraí éagsúla óna laethanta tosaigh féin leis an gcraoltóir náisiúnta. Ba mhinic ainm Sheáin Bháin luaite sna scéalta sin - idir a chur chuige, a mhian sa chóisir, a ghlór agus féith sin na rógaireachta atá go smior ann.

Tá liosta creidiúnaithe agus líon na gcláracha lena bhfuil sé aitheanta fada, fairsing agus d' éirigh leo ar fad lucht féachana dílis a mhealladh. Bhí clú agus cáil ar a chlár popcheoil ar Raidió Éireann in 1969, clár a bhí go hiomlán i nGaeilge seachas an cheol féin, agus ba mhinic ráite é go raibh cluas an-mhaith aige do cheirníní réimneacha.

É seo d'ainneoin nach bhfuil aon iomrá ar a ghlór amhránaíochta féin, mar a chonaic agus mar a chuala na sluaite nuair a bhí sé san iomaíocht sa tsraith cláracha "*Celebrity - You're a Star*" dornán de bhlianta ó shin.

Nuair a bhí John Keogh mar léiritheoir ar shraith a bhíodh á láithriú agam féin in RTÉ, darbh theideal Ardán, bhíodh sé de shíor ag caint faoi eachtraí éagsúla óna laethanta tosaigh féin leis an gcraoltóir náisiúnta. Ba mhinic ainm Sheáin Bháin luaite sna scéalta sin – idir a chur chuige, a mhian sa chóisir, a ghlór agus féith sin na rógaireachta atá go smior ann.

B'fhéidir nach aon Daithí Ó Sé nó Síle Seoige é, ó thaobh na hamhránaíochta de, ach ba chuma leis an lucht féachana é sin. Thacaigh siad leis ina mílte gach seachtain agus thuigeadar a dhílseacht agus a dhúthracht don charthanas Aontas na gCúramóirí.

Is iomaí clár raidió agus teilifíse a chuir Seán Bán i láthair. Bhí SBB ina Shuí ar cheann de na sraitheanna teilifíse Gaeilge ba rathúla lena linn, agus idir 1976 agus 1982 bhíodh na céadta mílte ag faire air.

Bíodh is nach raibh ach aon chainéal amháin sa tír don chéad trí bliana den tsraith sin, bhí teacht ag lucht cónaithe chósta thoir na tíre ar an BBC agus ITV i gcaitheamh an ama ach d'fhéach siad sin ar SBB freisin!

Bhí sé de nós aige mná óga, álainne a bheith ina theannta - Gráinne Ní Mhaitiú sa chás thuas - agus b'amhlaidh an cás é le Scoil Amach an Bobailín a tháinig chuig an scáileán ar feadh trí bliana in 1990 nuair a bhí an láithreoir cumasach eile Cynthia Ní Mhurchú ina theannta, agus, más buan mo chuimhne, sraith ina bhfuair Bláthnaid Ní Chofaigh a céad blas de na meáin.

Leis an fheithicil sin, bhainfeadh SBB éacht eile arís amach do chlár Gaeilge - dhreapfadh sé barr an dréimire féachana - na TAMs - le hos cionn sé chéad míle duine ag faire air!

Fiú agus é fostaithe ag RnaG, le teacht TG4, bheadh tóir ar SBB arís agus bhraithfí air le lucht féachana a chruthú agus a bhunú d'éagsúlacht cláracha - Cleamhnas, Rásaí na Gaillimhe agus Rásaí Lios Tuathail, agus anois arís tá sraith nua eile réidh le craoladh ar TG4 a chuirfidh SBB os ár gcomhair le Jockey Eile. Tá sé thar barr!

Níl ach blas fíorbheag agus teoranta tugtha agamsa ar bhuanna SBB agus ceal páir ní gá a rá ach go mbeidh a gcuimhní féin ag gach duine a léifidh an colún seo, agus is iomaí cuimhne iad ar fad le chéile.

Comhghairdeas leat a Sheáin, craoltóir, tráchtaire agus láithreoir ár linne.

Leonard Cohen, Luibíní, agus 'Tá's ag an nGael'!

Focail le Gaoth

Le Concubhar Ó Liatháin

TÁ ana mheas agam ar an sean-nós, amhránaíocht, rince, an uile ghné den chultúr a chleacht na Gaeil a chuaigh romhainn.

Bainim an-taitneamh gach bliain as na comórtais sean-nóis ag an Oireachtas agus táim ag súil go mór le m'aghaidh a thabhairt ó thuaidh d'fhéile na bliana seo i Leitir Ceanainn.

Tá m'amhrán nuachumtha ullamh, tá agallamh scríte agam do mo pháistí agus má fhaighim comhpháirtí idir seo agus deireadh na seachtaine seo, beidh agallamh agam féinig.

An oiread measa atá agam ar an sean-nós, tá imní orm go bhfuil an sean-nós céanna ag siocadh chultúr na nGael i ré ama fadó fadó. An bhfuil, mar shampla, leithéid de rud ann agus amhrán sean-nóis a cumadh sa Mhílaois seo?

Nuair a bhíonn na comórtais agallaimh beirte agus lúibíní ar siúl, go háirithe na cinn don dream óg, cloisim díospóireachtaí faoi rudaí nach mbaineann leis an saol seo ach le cúrsaí mar a bhí siad fadó, fadó.

Comórtas Luibíní do dhaoine fásta a bhí ar bun ag Oireachtas na Samhna 2011.

Anuas air sin, bionn siad gléasta i sean-eadaí agus caipíní, amhail is go raibh siad beo an uair úd.

Tá cúis simplí le sin, gan amhras. Is fusa sean-agallaimh - a bhain daoine fásta úsáid astu - a mhúineadh don ghlúin óg ná cinn nua a chumadh a bheadh i dtiúin leis an aimsir. Ar aon nós, an bhfuil an oiread san agallaimh/amhráin nua á scríobh anois?

Cinnte, is féidir a lán a fhoghlaim ón sean-nós - ach tá gá leis an nglúin seo a lorg a fhágaint ar ár gcultúr Gaelach freisin, an oiread agus gur fhág na glúinte romhainn a chum na hamhráin atá go fóill á gcanadh inniu.

Sin an fáth go bhfuil an oiread san áthais orm faoi Imram, an fhéile litríochta atá á thiomáint ag Liam Carson le blianta beaga anois.

Bhí ócáid ann ar an Aoine seo caite, Túr na nAmhrán, inar deineadh ceiliúradh as Gaeilge ar shaothar an amhránaí, Leonard Cohen. Liam Ó Muirthile a rinne na haistriúcháin ar amhráin ar nós 'Tower of Song', 'Suzanne' agus 'Everybody Knows'.

Is breá liom saothar Cohen mar go labhraíonn sé ar na ceisteanna móra le guth tuisceanach fileata. Is breá liom aistriúcháin Uí Mhuirthile ar an saothar seo. Spreag siad - agus roinnt smaointe fánacha atá ag rith liom le déanaí - mo leagan féin de 'Everybody Knows'. Níor thriail mé é seo a cheol go fóill.

Seo chugaibh é

Tá's ag an nGael

Tá's ag an nGael go bhfuil ár bport seinnte
Tá's ag an nGael go bhfuil an tír fós roinnte.
Tá's ag an nGael go bhfuil an Ghaeltacht thart
Tá's ag an nGael nach mbuaifidh an Ghaoluinn cheart.
Tá's ag an saol go bhfuil ár dTaoisigh cam
Seachas an fear sin ar chlúdach Time!
Sin é an saol, tá's ag an nGael.
Tá's ag an nGael gach uile cheart
Tá's ag an nGael nach bhfuil aige neart;
Ar leatrom na meán, ar imeallú is droch-cháil
An Gael, a scuab is a phéint dhubh i bpáil.

Gach uile Ghael ag tabhairt aire dá phóca,
Ón mBlascaod go Páirc an Chrócaigh;
Sin é an saol, tá's ag an Gael.

Tá's ag an nGael go dtitfidh báisteach,
Tá's ag an nGael is an domhan is a mháthair;
Tá's ag an nGael nach labhartar Gaeilge
Agus go mbíonn Gaeil ag insint éithigh.
Sin é an saol, tá's ag an nGael.

Tá's ag an nGael faoi gach deontas,
Tá's ag an nGael faoi na scórtha liúntas.
Is oth le Gaeil céasadh Sheán Quinn
Ach ní íocfaidh siad a bhillí sin.
Sin é an saol, tá's ag an Gael.

Tá's ag an nGael faoi phleanáil teanga,
Tá's ag an nGael faoi shnámh in aghaidh easa.
Tá's ag an nGael faoin dhá Chaighdeán,
Tá's ag an nGael cé hiad na hamadáin.
Tá's ag an nGael go bhfuil sé ar fán
Ón am ar cailleadh Cath Chionn tSáile;
Sin é an saol, tá's ag an nGael.

SÚIL SIAR na Seachtaine

Mí-úsáid ar Mhír 4 sa gCóras Pleanála

Donncha Ó hÉallaithe

Le linn na 1980aí ba mhinic le Comhairleoirí Contae de chuid Fhianna Fáil agus Fhine Gael, mí-úsáid á bhaint as Mír 4 den Acht um Bainistí Chathrach agus Contae (Leasú) 1955, chun cead a thabhairt i gcás iarratas pleanála, a bhí diúltaithe cheana ag na hoifigigh phleanála.

Go bunúsach, thug Mír 4 den Acht thuasluaite an chumhacht do na Comhairleoirí iachall a chur ar an mBainisteoir Contae 'rud áirithe a luafar go sainráite' a dhéanamh, an fhad is go bhféadfaí é a dhéanamh go dleathach. Chomh luath agus a thuig na polaiteoirí go bhféadfaí rún a rith faoi Mhír 4 chun iarratas pleanála a cheadú in aghaidh bhreithiúnas na n-oifigeach pleanála, bhain roinnt Comhairleoirí ó Fhianna Fáil agus ó Fhine Gael neart úsáide as an mír chéanna.

I measc na ndaoine ar Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath a chuir rún faoi Mhír 4 síos le cead pleanála a thabhairt bhí Liam Lawlor agus Mary Harney ó Fhianna Fáil chomh maith le Nora Owen agus Alan Shatter ó Fhine Gael.

Ach is cosúil gurbh iad Comhairleoirí na Gaillimhe ba ghnóthaí i mbun ceadanna pleanála a bhrú tríd ag úsáid rún faoi Mhír 4. Idir 1982 agus 1989, do réir tuarascála a chuir An Taisce le chéile, cuireadh 471 rún faoi Mír 4, trí Comhairle Contae na Gaillimhe le cead pleanála a thabhairt do dhaoine a bhí diúltaithe nó le diúltú.

Tríocha bliain ó shin, tharla cás spéisiúil i gConamara a tuairiscíodh ar an nuachtán AMÁRACH. Chuir comhairleoirí Fhianna Fáil rún tríd an gComhairle Contae le cead pleanála a thabhairt do lánúin óg i gCois Fharraige, cé nár iarr siad ar aon duine a leithéid de rún a chur síos dóibh.

Ba le pearsa mór i bhFianna Fáil an suíomh agus is cosúil go raibh deifir air é a dhíol. Shíl sé an próiseas pleanála a bhrostú agus gan fanacht ar an gcinneadh ón oifigeach pleanála agus chuir Fianna Fáil rún ar an gclár faoi Mhír 4 le cead pleanála a thabhairt don lánúin, ach ní raibh an lánúin a bhí ainmnithe sa rún ar an eolas faoi seo. Bhí alltacht orthu nuair a fuair siad amach go raibh cead pleanála faoi Mhír 4 faighte acu, buíochas d'Fhianna Fáil. Tharraing siad amach as an socrú a bhí déanta acu, chuadar ag cuartú suímh eile agus chuir siad a míshástacht in iúl sa litir seo uathu a foilsíodh sa nuachtán AMÁRACH, tríocha bliain ó shin an tseachtain seo.

Dála an scéil níor éirigh le fear Fhianna Fáil an suíomh a dhíol ariamh. Sa deireadh, thóg a iníon teach air.

AMÁRACH, 15 Deireadh Fómhair, 1982

Níor Iarr Muide go n-Úsáidfí Mír 4

'A chara,

Ó tharla nach bhfuil sé de nós againn AMÁRACH a cheannach ní fhaca muid an scéal nuachta a bhí agaibh ar an 1ú Deireadh Fómhair faoi Mhír a 4 den Acht Pleanála a bheith á úsáid le cead pleanála a thabhairt dúinn fá choinne teach a thógáil sna hAille. Cuireadh in iúl dúinn ó shin faoin tuairisc a bhí agaibh ina thaobh.

Ba mhaith linn go mbeadh sé soiléir nár iarr muid cead pleanála ar pholaiteoirí beaga ná móra na Gaillimhe. Ní raibh a fhios againn go raibh ár n-iarratas le cur os comhair chruinniú den Chomhairle Chontae faoi Mhír a 4 ná níor aontaigh muide riamh le húsáid na míre seo le cinneadh na n-oifigeach pleanála a shárú.

Ní aon locht ar AMÁRACH é imeachtaí na Comhairle Contae a thuairisciú. Ach ní thaitníonn sé linn gur i bpáipéar nuachta a fuair muid amach faoi rudaí bheith á ndéanamh gan ár n-eolas ná ár gcead, inár n-ainm. Ní taitníonn sé linn ach oiread go gceapfadh daoine as an tuairisc sin go bhfuil baint againn le páirtí polaitíochta ar bith.

Tá sé olc go leor go ndéantar ceap magaidh de phlean an chontae agus de rialacha pleanála go rialta. Tá sé i bhfad níos measa nuair a dhéantar é gan fhios agus gan chead ó na daoine a chuir isteach an t-iarratas.

Bhí muid sásta glacadh le cibé cinneadh a dhéanfadh na hoifigigh sa rannóg pleanála. Is trua go gcuireann polaiteoirí a ladair isteach i ngnaithí nach mbaineann leo.'

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

An Duais Nobel agus an Aontas Eorpach

Tá duais síochána Nobel na bliana seo bronnta ar an Aontas Eorpach as an tsíocháin a chothú san Eoraip le breis agus 60 bliain.

Gníomh seafóideach é seo amach is amach agus déanann sé a bheag de na duaiseanna féin agus as an stair a bhaineann leo.

Ná déanaimis dearmad gur dearnadh slad sna Stáit Bhalcánacha san nóchaidí - sna Eoraip. Cad a rinne an tAontas Eorpach? Ní dhearna siad mórán.

Is fior go raibh na tíortha san Aontas Eorpach síochánta go leor.

Níor ionsaigh an Ghearmáin aon tír eile san Eoraip le 60 bliana anuas, ar ndóigh, ach ar cheart dúinn a bheith buíoch as sin?

Rinneadh an duais seo a dhíluacháil go mór freisin nuair a bronnadh é ar Barack Obama, Uachtarán SAM.

Bhí dóchas ann go réitíodh sé an choimhlint in Iosrael / sa Phalaistín ach ní dhearna sé sin agus ní dhéanfaidh.

Ar ndóigh, ní féidir eadránú idir dhá thaobh agus tú ag taobhú go hiomlán le taobh amháin acu. Spreag sé sin é chun bogadh ar aghaidh ón gCogadh ar Sceimhlitheoireacht go dtí feachtas feallmharaithe spriocdhírithe le ladrainn.

Tá an chineál straitéise seo tar éis cogaíocht a athrú go hiomlán - chun donais.

Tá na duaiseanna seo anois gan aon luach agus is trua sin.

LITREACHA chuig an Eagarthóir

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**. Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

Ar kickstartáil muid bás na Gaeilge?

A Eagarthóir, a Chara,

Bás na Gaeilge? Is the Irish Language going down the tubes? Leathanach tosaigh na seachtaine seo - 10.10.2012: 'Karen Casey ag iarraidh albam nua a kickstartáil '. C'én saghas raiméis í seo?

Is mise,
Ben Mac Lochlainn
Baile Átha Cliath.9.

[Ar ndóigh, 'Kickstartáil', ní kickstaráil, a bhí sa cheannteideal. Seans nár léadh an scéal? Eag.]

Ná géilltear a thuilleadh don Bhéarlóir!

A chara,

I bhfianaise na géarchéime teanga i measc an aosa óig, ní foláir do gach gaelscoil agus scoil Ghaeltachta, misean ar leith a ghlacadh chuici féin mar chúram príomhúil .i. cainteoirí gníomhacha Gaeilge a sholáthar a thógfaidh a gclann féin le Gaeilge amach anseo.

Níl scóp ar bith ann a thuilleadh i saol na Gaeilge don té ar suim leis an Ghaeilge mar ornáid nó mar chaitheamh aimsire.

Níl scóp ar bith ann a thuilleadh sna gaelscoileanna ná sna scoileanna Gaeltacha don mheon nach dtugann tús áite don Ghaeilge.

Teastaíonn tumoideachas lánGhaeilge le béim ar riachtanais an té a bhfuil Gaeilge sa mbaile aige. Spreagfaidh sé seo tuilleadh Gaeilge ar an teallach.

Léiríonn an taighde má chuirtear moill ar mhúineadh an Bhéarla go dtí Rang 1 go mbeidh Gaeilge mhaith agus Béarla maith ag na daltaí. Má bhuailtear faoin dá theanga in éineacht, beidh an Béarla mar phríomhtheanga agus gan acu ach an Ghaeilge a chodail amuigh.

Teastaíonn oideachas a chur ar na hoideachasóirí agus ar an bpobal. Ná géilltear a thuilleadh don Bhéarlóir, don leisceoir ná don té gan mhisneach agus tiocfaimid as seo níos láidre agus níos fearr.

Bíodh an teagasc seo chun cinn sna pleananna teanga Gaeltachta atá le réiteach ar ball.

Beir bua agus beannacht
Dáithí Mac Cárthaigh
Ráth Chairn, Co. na Mí

Ceithearnaigh ag gearradh a scórnaigh féin

A eagarthóir, a chara,

Ag cur feachtas na bpéintéaraí sa Ghaeltacht i gcomparáid le gníomhaíocht Ghandhi nó Rosa Parks (Eagarfhocal 10 D. Fómhar) amaideacht glan atá ann. Tá na daoine úd ag gearradh a scórnach féin is ní bheidh de thoradh air ach an dífhostaíocht is cúlú ginearálta.

Le meas ort
Peadar Ó Caiside,
Cabhán,
Co. an Chabháin

[Ní dhearnadh a leithéid ar ndóigh, Eag.]

Cúrsaí leithris!

A eagarthóir, a chara,

Is iontach áisiúil an gléas é an WC agus is mór an meas atá againn uilig air, moladh go deo leis an Uasal Crap *[Crapper an sloinne a bhí air, Eag.]* a chum é. Ach, taobh amuigh des na bailte tá sine qua non a théann leis i.e. an dabhach mhúnlaigh, ar a bhfuil dleacht le n-íoch feasta chun é a chlárú (rud ar a bhfuil neart daoine ag leiriú a míshástacht).

Chuala mé trácht ar réiteach ar an fhaidhb seo an oíche cheana:-

In áit 'chuile rud a scaoileadh sa WC agus uaidh sin isteach sa dabhac mhúnlaigh, áit ina lobhfaidh sé sa mhúnlach as a sceithfidh (i ndiaidh coipthe anaereóbach) an gás meitean (CH4 - a bhfuil éifeacht 20 uair níos measa aige ó thaobh goradh domhanda de na CO2!) agus as a silfidh baol truaillithe ar an uisce faoi thalamh - mholadh dom an mún a scaoileadh i gcomód le buicéad faoi (ina bhfuil tuí/scamhadh adhmaid/ruainní cairtchláir/scotháin chrainn nó easair éigin eile a bhfuil comhréir carbón nítrigen thar 40:1 ann).

Is í an chúis leis an tuí (nó cibé easair árdcharbónach eile) ná go gcuireann sé cosc ar an einsím a chruthód ammonia (NH3, an gás a bhfuil boladh bréan uaidh a thagann as mún dá mbéadh sé ag luí leis féin ar feadh tamaill i bpota faoin leaba, mar a bhíodh fadó!).

Sa mheascán tuí srl. agus mún bhéadh comód gan bholadh ann le haghaidh na seachtaine.

Uair sa tseachtain bhéadh ar lucht an tí ábhar an bhuicéid a chur amach ar an charn aoiligh agus bhéadh togha an mhúirín acu i ndiaidh ráithe nó dhó. Ghearrfadh an modh seo 80% den uisce a bheadh ag dul isteach san dabhach mhunlaigh.

Ar ndóigh b'fhearr ar fad an cac (a bhfuil comhréir carbon/nítrigin 1:7 ann) a scaoileadh sa bhuicéad fosta agus deireadh iomlán a chur leis an WC agus an 'septic tank'.

Ar ndóigh sa chás seo bheadh tréimhse de bhlian nó dhó de dhíth ar an charn aoiligh le go marófaí na pathogens, na péisteanna srl. ach , sa deireadh bheadh leasú den scoth le haghaidh na bprátaí ann.

Tá tuilleadh eolais i dtaobh an ábhar seo ag www.eautarcie.org agus má ghlacann go leor daoine fiú an chéad chéim mar atá molta thuas ní i bhfad go mbeidh athrú iomlán ar an dearcadh atá againn ar an WC buíochas dóibh siúd a thug kick-start don phróiséis marana ar an ábhar, ergo an moladh beag seo a ghearrfadh síos ar mhéid an uisce a úsáidfaí sna tithe chomh maith.

Eoghan Ó Néill
Litir O'Brian

Cad is fiú duitse an Ghaeilge?

Sin an cheist a chairde!

Chuir duine an cheist sin ormsa le déanaí agus ambaiste bhí se ag féachaint dairíribh faoin bhfreagra láithreach bonn! Cad is fiú domsa an Ghaeilge? Sílim go dtagann fíorghrá don Ghaeilge ón chroí istigh-sin an t-aon mhíniú atá agamsa. Is dócha go bhfuil ceangal speisialta ag daoine áirithe do theangacha ó thosach sa scoil, seachas aon ábhar eile.

Bíonn suim níos mó ag daltaí eile i gcúrsaí Matamatic nó eolaíocht agus mar sin de ach creidim go bhfuil iontas doimhin dúchasach ag baint lenár dteanga náisiunta féin agus go bhfuil sé nadurtha bheith tógtha leis agus brodúil as an gcanúint fíor-bhlasta sin. Cloisimíd na páistí óga sa Ghaeltacht ag spalpadh Gaeilge, gan stad sa chaint agus tagann sé nadurtha dóibh mar, is í an Ghaeilge atá mar ghnáth-theangan sa teaghlach ó mhaidin go hoíche.

Is aoibhinn liom bheith ag seanchaíocht lem' cháirde as Ghaeilge ach tá sé deacair bheith ar mo shuaimhneas uaireannta in atmaisféir an Bhéarlachais mar tá an dáinséar ann go bhfuilim ag cur isteach ar chomhluadar eile nach bhfuil cumas na Gaeilge acu.

Bainim taithneamh as na hIrisí Naisiúnta as Ghaeilge a choimeádann súil ghéar ar imeachtaí agus gluaiseachtaí nua a ghabhann le forbairt na teangan, gné atá an-tabhachtach chun sinn a choimeád ar an eolas. Is mor an ceol agus craic atá ag baint le seanchas agus caidreamh na Gaeilge i measc na ngrúpaí difriúla atá scaipthe ar fud na tíre agus tá a lán acu ann a bhfuil grá dílis acu don Ghaeilge labhartha, ceol agus amhránaíocht i dteannta a chéile.

Sea! is fiú domsa an Ghaeilge mar tá spiorad sainiúil bríomhar ag gabháil le cultúr agus oidhreacht na tíre seo agus seasann an cúpla focal milis, blasta i gceartlár an tsiamsa ar fad...

Eilís Uí Bhriain
Corcaigh

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Sheol an tAire Stáit ag an Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta, Donncha Mac Fhionnlaoich, seirbhís nua Béilí ar Rothaí do cheantar Chois Fharraige. Sa phictiúr os comhair an veain nua tá, ó chlé, an tAire, Peigí Uí Chéidigh (Bainisteoir); Sorcha Nic Dhonnacha (Stiúrthóir); Seán Ó Tuairisc (Comhairleoir Contae); Bertie Ó hAinmhire (Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Morgan Ó Conchubhair (Comharchumann Shailearna) Éamonn Ó hÉanaigh (Údarás na Gaeltachta) Seosamh Ó Laoi (Comhairleoir Contae). PIC: SEÁN Ó MAINNÍN.

Crann ag fanacht le Dan O'Hara i gConamara

Máirtín Ó Catháin

DAN O'Hara is ainm dom agus tabhair dom anois mo chrann! Sin é atá le rá agat más Dan O'Hara an t-ainm atá ort dháiríre agus má chasann tú an bealach thart ar Ionad Oidhreachta Dan O'Hara in aice leis an gClochán an chéad bhliain eile. Ach níor mhór duit a bheith ann luath go maith an chéad bhliain eile le buntáiste iomlán a bhaint as d'ainm. Don chéad fhear d'arbh ainm Dan O'Hara a thabharfar an crann in aisce. Ceannaíonn daoine na crainnte seo mar chomhartha ómóis dá sinsear a d'fhág Éirinn.

Baineann an tairiscint seo le Bliain Theacht le Chéile Shliocht na hÉireann, 2013. Shocraigh Nóra agus Máirtín Breathnach, úinéirí Ionad Dan O'Hara go mbeadh an tairiscint seo ann agus go mbeadh roinnt eile suáilcis in aisce dlite don chéad Dan O'Hara thiocfadh an bealach san athbhliain - sin le linn don Ionad a bheith oscailte. Tá scéim na gcrann cuimhneachán ar bun acu le scaitheamh. Cuirtear crann duit sa gcoill gar d'Ionad Dan O'Hara agus tugtar aire dó agus é ag fás aníos. Cuirtear comharthaí in aice leis ag 'speáint cé dhó ar cuireadh é agus cé dhó a bhfuiltear ag tabhairt ómóis. Tá an scéim dírithe go háiríthe ar shliocht imirceoirí. €220 a chosnaíonn an crann go hiondúil ach ní beidh tada le n-íoc ag an gcéad Dan O'Hara ach go gcaithfidh sé gur as taobh amuigh den tír seo a thiocfaidh sé.

Ach fiú agus murar tú an chéad Dan thar táirseach isteach, beidh buachtáil agat ar do thuras más Dan O'Hara is ainm duit; tabharfar lascaine 25% duit ar chostas an chrainn agus ligfear isteach san Ionad féin tú ar leath praghas.

Cé go bhfuil sé ráite gur ansin, ar thaobh an chnocáin i bhfoisceacht 3 mhíle den Chlocháin, a bhí an Dan O'Hara ar cumadh an t-amhrán faoi is beag duine den ainm sin atá san iarthar, is cosúil. Ní 'speáineann an leabhar teileafóin d'iarthar na hÉireann ach Dan O'Hara amháin agus tá seoladh in oirthear na Gaillimhe tugtha síos dó sin. Ach deirtear in Ionad Dan O'Hara go bhfuil riar mór daoine ar an ainm Dan O'Hara i Meiriceá.



Teach Dan O'Hara

Léacht faoi Oireachtas na Gaillimhe 1913

Shona Gorman

TAISTEALÓIDH sluaite go Leitir Ceanainn chun an tOireachtas a chéiliúradh ag tús na míosa seo chugainn ach is Oireachtas na Gaillimhe 1913 a bheas á phlé in Áras na nGael Dé Mhairt seo chugainn.

Beidh léacht ar an Oireachtas sin agus ar na díospóireachtaí náisiúnta laistigh de ghluaiseachtaí athbheochana Gaeilge na bliana sin le Dara Ó Cualáin, mac léinn PHD ó Ollscoil na hÉireann Gaillimh, i gClub Áras na nGael, 45 Sráid Dhoiminic, Gaillimh, Dé Máirt an 23 Deireadh Fómhair ag 8.00 i.n.

Folúntas

COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE

Cuirfidh an Coiste ainmnithe thuas fáilte roimh iarratais ó dhaoine atá cáilithe go hoiriúnach, le taithí, ar an bpost bainistíochta seo a leanas:

PRÍOMHOIDE:

Coláiste Bhaile Chláir, Baile Chláir, Co. na Gaillimhe
Scoil nua Iar-Bhunoideachais i mBaile Chláir, Co. na Gaillimhe

Dírítear d'aird ar shuíomh Gréasáin an Choiste **www.countygalwayvec.com** le haghaidh tuilleadh sonraí poist.

Is é an spriocdháta le haghaidh iarratais a bheith faighte ná 4.00 i.n., Dé hAoine, 2 Samhain 2012.

Teagmháil: 091 874525 nó ríomhphost chuig **ccoyle@cogalvec.ie**

Fáiltíonn an Coiste roimh chomhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla. Tairgeann an Coiste raon seirbhísí trí Ghaeilge ach iad a iarraidh.

Seosamh Mac Donncha, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 17 Deireadh Fómhair, 2012

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Comhairleoirí ag dul anonn – beirt acu fós

Máirtín Ó Catháin

Ní raibh de thuairisc ar fáil i dtús na seachtaine seo ach go raibh beirt de Chomhairleoirí Contae Chonamara - Seán Ó Tuairisg agus Seosamh Ó Cuaig - leagtha ar a dhul don Bhruiséal chuig an gcruinniú faoi chúrsaí caomhnaithe ar an 7ú lá de Shamhain. Tá cuireadh anonn tugtha ag an Teachta Dála Éamon Ó Cuív do sheachtar Comhairleoirí Contae Chonamara le súil agus gur féidir a dhul go bun an údair faoi cheist na rialacha SAC -rialacha timpeallachta na hEorpa. D'fhógair an Teachta Ó Cuív go mbeadh ar chuile dhuine a bheadh ag dul chuig an gcruinniú seo a chostais féin a íoc.

Beidh aird ar leith ag an bpobal ar cibé ar bith soiléiriú is féidir a fháil ar cheist bhóthar Chonamara agus an ceangal atá ar chúrsa an bhóthair sin de bharr SACanna.

Faoi mar atá cúrsaí faoi láthair, níltear ag ceadú an bhóthair nua ar an gcúrsa is fearr a d'fheilfeadh d'fhormhór mhuintir Chonamara. Is ar an gcúrsa is faide ó thuaidh sa sliabh atá éilimh ag formhór na ndaoine atá ag cur a dtuairimí chun cinn. B'shin é an cúrsa "donn" sna mapaí a cuireadh ar fáil go poiblí. Ach chaith na saineolaithe in aer an cúrsa sin mar gheall ar chúrsaí caomhnaithe.

Beidh Éamon Ó Cuív agus na Comhairleoirí Contae ag iarraidh a fháil amach an bhfuil aon fhuascailt nó aon fhaoiseamh uaidh sin.

Bíonn tuairimíocht ann go bhfuil níos mo saoirse i roinnt tíortha eile san Eoraip le hinfrastruchtúr a fhorbairt beag beann ar SACanna. Beidh an lear acu atá i gConamara - tuairim 60% den cheantar caomhnaithe ar bhealach éicínt - á tharraingt anuas freisin.

Chuaigh ionadaithe de chuid na Comhairle Contae anonn anuraidh le cíoradh a dhéanamh ar cheist SACanna agus bóithre. Ach níl na Comhairleoirí Contae sásta leis na freagraí atá tugtha orthu faoin gcruinniú sin; sa deireadh fuarthas amach nár coinníodh miontuairiscí ar bith ag an gcruinniú sa mBruiséil. Bhí Comhairleoirí Chonamara buartha faoi nár tugadh cead dóibh féin a dhul chuig an gcruinniú sin. Dúirt an Comhairleoir Seosamh Ó Cuaig go raibh sé féin sásta an turas a dhéanamh gan costais ar bith ach níor glacadh leis an tairiscint sin ach an oiread.

Idir an dá linn, tá os cionn 900 aighneacht faoin mbóthar nua atá molta as Scríb go Gaillimh curtha isteach de bharr an taispeáint phoiblí is deireanaí. Os cionn 600 a cuireadh isteach an uair dheireannach a raibh mapaí an bhóthair ar taispeáint go poiblí.

Ionsaithe fíochmhara tuairiscithe in iarthar Chonamara

Máirtín Ó Catháin

NÍ cosúil go bhfuil na Gardaí ag fiosrú tuairisce faoi dhroch-ionsaí a rinneadh - a deirtear - ar fhear óg i gCloch na Rón le gairid.

Tá sé ráite go raibh an fear i dteach ósta agus gur lean roinnt fear é nuair a d'fhág sé an áit. Is cosúil gur thárla achrann ansin agus gur bhuail na fir eile - nó cuid acu - an fear a bhí ina aonar.

Tá scéalta ann gur húsáideadh casúir san ionsaí. Thárla an t-ionsaí seo i gcarrchlós le solas lae de réir na dtuairiscí.

Thárla sé - de réir na dtuairiscí - gur tháinig fear eile an bealach agus gur chuir sé an ruaig ar na fir a bhí ag déanamh an ionsaithe.

De réir na dtuairiscí áitiúla, tháinig na Gardaí ann agus tugadh an fear a bhí ionsaithe chun bealaigh le cabhrú leis. Dúradh gur chuir an cineál ionsaí a rinneadh ar an bhfear óg alltacht ar na Gardaí.

Nuair a cuireadh an chéad cheist ar Ghardaí an Chlocháin faoin eachtra, dúradar go gcaithfí ceist ar bith mar sin a chuir faoi bhráid Oifig Phreas na nGardaí. Ní raibh aon tuairisc ag an Oifig Preas faoin eachtra. Dúirt Gardaí an Chlocháin inné nach bhfuil aon fhiosrúchán ar bun acu faoin eachtra i gCloch na Rón.

Mar sin, ní féidir a rá ar chuir an fear a hionsaíodh gearán oifigiúil faoi bhráid na nGardaí ag iarraidh go gcuirfí cúiseanna in aghaidh lucht a ionsaithe.

Seo é an dara hionsaí neamhghnách mar seo atá tuairiscithe in iarthar Chonamara le roinnt seachtainí. Buaileadh go dona fear óg san Aird Mhóir freisin agus b'éigean obráid throm a chuir air ina dhiaidh sin. Bhí an fear seo i mbaol san Ospidéal ar feadh tamaill. Tuigtear gur thárla an t-ionsaí sin le solas lae agus gur tháinig fear, nó fir, an bealach ag fiach ar an bhfear óg seo. Tuigtear gur 'speáineadh fístéip den ionsaí seo a thárla in áit phoiblí do roinnt daoine.

Tá na Gardaí ag fiosrú an eachtra seo i gcónaí. Braitheann go leor i gcásanna mar seo ar ghearán oifigiúil sínithe ón té a hionsaíodh.

Marco Benedetti, Ard-Stiúrthóir na hAteangaireachta ón gCoimisiún Eorpach a thug cuairt ar OÉ Gaillimh ar an gCéadaoin an 10 Deireadh Fómhair. Tá iarmhac léinn ón chúrsa MA san Ateangaireacht Chomhdhála, Breda Ní Mhaoláin ar chlé, agus mic léinn reatha Anthony Hoyte West agus Susan Folan, Stiúrthóir an Chláir, MA san Ateangaireacht Chomhdhála, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Baile Átha Cliath

'Salomé' in Amharclann Civic

BEIDH dráma Gaeilge, Salomé, ar siúl in Amharclann an Civic i dTamhlacht Dé hAoine beag seo.

Saothar leis an bhfile agus an drámadóra conspóideach, Cathal Ó Searcaigh, atá ann, arna léiriú ag 'Splódar' agus beidh dhá sheó ar siúl, ceann do scoileanna ag 11.30rn agus ceann don phobal i gcoitinne ag 8.00in.

Scéal ón mBíobla atá in Salomé, an bhean cháiliúil a d'iarr ar an Rí Héaród cloigeann Eoin Baiste a thabhairt dí ar phláta.

Scríobh Oscar Wilde dráma faoin mbean chéanna.

Tá leagan Chathal Uí Shearcaigh den scéal á stiúradh ag Proinnsíos Ó Duigneáin agus is é Aindrias de Staic an príomhaisteoir.

Tá costas €15 ar na ticéid agus is féidir iad a chur in áirithe ach glaoch a chur ar 01 462 7477.

Beidh 'Splódar' ag cur tús le camchuairt náisiúnta den dráma i gCluainín i gContae Liatroma san oíche amárach. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag www.splodar.ie.

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Baile Átha Cliath

Pobal Chluain Tarbh ag ceiliúradh 40 bliain

Colm Ó Broin

TÁ eagraíocht Ghaeilge i gCluain Tarbh ag ceiliúradh 40 bliain i mbliain. Bunaíodh Pobal Chluain Tarbh in 1972 chun an teanga a chur chun cinn sa bhruachbhaile in oirthuaisceart na príomhchathrach.

Ó shin i leith, tá imeachtaí éagsúla eagraithe acu chun an Ghaeilge a láidriú sa cheantar, ina measc grúpaí tuismitheoirí agus leanaí, ciorcail chomhrá, aonaigh, turais, léachtaí agus oícheanta áirneáin.

Bíonn trí chiorcal comhrá ar siúl go rialta i gCluain Tarbh, i gCumann Lúthchleas Gael Chluain Tarbh, i gCaifé Tilly ar Bhóthar Naomh Gabriel agus in Ionad an Clasac ar Bhóthar Alfie Byrne.

"Is léir gur pobal bruachbhailteach na mórchathrach é an mhuintir a chónaíonn i gCluain Tarbh, idir an pobal le Gaeilge agus an pobal gan Gaeilge, go bhfuil a formhór ag obair lasmuigh den gceantar, nach gcaitheann siad a saol sóisialta laistigh den gceantar ach ar uairibh, agus nach bhfuil dúil anmhór ag mórán acu a bheith ag freastal go rialta ar imeachtaí a eagraítear sa dúthaigh, cibé teanga ina reáchtáiltear na himeachtaí sin," arsa Séamus Mac Giolla Ruaidh, Cathaoirleach Phobal Chluain Tarbh. "Ar an mbonn sin is mór an éacht a rinne muintir na Gaeilge i gCluain Tarbh le blianta beaga anuas gur fhreastal siad chomh dílis ar na himeachtaí Gaelacha a reáchtáladh."

Sheol Ardmhéara Cathair Bhaile Átha Cliath, an Comhairleoir Naoise Ó Muirí, ceiliúradh 40 bliain a bhunaithe ag Pobal Chluain Tarbh le linn fáiltithe a reáchtáladh in Óstán Chaisleán Chluain Tarbh an tseachtain seo caite. Thréaslaigh sé leis an ngrúpa as ucht na hoibre deonaigh atá á dhéanamh acu le dhá scór bliain.

Thagair an tArdmhéara don réimse leathan imeachtaí a reáchtáladh le linn an dá scór bliain, a léiríonn go ndírítear ar gach gné de shaol na muintire.

Mhol sé go speisialta Éigse Chluain Tarbh, féile pobail Gaeilge a reachtaítear gach Deireadh Fómhair. Ghuí sé gach rath ar Éigse na bliana seo a bheidh ar siúl ón 21 go dtí 28 na míosa seo.

Cuirfear tús leis an éigse le cluiche peile agus caifé Gaelach ag 11.30rn Dé Domhnaigh. Beidh ranganna Gaeilge agus ceoil ar siúl i rith na seachtaine mar aon le 'Scrabble as Gaeilge' Dé Céadaoin ag 10.45rn. Tabharfaidh Annraoi de Paor Léacht na hÉigse ag 8.00in Déardaoin. Téama na léachta ná 'Edmund Edward Fournier d'Albe - Gaeilgeoir agus Innealtóir'. Cailvíneach de bhunadh na Fraince a bhí in d'Albe (1868-1933) agus bhí sé gníomhach i gConradh na Gaeilge agus sa ghluaiseacht Pan Cheilteach.

Tá breis eolais faoin Éigse ar fáil ach ríomhphost a sheoladh chuig pobalchluaintarbh@gmail.com.

Baile Átha Cliath

Seisiún eolais ar reifreann chearta leanaí

BEIDH seisiún eolais ag eagraíocht atá ag moladh vóta 'Tá' sa reifreann ar chearta leanaí I mBaile Átha Cliath an tseachtain seo chugainn.

Tá an cruinniú á eagrú do phobal na Gaeilge ag an gComhaontas um Chearta Leanaí agus beidh sé ar siúl i Halla Fhoras na Gaeilge, Cearnóg Mhuirfean, ag 11.30rn Déardaoin 25 Deireadh Fómhair.

Beidh Joe O'Toole, Stiúrthóir an Campaign for Children agus an t-aturnae Pól Ó Murchú ag labhairt ag an gcruinniú agus beidh Clíona Frost, Príomhoifigeach Fhorbairt Naíonraí Teo, mar chathaoirleach ar an ócáid.

Is cónaidhm de bhreis agus 100 eagras é an Comhaontas um Chearta Leanaí agus tá sé mar chuid den fheachtas 'Yes for Children'.

Tionólfar an reifreann féin ar an Satharn, 10 Samhain.

Lá na Gaeilge i gColáiste na Tríonóide

BEIDH 'Lá na Gaeilge' ar siúl ag Cumann Gaelach Choláiste na Tríonóide amárach. Cuirfear tús leis na himeachtaí le bricfeasta i Seomra na Gaeilge, ionad nua don chumann a seoladh coicís ó shin. Beidh díospóireacht i Seomra Comhrá an Chumainn Staire ag 1.00in leis an rún "Ní chreideann an teach seo go bhfuil téarma eile tuillte ag Barack Obama".

Tá oíche siamsaíochta eagraithe do Chlub Chonradh na Gaeilge ag tosú ag 8.00in. Beidh na Dirty 9's, Seo Linn, Claire agus Aisling ag seinm. Beidh Darragh Power i mbun draíochta chomh maith.

www.gaelsceal.ie

An Lú

Fáilte roimh chead pleanála do dhroichead

An droichead beartaithe thar Bhád an Chaoil

TÁ fáilte curtha ag polaiteoirí ar an dá thaobh den teorainn roimh an gcead pleanála atá faighte ag droichead idir Contae Lú agus Contae an Dún.

D'fhógair an Bord Pleanála go raibh cead faighte don droichead idir Ó Méith agus an Pointe atá á fhorbairt ag Comhairle Contae an Lú agus Comhairle Cheantair an Iúir, Mhúrn.

D'fhaobhaigh Aire Chomhshaoil an Tuaiscirt, Alex Attwood, Droichead Bhád an Chaoil an tseachtain seo caite freisin.

Dúirt Teachta Dála Shinn Féin do Lú, Gerry Adams, gur infrastruchtúr "riachtanach" a bhí ann do cheantar na teorann.

"Cosnóidh Droichead Bhád an Chaoil beagnach €18 milliún ach beidh an tionchar eacnamaíochta agus sóisialta a bheas aige i bhfad níos suntasaí ná sin."

Cuirfidh an droichead le turasóireacht agus forbairt eacnamaíochta an cheantair, dar le Peter Fitzpatrick, TD ó Fhine Gael.

Droichead 'oscailte' a bheas ann a ligfidh do longa taisteal suas Loch Carlainn.

Tá an dá Chomhairle áitiúil ag súil le maoiniú a fháil ón Aontas Eorpach chun an droichead, a bheas 660 meadar ar fad, a thógáil.

Chuir Margaret Ritchie, Feisire Parlaiminte do Dheisceart an Dúin, fáilte roimh an dul chun cinn chomh maith.

Dar léi, tá seans láidir ag an togra airgead a fháil ón Special European Union Programmes Body.

Dúirt an feisire de chuid an SDLP chomh maith gur "togra siombalach" a bhí ann a chothódh nasc idir an dá chuid den oileán.

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Raidió na Gaeltachta cnun cinn ag bronnadh na ngradam PPI le déanaí

D'ÉIRIGH go han-mhaith le Raidió na Gaeltachta ag bronnadh na ngradam PPI a bhí ar siúl ag ócáid mhór san Lyrath Hotel i gCill Chainnigh oíche Dé hAoine.

Bhuaigh Rónán Beo, duais do chlár raidió Gaeilge na bliana. Bronnadh gradam saoil ar Sheán Bán Breathnach ag an ócáid chéanna, agus fógraíodh go raibh bonn cré-umha buaite ag an dráma raidió Baile an Droichid

"Ábhar bróid domsa mar Cheannaire, agus aitheantas náisiúnta do scil agus do thaithí na gcraoltóirí agus na n-aisteoirí i gceist, na gradaim PPI seo a bronnadh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta", a dúirt Edel Ní Chuireáin, Ceannaire Raidió na Gaeltachta. "Tá muid ag maireachtáil i dtréimhse chorrach ó thaobh na craoltóireachta de, agus tá súil agam go dtabharfaidh na gradaim seo ardú meanma dúinn uilig. Tréaslaím a mbua le foirne Rónán Beo @3 agus Bhaile an Droichid, agus le Seán Bán Breathnach," a dúirt an Ceannaire. .

Dúirt Séamus Mac Géidigh, Bainisteoir Réigiúin an Tuaiscirt go bhfuil a bhfoireann "thar a bheith bródúil as an aitheantas seo d'fhoireann Rónán Beo@3, agus ba mhaith liom comhghairdeas ó chroí a dhéanamh leo. Cuireann siad clár den scoth ar an aer, agus tá ag éirí leo éisteoirí de gach aois as gach cearn den domhan a mhealladh chuig an gclár. Comhghairdeas fosta le Seán Bán Breathnach, agus le Baile an Droichid. Tá na gradaim tuillte go maith acu."

Bíonn Rónán Beo @3 le cloisteáil ó Mháirt go hAoine ag 3pm ar Raidió na Gaeltachta. Mixture maxture a bhíonn le cloisteáil ar an gclár, mar a deir Rónán féin, idir throm agus éadrom - ceol, siamsaíocht, agallaimh, cúrsaí sláinte, cócaireacht, scéalta nuachta, agus na saineolaithe focal Dé Máirt, dár ndóigh. Bhuaigh Rónán an gradam do Phearsa Raidió na Bliana ag Féile na Meán Ceilteach anuraidh, agus bronnadh an duais do chlár raidió na bliana ar Rónán Beo@3 ag Gradaim Chumarsáide an Oireachtais anuraidh freisin.

Tá Seán Bán Breathnach ag obair mar chraoltóir raidió le os cionn 40 bliain. In 1969 a chuir sé tús lena ghairm leis an gclár Popseó na Máirte ar Radio Éireann, an chéad chlár popcheoil i nGaeilge ariamh. Thosaigh sé ag obair le Raidió na Gaeltachta go páirtaimseartha sa bhliain 1972, agus tá go leor cláracha éagsúla curtha i láthair aige ó shin.

Rinne Raidió na Gaeltachta coimisiúnú ar shraith nua den sobaldráma Baile an Droichid i mbliana mar chuid de cheiliúradh 40 bliain na seirbhíse. Bhí an-tóir ag an bpobal air, agus thaitin sé go mór leo aithne a chur an athuair ar muintir an bhaile, nach raibh cloiste againn uathu le corradh le 15 bliain. Is í an ísle brí atá le tabhairt faoi deara ar fud na tíre i láthair na huaire a chuir faoi ndeara do Joe Steve sraith nua den dráma a scríobh. Dár leis, nach bhfuil bealach níos fearr le hardú croí a thabhairt do dhaoine ná corrscairt mhaith gháire a bhaint astu. Ní shin le rá nach raibh corrscéal a bhogfadh an deor faoin tsúil le cloisteáil sa dráma freisin, ach mar a deir Joe, sin é nádúr an tsaoil, agus is ar an nádúr sin atá an tsraith bunaithe.

Joe Steve Ó Neachtain agus a bhean chéile, Máirín, ag bronnadh an PPI ar an Aoine seo caite i gCill Chainnigh. Is é Joe Steve, a scríbhneoir an tsraithdhráma 'Baile an Droichid', a craoladh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta a fuair an tríú duais sa chatagóir do dhrámaíocht raidió. PIC IAIN WHITE



Dónall Mac Ruairí, léiritheoir de chuid Rónán Beo@3 ó RTÉ Raidió na Gaeltachta, agus duais don chlár Gaeilge is Fearr in 2012 ina lámh aige, ag bronnadh an PPI ar an Aoine seo caite.



Seán Bán Breathnach, craoltóir de chuid RTÉ Raidió na Gaeltachta, a fuair an gradam saoil 'Hall of Fame' ag bronnadh an PPI ar an Aoine sa caite i gCill Chainnigh.Pic Ian White.

Teach lán ag Túr na nAmhrán - Tionscadal Cohen, IMRAM

BHÍ teach lán ag Túr na nAmhrán - Tionscadal Cohen san Pavilion, Dún Laoghaire, mar chuid d'fhéile IMRAM ar an Aoine seo caite. Bhí scoth na hoíche ag an gceolchoirm bhí dírithe ar shaothar de chuid Leonard Cohen, á chur i láthair ag filí agus ceoltóirí móra i saol na Gaeilge.

Rinne na filí Liam Ó Muirthile agus Gabriel Rosenstock liricí Cohen a aistriú go Gaeilge. Bhí Liam Ó Maonlaí, David Blake agus Hilary Bow i measc na gceoltóirí a chuaigh chun ardáin agus a chur ceol Leonard Cohen i láthair i nGaeilge. Bhí íomhánna le Margaret Lonergan léirithe ar an scáileán don seó.

"D'éirigh thar na bearta le Tionscadal Cohen. Bhí an lucht féachana faoi dhraíocht. B'shin an seó is fearr a léirigh IMRAM riamh, gan dabht agus tá súil againn é a thabhairt ar chamchuairt ar fud na tíre roimh i bhfad," A dúirt stiúrthóir na féile, Liam Carson.

Is amhránaí agus scríbhneoir amhrán as Ceanada é Leonard Cohen, fear atá aitheanta mar dhuine de scríbhneoirí móra na linne. Tugann a chuid amhrán léargas ar gach gné de nádúr an duine agus rinneadh amhráin aitheanta dá chuid ar nós 'Suzanne', 'Hallelujah' agus 'First We Take Manhattan' a cheol le linn an cheolchoirm, Túr na nAmhrán.

Leanann Féile Imram ar aghaidh go dtí 20 Deireadh Fómhair agus is féidir an clár a íoslódáil ón suíomh www.imram.ie

Bhí an teach lán san Pavilion ar an Aoine seo caite don cheolchoirm a bhí mar chuid d'imeachtaí IMRAM, Túr na nAmhrán, a dhírigh ar amhráin le Leonard Cohen aistrithe go Gaeilge ag Gabriel Rosentock. PICTIÚR LE JIM BERKELEY

Liam Ó Maonlaí ar an ardán le Diane Daly, Brian O'Grady agus Tom Howley ón 'Brad Pitt Light Orchestra', mar chuid d'Fhéile IMRAM, a bhí ar siúl san Pavilion i nDún Laoghaire ar an Aoine seo caite. PICTIÚR LE JIM BERKELEY

Na hamhránaithe Hilary Bow agus Ann Blake ag canadh le linn an cheolchoirm Túr na nAmhrán a bhí ar siúl i nDún Laoghaire ar an Aoine seo caite. PICTIÚR LE JIM BERKELEY

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Ómós do Mháirín Feirtéar

THUG an Fhéile Bheag Filíochta atá anois ina cúigiú bliain, ómós fé leith i mbliana do Mháirín Feirtéar a fuair bás le déanaí agus a bhí an-bhainteach leis an bhféile agus le himeachtaí Gaeltachta Gaolainne le blianta.

Bhí an fhéile ar an mBuailtín agus sa Daingean an deireadh seachtaine seo caite. Bhí baint nach beag ag Louis Ó Maolchatha le bunú na féile agus d'éirigh Máirín Feirtéar gníomhach san eagrú freisin. 'An oíche oscailte', is mó go mbaineann daoine éagsúla taitneamh as mar bíonn cead ag aon duine go bhfuil fonn cumadóireachta air, a saothar a chur i láthair, ócáid go mbaintear ana shásamh as.

Bhaineadh Máirín ana shásamh as an bhfilíocht, go mór mhór an iarracht fhéinchumtha.

"Cabhraíonn an fhilíocht le haon duine máistreacht níos fearr a bheith aige ar an dteanga ina bhfuil sé ag cumadh," a deireadh sí.

Tagann grúpaí as áiteanna éagsula, ach is ó Luimneach is mó a thagann filí go dtí an Fhéile go dtí seo.

Más buan mo cuimhne, buaileann na 'Luimnígh' le chéile go minic agus bíd coitianta ag cumadh agus ag meas saothar a chéile le go dtuigfeadh siad cá mbíonn a laige nó a nirt i gceird na filíochta.

Mar sin, aon duine go bhfuil meas aige air féin agus a chuid filíochta bí ag cleachtadh don bhliain seo chugainn agus cuimhnigh go mbíonn Simon ó Faoláin ag cur a tine fhuaimintiúil leis an bhfilíocht gach mí. Bhí ardfheile 'Bheag' againn, ach bhí cuimhne Mháirín Feirtéar in aigne a cairde ó thús deireadh.

Seo leat siar go Duibhneach agus cuir in iúl dóibh go filiúil cé chomh maith is atán tú ar shárchumadóireacht. Sea, mura bhfuil agat ach pocán gabhair bí i lár an aonaigh leis.

Cúrsaí Caide na Gaeltachta

COTHROM a chríochnaigh peileadóirí sinsearacha na Gaeltachta agus Fionúig ar an Satharn seo caite i dTrá Lí, 2 - 8 v 0-14, i Sraithchomórtas 2 an Chontae. Ar an Domhnach a deineadh an ghaisce, mar de bharr a mbua ar Naomh Ciarán le 4 -5 v 0 - 14, tá An Daingean i gCraobh Sinsir Caide an chontae den chéad uair riamh. Is in aghaidh Chrócaigh Chill Airne a bheidh siad sa chraobh, seachtain ón nDomhnach. Beir uaim é go mbeidh gach mac máthar gur féidir leis in aon chor ón nDaingean i láthair ag an gcluiche sin agus na mílte nach iad, mar cinnte beidh ardchluiche ann. Caithfear cúpla geall maith a chur as fhir chois cuain an Daingin.

Gaiscí Phobalscoil Chorca Dhuibhne

IS dócha go mbeadh sé dodheánta, a mheasann Príomhoide Phobalscoil Chorca Dhuibhne, Pádraig Feirtéar, an ghaisce a dheineadar i mbliana a dhéanamh arís an bhliain seo chugainn ar fhaiche na peile. Bhí traidisiún maith a deirtí i scoileanna an Daingin i gcúrsaí peile, ach i mbliana dheineadar slad. Ar na coirn a bhuadar bhí Corn Uí Shúilleabháin, Corn Dhún Lóich, Corn Frewen, Choláistí Chiarraí agus Coirn Uí Mhóráin, Uí Mhuirí, agus Ruiséil Choláistí na Mumhan. Sin bailiú.

"Is dócha go bhféadfá Craobh na hÉireann a ghnóthú," arsa duine de na mic léinn, ach bhí ardfhoirne, idir óg agus sinsir, againn i mbliana."

"Bhí triúr ón scoil ar Mhionúir Chiarraí," arsa Pádraig Feirtéar, "agus ba mí-ámharach gur gortaíodh Eanna Ó Conchuir sa chluiche leathcheannais, mar nuair a d'imigh sé siúd den pháirc, agus Ciarraí ag déanamh an-dhul chun cinn, ba léir gur bhain sé dá misneach ag am a raibh an cluiche idir dhá cheann na meá, agus mheasfá an taoide le Ciarrai."

Bhí Pádraig an-mhórtasach as thorthaí Ardteiste na scoile comh maith mar bhí an scoil trí huaire níos fearr ná an mean náisiúnta dóibh siúd a bhí os chionn 500 pointe. Cinnte, fear sásta lena pheileadóirí, a fhoireann agus a scoláirí. Bí ag faire amach i mbliana ar fhaiche na cispheile, mar cloisim go mbeidh foireann an-mhaith cispheile ag an scoil.

Na Coirn Chaide a bhuaigh Pobalscoil Chorca Dhuibhne in 2012, le captaein na bhFoirne, Cathal Ó Lúing, Pádraig Ó Sé agus Tomás Ó Conchúir, agus an Príomhoide, Pádraig Feirtéar. PIC.: BREANDAN MAC GEARAILT

Ganntanas uisce, ganntanas creidmheasa

Concubhar Ó Liatháin

TÁ comhlacht ceannródaíoch ó Chiarraí tar éis frustrachas a léiriú le polasaí na mbanc i leith creidmheas a dhiúltú fiú nuair atá gnó ag brath air.

Comhlacht is ea Aqua Control Teo atá lonnaithe i gCnoc na gCaiseal i dtuaisceart Chiarraí agus tá sé ag déanamh speisialú i gcórais a ghlanann uisce tí le go mbeidh sé réidh le n-ól.

Le blianta beaga anuas tá féidearthachtaí nua gnó ag teacht chun tosaigh ar ilchríoch na hAfraice.

"Fiú is go bhfuil an taiscumair uisce is mó ar domhan san Aifric, tá deacracht ann mar go gcaithfear a chinntiú go bhfuil sé réidh agus sábhailte le n-ól," a dúirt Mark Leenders, príomhfheidhmeannach Aqua Control.

Tá iarrtha ar an gcomhlacht córais soghluaiste ghlanta uisce a fhorbairt le húsáid i dtíortha ar nós na Libéire.

"Bhí mé thall sa Libéir agus chonaic mé radharcanna nach bhfágfaidh mé go deo i Westpoint, Monrovia, príomhchathair na tíre sin," a dúirt sé.

"Ní hamháin nach bhfuil uisce glan agus sábháilte le n-ól ann ach níl aon chóras ceart séarachais ann.

"Má theastaíonn ó dhuine dul go dtí an leithreas, deineann siad an gnó ar an trá. Tagann an taoide isteach agus glantar ar shiúl an salachar."

Tá saineolas ag Aqua Control i gcórais ghlanta uisce agus tá go leor córas éagsúil insealbhaithe acu ar fuaid na tíre.

"Tamall ó shin fuaireas cuireadh ó chairde liom dul go dtí an Libéir agus comhairle a chur ar na hudaráis ann maidir le córais ghlanta uisce a bheadh in úsáid tráth na héigeandála - agus os rud é go mbionn triomach sa Libéir a mhaireann trí go sé mhí, is minic go mbíonn ganntanas uisce ann."

Mhol sé córais glanta uisce a d'fhéadfaí a chur ar chúl leoraí agus iad a thiomáint timpeall ó láthair éigeandála amháin go láthair eile de réir mar ba ghá. An gnáthchostas a bheadh ar a leithéid ná €100,000.

Tá caint ann anois ar suas le 20 córas a sholáthar don Libéir agus bheadh conradh comhairleoireachta ar fiú roinnt milliún euro i gceist freisin d'Aqua Control.

"An deacracht atá againn nach dtabharfaidh an banc an creidmheas dúinn leis an trealamh atá uainn chun na córais seo a chur le chéile a cheannach, fiú is go bhfuil sé cinnte go mbeidh an gnó againn agus go mbeidh an t-airgead ar ais acu gan mhoill."

Tá bainc na tíre ag tabhairt le fios go bhfuil siad ag tabhairt creidmheasa do ghnóthaí beaga agus do ghnóthaí ar mheánmhéid ach tá amhras ann faoin maíomh sin. Tá oifig bunaithe ag an Rialtas - an Oifig Um Athbhreithniú Creidmheasa - a dheineann scrúdú ar diúltaithe banc creidmheas a chur ar fáil do ghnóthaí beaga. Deintear cinneadh an bhainc a chur ar leataobh i dtuairim is 35% de na cásanna.

Teacht le chéile do Mhuiris Ó Rócháin

BEIDH teacht le chéile i Sráid na Cathrach ar an nDomhnach seo, an 20ú la de

Dheireadh Fómhair, le hómós a thabhairt do Mhuiris Ó Rócháin a bheidh bliain básaithe. Tá leabhrán á réiteach ag a chéile, Úna, don ócáid. Beidh Aifreann na marbh ann ar a 12 a chlog agus ina dhiaidh sin rachaidh an comhluadar go dtí uaigh Mhuiris in aice láimhe mar a ndéarfar paidir agus a leagfar bláthfhleasc. Níl 'fhios agam fós an mbeidh aon chaint fé leith réitithe don ócáid. Mar atá ráite ag fia agus fiolar, ba dhuine as an ngnáth Muiris. Bhí aithne aige ar na mílte daoine i gcian agus i gcóngar agus ní theipfeadh riamh air duine a chonaic sé uair amháin a aithint arís. Pearsa mór ab ea é i saol na Gaolainne agus an cheoil agus déarfadh aon duine san leat go raibh aithne aige air. Bhaineadh sé ana shásamh as an nDreoilín agus an 'cleachtadh' a bhaineadh leis. Faid a mhair sé bhíodh sé sa Daingean d'Fhéile an Dreoilín. Gan amhras, tá's ag an saol mór gurbh é fé ndear bunú Scoil Cheoil Willie Clancy, ach bhí a lámh chaoin chneasta chríochnúil i mórán beartas nó gníomh dearfach eile, mar bunú 'Dal gGais' leabhar fé shaol agus stair an Chláir. Is mó duine a bhí ag foghlaim Gaolainne ar chuir sé misneach air agus is mó duine óg a mheall sé i dtreo an cheoil. Fear uasal mar a thuigtear do Ghaeil uasal.

Iomáint i gCorca Dhuibhne?

AN éireoidh leis an iarracht chun craobh gníomhach iománaíochta a bhunú sa Daingean nó in áit éigin i gCorca Dhuibhne? Sa chomórtas Contae fé trí bliana déag, buadh le dhá phointe ar Thrá Lí ar a raibh deichniúr ón nDaingean agus ón gcomharsanacht ar chlár na n-imreoirí. Tá suim léirithe ag roinnt tuismitheoirí san iomáint, go mór mhór iad siúd ó chúlra Chorcaí, an Chláir, Luimnigh nó Thiobraid Árann. Dhá bhliain ó shin bhí beirt

Caoimhe Ní Choileáin, Dan Ó Dubháin, Shane Ó Laoithe agus Muireann de hÓra ar bronnadh Séala Eorpach orthu le haghaidh Scéim Blagála; in éineacht leo tá a múinteoir Gaeilge, Ciara Ní Shé, mar aon le Máire Uí Shíthigh ó Oidhreacht Chorca Dhuibhne agus An Coimisinéir Teanga, Sean Ó Cuirreáin.

ón nDaingean ar fhoireann iomána B a bhuaigh Craobh na hÉireann. Más fíor, is gnáthaí go mbíonn siad siúd a bhíonn go maith ag bualadh caide, amhlaidh san iomáint. Níor bhuaigh Ciarraí Craobh Uile-Éireann iománaíochta ó fadó fadó, sa bhliain 1891. An bhfuil na máithreacha á gcur i bhfearas don lá go mbeidh camán i lámh gach imreoir CLG ó Bhólas go Ceann Chiarraí go Tig Mhóire?

An Daingean Glan

CHUIR an Daingean ceithre mharc i mbliana i gComórtas na mBailte Slachtmhara lena dtuilleadar anuraidh. Tá cuma dheas ar an nDaingean, a bhuíochas cuid mhaith do dhaoine mar Risteárd Mac Liam, an fear ciúin socair a bhíonn coitianta ag cur bláthanna, ag glanadh fiailí nó ag moladh do dhaoine cabhrú le foireann bhailte slachtmhara an Bhaile a bhíonn tearc in uimhreacha go minic. An é mar a dhúirt fear searbhasach go bhfuil siad róchúramach ag déanamh airgid! Ach is dócha, i gcomhthéacs a bhfuil de shluaite ag teacht'un Daingean, mheasfá go mbeadh daoine ag baint na gcos dá chéile le crot níos fearr fós a chur ar an mbaile. Is minic é ráite go bhfuil na grásta ag Risteárd Mac Liam.

Séala Eorpach sa nGaolainn

BHÍ lá dá saol ar an Aoine, 5 Deireadh Fómhair i mBaile Átha Cliath ag ceathrar scoláirí ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne, nuair a bronnadh Séala Eorpach Teanga ar Chaoimhe Ní Choileáin, Dan Ó Dubháin, Shane Ó Laoithe agus Muireann de hÓra le haghaidh Scéim Bhlagála atá ar siúl sa scoil le cúpla bliain anuas. Bhí an múinteoir Gaolainne, Ciara Ní Shé, agus Máire Uí Shíthigh ó Oidhreacht Chorca Dhuibhne in éineacht leo ag bronnadh an tSéala - aitheantas Eorpach do thograí litríochta nua-aimseartha a bhaineann úsáid as an dteicneolaíocht. Chomh maith leis an dteastas, bronnadh seic €1000 ar an dtogra.

D'eascair an bhlagáil ón Scéim Scríbhneoireachta sa scoil leis an bhfile, Bríd Ní Mhóráin, atá maoinithe ag Ealaín na Gaeltacht a agus An Chomhairle Ealaíon. Is iad Oidhreacht Chorca Dhuibhne i gcomhar leis na múinteoirí Gaeilge a riarann an scéim.

Tá Matt Mac Cárthaigh i mbun teicneolaíochta agus is é Pádraig Ó Dubhaigh, múinteoir ón bPobalscoil, a chuir an suíomh in eagar an chéad lá. Fuarthas tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge agus ón scoil féin chun duaiseanna a bhronnadh ar an gceathrar san as a saothar ceannródaíoch i mí na Bealtaine seo caite.

Ba í an Phobalscoil an t-aon mheánscoil sa tír a fuair an t-aitheantas seo ar an lá agus dhein cúrsa i bPolainnis, a bhíonn ar siúl ag an deireadh seachtaine, an bheartaíocht chomh maith le tionscnaimh i gcoláistí tríú leibhéil agus saothar dhaoine aonair. Is léir nach aon teora ar dhíograis, shamhlaíocht, shaineolas agus ar thacaíocht chuí d'fhonn an teanga a chur chun cinn agus i lár an mhargaidh.

An 'Dexter' á moladh!

Breandán Mac Gearailt

TÁ feoil an bheithígh Dexter níos blasta agus maireann an bhó Dexter ar bheagán, ach tugann sí mórán i mbainne agus i bhfeoil a bhíonn ar fheabhas. Dar liom nár chuala oiread daoine riamh ag moladh feola mar fheoil an Dexter.

Dar leis an dtréadlia Pádraig Ó Fiannachta, níl a sárú le fáil agus tá siad sothógtha. Mhairfidís ar thaobh cnoic chomh sásta is a bheith i dtrí orlaí d'fhéar glas. Tá an fás ag méadú agus measann lucht Dexter go mbeidh níos mó daoine ag dul ina dtreo mar go mbíonn siad bláthúil ar bheagán. D'fhéadfadh siad seo an bhearna mhór atá ag an gcaora i saol na dtailte arda a laghdú sna blianta romhainn.



Bollatach

"Tá sí blaiste agat, mar sin is fútsa atá do rogha rud a dhéanamh," arsa an Fiannachtach. Cé go bhfuil líon na nDexter beag agus go bhfuil a líon ag fás le tamall, is méadú mór beagán mar ná fuil na huimhreacha ann i gcomórtas le beithígh eile, beithigh go mbíonn bille mór leasaithe agus mine ag baint leo.

Measann sé leis go dtógann sé tamall ar dhaoine a theacht ar mhalairt aigne fé scata nithe fiú táirgeadh mairteola. Ní bheidh billí téagartha leasaithe ná bia paca á chrá i gcás an Dexter mar maireann siad ar thailte arda nó garbha agus bíonn a gcuid feola i bhfad níos bhlasta ná feoil aon bhó ná beithíoch eile sa tír, dar le Pádraig.

Measann sé go gcuirfidh an droch-aimsir atá ag ciapadh feirmeoirí i dtreo an Dexter iad, ach b'fhearr go mór leis aimsir fónta 'seachtas dílí mí-ámharacha'.

ULAIDH NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Scéala Báis : Gerry O'Hanlon

FUAIR Gerry O'Hanlon, duine de chrann taca an cheoil thraidisiúnta, bás Dé Luain na seachtaine seo caite in aois a 66 bliain. B'as an Mullach Bán i ndeisceart Ard Mhacha dó.

B'amhránaí den scoth é Gerry, a thuig go raibh saibhreas ceoil ina cheantar dúchais. Níos tábhachtaí, spreag sé ceoltóirí eile agus thug se lena chéile iad.

Bhí sé ar dhuine de bhunaitheoirí Fhéile Amhránaíochta Sliabh gCuillinn. Mheall sin amhránaithe ó cheann ceann na tíre. Bhí Gerry, leis, ar bhunaitheoirí an 'Stray Leaf Folk Club' ar an Mullach Bán. Chaith sé seal ar Bhord Taisce Cheoil Dúchais na hÉireann. Bhí sé ar dhuine acu siúd a bhunaigh Tí Chulainn mar lárionad cultúrtha ina áit dhúchais.

Leis, ba shóisialach, ceardchumannaí, agus oibrí sóisialta é. In 1974, sheas sé mar iarrthóir na gClubanna Poblachtacha do Dhún Theas do Pharlaimint Westminster. Bhí sé in aghaidh Enoch Powell, Aontachtaí agus iarAire Caomhach, agus Eddie McGrady, fear sinsearach san SDLP.

Níos moille, cháin sé go láidir an t-ár a tharla ag Kingsmills i ndeisceart Ard Mhacha, nuair a dúnmaraíodh 11 oibrí Protastúnacha i mí Eanáir 1976. Bhí crógacht leis sin, nó bhí cónaí air i ndeisceart Ard Mhacha. Bhí sé 25 bliana leis an ngluaiseacht oifigiúil poblachtach, tréimhse inar bhog siad ó na Clubanna Poblachtacha go dtí Páirtí na nOibrithe. D'éirigh sé as sna 90idí. Dar leis gur cheart don ghluaiseacht sin droim láimhe iomlán a thabhairt don pharaimíleatachas.

Bhí a dhílseacht don sóisialachas níos tábhachtaí aige ná a chuid oideachais. D'fhág an dílseacht chéanna fadhbanna fostaíochta aige. Bhí sé seal ina bhainisteoir ar mhonarcha bróg ar an Iúr, a bhí mar chomharchumann ag na hoibrithe. Thosaigh sé mar oibrí sóisialta agus é i lár a thríocháidí. Ba den lucht siúil go leoir de na cliaint a bhí aige. Throid sé ar a son, in ainneoin bagairtí go mbrisfí as a phost é. D'aithin a chomhoibrithe mar cheardchumannaí láidir é.

I ndiaidh éirí as a phost, d'fheidhmigh sé mar ghobharnóir ad litem, is é sin, cheap na cúirteanna é chun labhairt thar cheann páistí a raibh fadhbanna acu. Bhí sé ag obair air sin go dtí an lá deireannach a ndeachaigh isteach san ospidéal den uair dheireannach.

Glaodh isteach ocht n-uaire é chun scamhóga nua a fháil, ach níor tharla an obráid riamh ar chúis amháin nó cúis eile. Mar sin, rinne sé na socruithe dá thórramh féin. Fuair sé bás go síochánta, ag imirt solitaire ar a ríomhaire glúine.

Maireann a bhean, Rita, a iníonacha Aoife agus Ciana, a mhac Cormac, a chúigear garpháistí, agus a chúigear deirfiúracha.

Gerry O'Hanlon

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 17 Deireadh Fómhair, 2012

ULAIDH NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Ard Mhacha Theas

Dianchúrsa eile do 'Ghaeltacht Oirdheisceart Uladh'

TÁ dianchúrsaí na Samhna á eagrú thar dheireadh seachtaine ar Ghaeilge Dheisceart Uladh, i dTí Chulainn ar an Mullach Bán i ndeisceart Ard Mhacha.

Beidh an chúrsa ar siúl ó choinfheascar Dé hAoine, 16 Samhain go dtí an Domhnach 18.

Tá clú agus cáil ar dhianchúrsaí Gaeilge 'Ghaeltacht Oirdheisceart Uladh' agus bíonn an-tóir orthu i gcónaí.

Cuirfear ranganna ar fail do réimse daoine idir foghlaimeoirí agus cainteoirí líofa.

Beidh na ranganna ag freastail ar 8 leibhéal éagsúla chun a chinntiú go mbeidh rang ann do gach duine.

Beidh ceardlann damhsa ar an tsean-nós sónar siúl do gach aon duine oíche Shathairn,

agus beidh Ceardlann san amhránaíocht traidisiúnta le Padraigín ní Uallacháin ar siúl maidin Dé Domhnaigh.

Is é an táille (meán-lae agus tae san áireamh) don deireadh seachtaine ar fad ná £40.00 nó €50.00

Don cheardlann amhránaíochta agus do turas bús amháin, is é £20.00 nó €25.00 an táille a bheidh i gceist.

Cathair Dhoire

Fógraíonn An Chomhairle Ealaíon ciste £1milliún don Chathair Chultúir

D'FHÓGAIR an Chomhairle Ealaíon ciste infheistíochta de £1 milliún , ar an Luain 15 Deireadh Fómhair, le tacú le clár Chathair Chultúir 2013.

Bainfear úsáid as an airgead seo le tacaíocht a thabhairt do na healaíona i nDoire. Beidh deis ag eagraíochtaí ealaíne, aisteoirí, ceoltóirí, damhsoirí agus ealaíontóirí neamhspleácha cur isteach ar an maoiniú seo ar son imeachtaí cultúrtha na cathrach.

"Úsáidfear an infheistíocht seo ón gComhairle Ealaíon d'eagraíochtaí áitiúla ealaíne le tionscnaimh nua a chur os comhair an phobail idirnáisiúnta. Cuidíonn na healaíona linn íomhá na cathrach a fheabhsú agus is cinnte go bhfuil cuid de na healaíontóirí is fearr ar domhan againn anseo. Beidh deis ag ealaíontóirí a bheas páirteach in imeachtaí Chathair Chultúir 2013 i nDoire a gcuid saothar a léiriú ar an ardán idirnáisiúnta," a dúirt Bob Collins, Cathaoirleach Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann.

Dúirt Martin Bradley, Cathaoirleach Chathair Chultúir 2013 gur "dea-scéal ar fad atá ann do chathair Dhoire agus cuireann sé lenár iarrachtaí saibhreas cultúir mhuintir Dhoire a chur ar fáil. Léiríonn an infheistíocht seo go bhfuil muinín ag an gComhairle Ealaíon asainn maidir le clár spreagúil a chur ar fáil agus beidh áthas orainn an clár iomlán a sheoladh go hoifigiúil ar an 25 Deireadh Fómhair".

Rath ar an nGaeilge in Ard Mhacha

Athrú meoin le mothú i bhfogas d'Eamhain Mhacha

Méabh Ní Thuathaláin

TÁ meon na nAontachtaithe in Ard Mhaca ag athrú, dar le Seán Maoilsté, oifigeach Forbartha na Gaeilge de chuid Cairde Teo.

Anuraidh, díreoidh aird na meán ar Jim Speers, Chomhairleoir an UPP de chuid Ard Mhaca, mar gheall ar an gcáineadh a rinne sé ar an nGaeilge. Dar leis, "the only place Irish will take you is back to the bog", ach creideann Seán Ó Maoilsté go bhfuil athrú ag teacht ar chúrsaí.

"Tá pleananna againn Cultúrlann a bhunú agus rinne muid cur i láthair os comhair na gComhairlí ar na mallaibh le tacaíocht a fháil don tionscadal. Bhí Jim Spears i measc na gComhairlí agus thug sé moltaí fiúntacha dúinn maidir leis an suíomh a bhí muid ag coimhéad air" arsa Maoilsté.

"Ní hé go raibh sé go mór son na Cultúrlainne ach tuigeann sé go bhfuil an éileamh ann faoina choinne. Tuigeann sé go bhfuil muid ag iarraidh poist a chothú agus nach bhfuil muid ag tabhairt faoi chun aighneas a chothú ná a dhath ar bith. Thug sé éisteacht dúinn cibé, agus is comhartha é sin go bhfuil rudaí ag athrú," arsa seisean.

Thosaigh an Ghaeloideachas 17 bliain ó shin in Ard Mhacha agus tá breis agus 400 dalta sa chóras Gaeloideachais in Ard Mhacha faoi láthair ag leibhéal na hiarbhunscoile, na bunscoile, na naíscoile agus na réamh-naíscoile.

Tá Gaeilge iontach láidir sna scoileanna Béarla agus ina measc siúd sa Ghaeloideachas in Ard Mhaca chomh maith, dar le Sean Ó Maoilsté.

Roinnt daltaí a d'fhreastail ar dhianchúrsa CLG Ard Mhacha in éineacht le Seán Ó Maoilsté, Oifigeach Forbartha Gaeilge le CAIRDE Teo agus ball de Choiste Cultúir CLG Ard Mhacha.

"Bíonn muid ag obair le daltaí ó Choláiste Phádraig, meánscoil áitiúil, agus le daltaí ón aonad Gaeilge i gColáiste Chaitríona, agus tá an caighdeán céanna Gaeilge ag na daltaí. Fiú amháin Coláiste Chaitríona, sa chuid den scoil nach bhaineann leis an aonad, bíonn siadsan iontach maith ag an nGaeilge fosta," arsa Sean Ó Maoilsté.

"É sin ráite, tá daltaí ag teacht fríd an gcóras Gaelscolaíochta agus ag freastal ar na meánscoileanna Béarla. agus tá bunús iontach acu, rud a théann i bhfeidhm go cinnte ar na daltaí eile atá sa rang.

Tá thart ar 170 páiste ag freastal ar an aonad Gaeilge i Bunscoil na mBráithre Críostaí, an oiread céanna agus atá ag freastal ar an aonad Béarla sa scoil. Tá 25 páiste ar an naíscoil faoi láthair agus 25 eile sa ghrúpa súgartha atá dírithe ar pháistí atá 3 bliana d'aois.

"Tá an Ghaeilge iontach láidir sa scoil. Tá éiteas láidir a ritheann tríd an scoil trí chéile. Bíonn imeachtaí éagsúla á reáchtáil i ndiaidh am scoile trí mheán na Gaeilge, club drámaíochta, foireann peile le Gaeilge" arsa Ó Maoilsté.

Ag an leibhéal meánscoile, tá 142 dalta ag freastal ar an aonad Gaeilge i gColáiste Chaitríona chomh maith. Tá 2,926 ag déanamh staidéir ar an nGaeilge ag leibhéal iar-bhunscoile san iomlán, sna meánscoileanna Béarla agus sa chóras Gaeloideachais. I mbliana, tá 324 ag gabháil don GCSE Gaeilge agus tá 77 ag déanamh Gaeilge mar ábhar A-Leibhéal.

"Tá daoine ar an eolas faoi rogha na Gaelscolaíochta in Ard Mhaca anois. Tá fás millteanach ar chúrsaí ónár thosaigh sé," a dúirt sé.

Tá Naíscoil Shliabh Fuaid le n-oscailt ar an bhfobhaile i mBaile Mhic an Aba atá cúpla míle ón gcathair féin. Tá Comhairle na Gaelscolaíochta i mbun staidéir maidir leis an éileamh atá ann don naíscolaíocht ar an gCéide. Chomh maith leis sin, tá grúpa eile ag iarraidh grúpa súgartha a bhunú ar an taobh eile d'Ard Mhacha fosta.

Is eagraíocht í Cairde Teo a chuireann an Ghaeilge chun cinn i measc an phobail agus a bhíonn ag plé leis an bpobal áitiúil.

"Tá muid ag obair ar thionscal faoi láthair le daoine idir óg agus aosta, a dhéanfaidh comparáid idir na fadhbanna sóisialta ar nós dífhostaíocht, drugaí, féinmharú, cúrsaí ceardchumainn agus mar sin de. Ní dóigh liom tríocha bliain ó shin go raibh trácht ar fhéinmharú ach is cinnte go raibh sé ag tarlú. Tá cúrsaí ceardchumainn iontach lag faoi láthair i gcomparáid le tríocha bliain ó shin nuair bhí beagnach gach duine ina mbaill do cheardchumainn," arsa Ó Maoilsté.

Máire Rua Ní Ghallchóir ag bronnadh seic €2,700 ar Rosemary Mhic Giolla Bhríde le haghaidh Grúpa Tacaíochta Alzheimers in Ionad Lae Ghaoth Dobhair. Seo an tsuim a tógadh trí leaba a bhrú ó Dhobhar go dtí na Doirí Beaga. Tá Anne Nic Aodha in an phictiúr chomh maith. [PIC. TOMÁS Ó CUIREÁIN]

COCAIREACHT

Muifíní Milise Mháirín

Máirín Uí Coimín

BHÍ sé d'ádh orm siar sna seascaidí agus mé óg, dhá bhliain bhreátha a chaitheamh ag plé le bia ag Ollscoil Chornell sna Stáit Aontaithe, áit ar oscail mo shúile agus mo chroí nuair a chonaic mé, agus a bhlais mé muifíní déanta le sméara gorma.

Níor chuala mé faoi mhuifíní riamh roimhe sin. Ba mhór an spóirt ar fad iad agus níor stop mé ó shin á mbácáil. Rud atá go deas faoi mhuifíní ná gur féidir leat iad a bheith milis nó blasta.

Nuair a bhí mo chlann óg agus boscaí lóin acu ag dul 'na scoile, ní raibh lá nach raibh muifín de shaghas éigin sa mhála scoile. Bhí na cinn bhlasta le meascán cáise chomh sláintiúil agus neart cothaithe iontu, agus iad i bhfad níos deise ná ceapairí cáise agus ar ndóigh níos éasca le cur sa bhosca loin le taobh úll deas, milis, dearg, agus deoch bhainne nó iógairt. Bhí a fhios agat go raibh an scoláire ag ithe go sláintiúil.

Is furasta stáin muifíní a cheannacht i ngach aon saghas, beag, níos mó agus mór - agus sin rud eile atá cliste faoi na muifíní.

Tá na muifíní beaga an-áisiúil i gcóir bia méire nó do naíonáin bheaga. Rud eile is féidir neart acu a bhácáil ag an am céanna agus ansin iad a stóráil sa reoiteoir agus iad a úsáid agus tú faoi dheifir. Mar shampla, cuir sa bhosca lóin ar maidin iad, díreach as an reoiteoir agus beidh siad siad deas úr ag am lóin agus táite amach nó díreoite.

Nuair a bhíonn tú ag bácáil muifíní, tóg amach as an stáin iad chomh luath agus a bhíonn siad bácáilte. i mo thuairim bíonn siad níos deise, agus níos boige ar an mbealach sin, mar go n-éiríonn siad trom má fhágtar rófhada sa stáin te iad. Leis na cinn bhlasta a dhéanamh, níl ort ach an cháis ghrátáilte, nó píosaí beaga bagúin bhriosc, nó píosaí beaga bradán deataithe a mheascadh isteach leis an bplúr in ionad an tsiúcra agus na hábhair mhilse.

Seo a leanas mo rogha do Ghaelscéal na seachtaine seo agus bain sult as.

MUIFÍNÍ BÁNA AGUS SMÉARA DUBHA
Comhábhair
225g/8 n-unsa plúir éiritheach
110g/4 unsa sméara dubha mionghearrtha
75g / 3 unsa siúcra mín
2 bhanana mhóra aibí
1-2 ubh bhuailte
15 ml / 1 spúnóg boird meala
45ml / 3 spúnóg boird d'ola lus na gréine
MODH
Brúigh na bananaí i mbabhla agus cuir isteach an ubh bhuailte, an mhil agus an ola. Measc isteach sa leacht seo an plúr, an siúcra agus na sméara dubha. Líon isteach le spúnóg sna stáin ghréiscthe agus bácáil in oigheann réamhthéite ag 180C / 350 F / Gás 4 ar feadh 20 nóiméad nó mar sin, nó go mbíonn siad cócaráilte. Tóg amach as an oigheann iad agus fág sna stáin iad ar feadh cúpla nóiméad sula dtógann tú amach iad agus sula n-itheann tú te iad.

Nótaí: Tá siad thar barr mar bhricfeasta mall nó le tae san iarnóin.

MUIFÍNÍ MIN CHRUITHNEACHTA LE TORTHAÍ
Comhábhair
225g / 8 n-unsa de phlúr donn éiritheach
25g / 1 unsa de phlúr bán éiritheach
75g / 3 unsa siúcra donn nó bán
110g/ 4 unsa sabhdánach
5ml / 1 taespúnóg spíosraí measctha
2 ubh - buailte
45 ml / 3 spúnóg boird d'ola lus na gréine
45ml / 3 spúnóg boird bainne nó bláthaigh
MODH:
Measc na comhábhair thirime i mbabhla mór. Measc an ola, na huibheacha agus an bláthach nó an bainne le chéile, doirt isteach sna comhábhair thirime agus measc go maith. Líon isteach le spúnóg sna stáin mhuifíní gréiscthe agus bácáil in oigheann réamhthéite ag 180C / 350F/ Gás 4 ar feadh 20 nóiméad. Tóg amach as an oigheann iad agus fág sa stáin iad ar feadh cúpla nóiméad. Tóg amach as na stáin iad agus fág ag fuarú iad ar thráidire sreinge.

CRUINNEAS

Ar chúla téarmaí

Dúshláin agus deismireachtaí Gaeilge á bplé ag **Antain Mac Lochlainn**

LUCHT páirte an aistriúcháin, mise ina measc, is minic muid ag maíomh go saibhrítear agus go n-aclaítear an teanga le linn dúinne a bheith ag cur friotal Gaeilge ar smaointe agus ar fhionnachtana an domhain mhóir.

B'fhíor sin go cinnte nuair a bhí téacsanna leighis agus diagachta á n-aistriú fadó ach bím in amhras faoi thionchar ár gcuid oibre sa Nua-Ghaeilge.

An téacs nach léitear, ní imríonn sé tionchar ar bith, maith olc nó dona. Féach, mar shampla, an ghaisce a rinne na scríbhneoirí ar foilsíodh leabhair leo faoi scéim mhór aistriúcháin an Ghúim sa chéad leath den fhichiú haois agus mar a chuaigh siad i ngleic le béarlagair teicniúil na nua-aoise. Dá mbeadh pobal láidir léitheoireachta ann, neadódh na téarmaí a cheap siad agus bheidís ar bhéal na ndaoine inniu féin.

A mhalairt, atá fíor, áfach - ligeadh i ndearmad bunús uilig na dtéarmaí a cheap siad. Is mór an caillteanas sin, nó bhí sciar maith acu cliste, craicneach agus cruinn ó thaobh na céille de.

Is leor spléachadh a thabhairt ar leabhar ar bith acu chun méid an chaillteanais a léiriú. Tharla gur 'Oileán an Uathbháis' a bhain mé anuas den tseilf - aistriúchán breá a rinne Proinnsias Ó Brógáin, Conallach, ar *'The Island of Terror'* leis an Sasanach ciníoch, frith-Ghiúdach 'Sapper'. Ní fiú smug cait an bunleabhar ó thaobh na litríochta de ach is amhlaidh a bhí sé breac le téarmaí bleachtaireachta agus canúint rúnda na ngadaithe agus na mionchoirpeach.

Bhí Proinsias in ann aige: 'bleachtaire in éideadh fear tíre' a thug sé ar *'plain clothes detective'*, leagan a thugann an chiall leis go foirfe má tá sé pas beag tíriúil féin. 'Airgead tosta



a bhaint amach' a bhí aige ar to '*blackmail*'. Seans nach bhfuil sin beacht go leor chun riachtanais an dlí a shásamh, agus go bhfuil feidhm leis an téarma 'dúmhál', ach is deas an leagan é agus thuigfí gan dua ón chomhthéacs é.

Cén Ghaeilge a bheadh ar *sommelier* ach 'maor an fhíona'? An *receiver* atá ar theileafón, nach deas mar a oireann 'éisteán' dó (níos deise ná 'glacadóir', de mo dhóighse, mura bhfuil ann ach go samhlaím duine le 'glacadóir')?

Ach ba é mórbhua Uí Bhrógáin ná an cumas a bhí ann téarmaí a sheachaint agus an bhrí a thabhairt leis i bparafrása. A leithéid seo: tá laoch an scéil in Rio de Janeiro agus fonn air turas a thabhairt go barr an Sugar Loaf i gcarr cábla. Ní dheachaigh an Brógánach ag útamáil le *funicular* ná a leithéid ach scríobh an leagan fileata seo a thuigfeadh an léitheoir ar an toirt: 'Chuadar go Sugar Loaf Hill ar an téad-bhealach fríd an aer.'

Dála an scéil, iad siúd a bhíonn ag clamhsán faoin Choiste Téarmaíochta agus faoi 'fhocail Bhéarla' a thabhairt ar iasacht, níl a fhios agam cad é a déarfaidís le leaganacha mar 'aidseint' agus 'gramafón' a ndeachaigh Proinnsias ina muinín siar sna 1930í.

Mór an trua nár ghlac pobal na Gaeilge leis na leaganacha sin agus leis na mílte leagan eile a ceapadh de dhroim riachtanais an aistriúcháin. Leaganacha aon uaire iad nach raibh saol fada i ndán dóibh - réiteach sealadach ar fhadhb aistriúcháin. Chum Proinnsias leagan deas ar plain clothes detective ach níor luaithe sin ar an fhód ná gur cuireadh cló ar aistriúcháin ina raibh 'bleachtaire in éadach tuata' agus 'oifigeach fé ghnáthéadach' agus 'lorgaire i ngnáthchulaith'.

Is cinnte go bhfaighfí tuilleadh leaganacha ach iad a lorg. Ní mhaím nach saibhrítear an Ghaeilge de thairbhe an aistriúcháin, ach ní saibhriú go buanúsáid.

Tá tuilleadh áiseanna Gaeilge ar www.aistear.ie

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 17 Deireadh Fómhair, 2012

Bus Mór Buí ag cuidiú le Ragairneálaithe Bhéal Feirste

I measc na sluaite a bhíonn amuigh ar shráideanna Bhéal Feirste ar na deireadh seachtainí, bíonn oibrithe deonacha an SOS BUS NI

Treasa Bhreathnach

OÍCHE Aoine a bhí ann agus móraimh na cathrach amuigh ag baint suilt as tús na deireadh seachtaine. Ar an Aoine áirithe seo bhí an ghealach lán, rud a chiallaigh go raibh lucht an SOS BUS NI ag súil le hoíche oibre níos gnóthaí ná mar ba ghnáth.

Ag timpeall 10i.n. shroich bus mór buí cearnóg Shaftsbury i mBéal Feirste agus an fhoireann oibre réidh le tabhairt faoina gcuid oibre do dheireadh seachtaine eile.

Bunaíodh an SOS BUS NI ar an 27 Samhain 2007 mar eagraíocht charthanachta, agus é mar aidhm acu liostaí feithimh na hAonaid Timpistí agus Éigeandála in Ospidéil Bhéal Feirste a laghdú.

Is éard atá i gceist leis an tseirbhís ná go mbíonn roinnt feithiclí amuigh ar shráideanna Bhéal Feirste le linn na deireadh seachtaine agus foirne d'oibrithe deonacha ag obair chun dul i gcabhair orthu siúd a mbíonn cúnamh ag teastáil uathu.

Mar chuid den chriú oibre bíonn paraimhíochaineoirí (*paramedics*), agus foireann oibre (mná agus fir) le traenáil atá bunaithe ar chórais dheachleachtais idirnáisiúnta.

Tá córas traenála creidiúnaithe i bhfeidhm do na hoibrithe deonacha, agus iad in ann pointí breise UCAS a fháil.

Mar aonad lárnach den SOS BUS NI, bíonn busanna móra buí lonnaithe i gCearnóg Shaftsbury i lár na cathrach agus taobh amuigh den Odyssey Arena gach Aoine agus Satharn.

Bíonn siad ar fáil chun lámh chuideachta a thabhairt dóibh siúd a bhfuil an iomarca alcól ólta acu, a bhfuil drochthionchar orthu de thairbhe drugaí, iad siúd atá gan dídean nó iad siúd atá ina n-íospartaigh foréigin.

I measc an chúnaimh a chuirtear ar fáil bíonn málaí codlata agus éadaí te dóibh siúd a bhfuil orthu codladh amuigh. Cuirtear cupáin tae nó caife agus greim bia ar fáil dóibh siúd a dteastaíonn sé uathu, bíonn seirbhís leighis ar fáil, agus bíonn cluas éisteachta ar fáil dóibh siúd a dteastaíonn uathu beagán cainte a dhéanamh.

Ba é Alastair Edwards a bhí mar cheann foirne ar an Aoine áirithe seo, fear a tháinig as Albain ocht mbliana ó shin lena bhean chéile chun cónaí i mBéal Feirste.

"Chuaigh mé go dtí Eaglais Fisherwick Presbytarian anseo i mBéal Feirste le mo bhean chéile nuair a tháinig mé anall, agus go gairid ina dhaidh sin chonaic mé lucht an bhus ar Shatharn amháin agus iad lonnaithe taobh amuigh den Eaglais," a dúirt Alastair.

"Bhíodar díreach tar éis dul a chodladh ag a cúig a chlog ar an oíche roimh ré agus iad ina ndúiseacht cúpla uair ina dhiaidh sin, agus smaoinigh mé dom féin, 'má tá siadsan in ann é sin a dhéanamh, bhuel is dóigh go mbeinn féin in ann a bheith ag obair leo ar bhonn deonach'," arsa Alastair.

Ag an am sin a thosaigh Alastair a thréimhse leis an mbus agus ó shin i leith d'fhorbair sé sa ról go dtí go raibh sé ag feidhmiú mar cheann foirne.

Bíonn foireann Alastair ag obair deireadh seachtaine amháin sa mhí (ag brath ar an mí), ach má theastaíonn sé bíonn na hoibrithe ar fáil i gcomhar níos mó uaireanta oibre a dhéanamh, ag brath ar fháil na n-oibrithe nó ar an deireadh seachtaine faoi leith.

Mar sin, ós rud é gur thosaigh nasc Alastair leis an mbus nuair a chonaic sé iad taobh amuigh d'Eaglais, an bhfuil aon bhaint ag an SOS BUS NI le chreideamh nó le heaglais faoi leith cúig bliana níos déanaí?

"Ní eagraíocht reiligiúnach é seo, ach ag a gcroílár is ea.

Thosaigh sé tríd an Eaglais Fisherwick Presbyterian ach d'fhorbair agus d'fhás sé ina dhiaidh sin go go raibh sé ina eagraíocht charthanachta. Tá sé go hiomlán saolta (secular) agus níl aon rialacha ann faoi chreideamh in aon bhealach ar bith.

Tá muidne anseo chun cúnamh praiticiúil a thabhairt do dhaoine agus sin an méid. Cinnte, tá a lán daoine ag obair linn anseo a bhfuil creideamh Críostaí acu agus b'fhéidir go dtugann sé sin breis spreagtha do dhaoine, ach ag deireadh an lae is daoine daonna muid ar fad agus tá muid ag iarraidh cabhrú le daoine a d'fhéadfadh a bheith leochaileach agus iad ar na sráideanna," a deir Alastair.

Fergal Ó Luain

Paraimhíochaineoir i mbun oibre ar an mbus

Tá naisc láidir ag an SOS BUS NI leis na tithe tábhairne agus clubanna oíche, le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, leis na hOspidéil áitiúla, agus le seirbhísí tacaíochta carthanachta, mar shampla na Samaritans.

Bíonn an SOS BUS NI agus na heagraíochtaí áirithe seo ag obair as lámha a chéile ar bhonn leanúnach.

Bíonn fáil ag na pubanna agus clubanna ar fhoirne oibre an SOS BUS NI ar an bhfón gach deireadh seachtaine. Má ghlaonn siad orthu agus iad amhrasach faoi dhuine éigin atá istigh acu téann cuid d'fhoireann an SOS BUS NI chuig an láthair i mionbhus, déanann siad measúnú ar an té a bhíonn i gceist agus ar an eachtra áirithe agus tógann siad na chéad céimeanna eile bunaithe air sin, mar shampla más gá cóir leighis a chur orthu is féidir leo é sin a chur ar fáil dóibh.

Dar le hAlastair, tá sé tábhachtach in amanna nach iad an PSNI,, agus go bhfuil sé soiléir nach bhfuil aon bhaint dhíreach acu le haon eagraíocht faoi leith.

Cé go bhfuil an Chríostaíocht mar chroílár de bhunús na heagraíochta, agus is Críostaithe iad formhór na n-oibrithe deonacha, níl fréamhacha na heagraíochta luaite in aon áit ar a suíomh idirlín cé nár chuireadar a gcuid fréamhacha Críostaithe faoi cheilt agus iad ag déanamh iarratais ar stádas carthanach.

Níl aon bhaint dhíreach ag aon Eaglais leis an eagraíocht ónar chláraigh siad mar eagraíocht charthanach, agus níl creideamh pearsanta na n-oibrithe deonach le sonrú agus iad i mbun oibre.

Is léir nach síleann an eagraíocht gur féidir leo a bheith oscailte faoina bhfréamhacha Críostaithe ar líne, agus is trua é sin. Ach, tá sé intuigthe ar ndóigh i sochaí a bhfuil an oiread sin damáiste déanta ag gach saghas creidimh i dTuaisceart Éireann, go mbeadh amhras ag baint le hionracas.

Ina ainneoin sin, nó b'fhéidir mar gheall ar bhunús na heagraíochta, ní féidir an dea-obair a dtugann siad faoi a shéanadh. Tá os cionn 180 oibrí deonach ag obair leis an SOS BUS NI, agus go dtí seo táthar tar éis cabhair a thabhairt d'os cionn 2,300 duine ar an mbus féin, gan trácht orthu siúd a gcuirtear cabhair ar fáil dóibh agus iad ar a mbealach thar an mbus céanna.

Táthar tar éis ochtar a shábháil ón mbás le linn an ama sin, tá roinnt daoine eile tugtha go dtí an tOspidéal, mar aon le daoine a bheith curtha ar an mbealach ceart agus iad ar thóir a dtithe féin nó a lóistín ósta.

An SOS Bus taobh amuigh de Halla na Cathrach i mBéal Feirste

Radharc taobh istigh den bhus

Fear amháin 22 bliain d'aois atá beo inniu agus nach mbeadh gan an SOS BUS NI ná Ben. Bhí Ben amuigh ag ól cúpla deoch lena chairde oíche agus dhá phionta ólta aige, amuigh i gceantar an Odyssey i mBéal Feirste. Thit sé ag 12.45 san oíche, agus de bharr na bpiontaí a bhí ólta aige shíl daoine nach raibh ann ach go raibh sé ólta.

Bhí an SOS BUS NI ar an láthair, thuig siad nach raibh sé in ann análú agus rinne siad é a athbheochan (*resuscitate*) 4 huaire. Ghlaoigh siad ar otharcharr agus rinne foireann an otharchairr é a athbheochan 6 n-uaire sa bhreis. Ní raibh se a thógáil ach ceithre anáil in aghaidh an nóiméid ach tugadh chuig an Ospidéal é, agus mhair sé.

Tháinig sé chun solais ina dhiaidh sin gur thit sé i laige de bharr monabhair chroí (heart murmur), nár tugadh faoi deara roimhe sin.

Mar chuid de sheirbhís an SOS BUS NI cuirtear cóir leighis ar fáil dóibh siúd a theastaíonn sé uathu.

Is é Fergal Ó Luain duine de na paraimhíochaineoirí a oibríonn leis an SOS BUS NI agus é i mbun oibre leo gach dara deireadh seachtaine.

Is as Contae Mhuineacháin ó dhúchas é Fergal agus tá sé cáilithe mar theicneoir cairdiach chomh maith le bheith ina pharaimhíochaineoir, agus oibríonn sé go lánaimseartha in Ospidéal San Séamas i mBaile Átha Cliath le linn na seachtaine.

Níl ach beirt a tharraingíonn tuarastal ag obair leis an SOS BUS NI, an tiománaí bus agus an paraimhíochaineoir.

"Rinne mise traenáil le bheith i mo pharaimhíochaineoir agus is sa ghairm sin a bhí mé ag obair ar feadh 6 nó 7 de bhlianta. Chonaic mé deis chun breis traenála a dhéanamh mar theicneoir cairdiach in Ospidéal San Séamas agus thapaigh mé an deis sin. Oibrím go lánaimseartha i mBaile Átha Cliath ó Luan go hAoine, agus ag na deireadh seachtainí oibrím mar pharaimhíochaineoir chun mo cheadúnas a choinneáil slán," arsa Fergal.

Oibríonn Fergal leis an comhlacht Pro Paramedics, an comhlacht is mó otharchairr i dTuaisceart Éireann.

Tá bá leighis feistithe san SOS BUS NI agus é cóirithe amach le gach ní a bheadh ag teastáil ó pharaimhíochaineoir. Mar sin, cén sórt cóir leighis a bhíonn ag teastáil ó dhaoine agus iad ag dul chuig an SOS BUS NI ar ghnáth-deireadh seachtaine?

Deir Fergal, "Ó lá go lá, feicim a lán ionsaithe, daoine óga le srónta briste agus mar sin de. Faigheann tú a lán cailíní a bhíonn ag siúl sna sála arda agus leá gcosa gearrtha.

"Feiceann tú roinnt daoine a mbíonn ródháileog drugaí (drug overdose) tógtha acu, ach is é an chuid is mó de na cásanna ná daoine a mbíonn an iomarca ólta acu. Coinníonn sé na liostaí feithimh sna hOspidéal i bhfad níos giorra.

Is sórt seirbhís timpistí agus éigeandála inaistrithe atá i gceist anseo. Mura bhfuil cóir leighis ag teastáil uathu, agus cúnamh de chineáil éigin eile ag teastáil uathu, cuirim amach chuig na hoibrithe deonacha iad - tá traenáil faighte ag a lán acu chun deileáil le héagsúlacht cásanna áirithe."

Is fear pósta é Fergal a bhfuil beirt iníon aige, Kaya Mae atá 10 mbliana d'aois agus Rhea atá 14 bliana d'aois, agus iad á dtógáil ag Fergal agus a bhean, le Gaeilge.

An mbíonn mórán gá don Ghaeilge agus é ag obair ar an mbus?

"Bhí suim mhór agam i gcónaí sa nGaeilge agus mé ar scoil, agus ina ndiaidh sin chuaigh mé chuig Gaeltachtaí éagsúla beagnach gach bliain, Ros Muc i nGaillimh agus Rann na Feirste i dTír Chonaill ina measc.

"Níl mórán gá don Ghaeilge ar ndóigh, agus mé ag obair ar an mbus, ach in amanna le linn mo chuid oibre laethúil bíonn gá leis an nGaeilge. Mar shampla, in Ospidéal San Séamas inniu, bhí bean istigh againn as Gaoth Dobhair, i nDún na nGall agus bhíos in ann labhairt léi sin trí Ghaeilge Ach labhraíonn roinnt acu róghasta domsa!" arsa Fergal.

Bíonn an SOS BUS NI lonnaithe i mBéal Feirste gach uile dheireadh seachtaine agus cuirtear seirbhís den chineáil chéanna ar fáil i Sasana agus in Albain.

Tá roinnt maoinithe á fháil acu ón rialtas ach is iad an pobal a chuireann an chuid is mo den maoiniú ar fáil dóibh mar eagraíocht charthanach.

Bíonn 90% den maoiniú á fháil acu ón earnáil príobháideach, bíodh gur iontaobhas, fondúireacht nó comhlachtaí príobháideacha iad.

Más mian leat a bheith ag obair leo mar oibrí deonach nó má shíleann tú gur féidir leat cabhrú leo ar aon bhealach eile, is féidir dul chuig an suíomh idirlín www.sosbusni.co chun tuilleadh eolais a fháil nó is féidir glaoch ar 028 90664505 / 048 90664505.

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

LÉIRMHEAS :

Cruinnscríobh na Gaeilge (eagrán 2012)

Údar: Ciarán Mac Murchaidh
Clúdach Crua, 344 lch
€20
Cois Life

FOILSÍODH an ceathrú eagrán den leabhar gramadaí seo, Cruinnscríobh na Gaeilge, le déanaí. Tá clúdach crua air agus tá sé ar fáil ar €20. Is é Ciarán Mac Murchaidh údar an leabhair, agus is iad Cois Life a d'fhoilsigh é.

Is gearrchúrsa praiticiúil i ngramadach agus i gcruinnscríobh na Gaeilge atá sa saothar seo. Tá sé dírithe go príomha ar an bhfochéimí Gaeilge, ach ar ndóigh is áis luachmhar é d'fhoghlaimeoir ar bith agus do gach éinne gur spéis leo feabhas a chur ar a gcruinneas Gaeilge.

Tá sé bliana ann ó foilsíodh an teagrán deiridh den leabhar agus tá cuid mhór athruithe i ndiaidh a theacht ar theagasc agus ar fhoghlaim teangacha agus gramadaí le linn an achair ghairid sin. Cuireann forbairtí teicneolaíochta deiseanna nua ar fáil d'fhoilsitheoirí chun acmhainní nuálacha foghlama a fhorbairt.

San eagrán iomlán nuachóirithe seo tá ábhar agus cleachtaí breise curtha isteach sa leabhar. Ar an dlúthdhiosca tá ríomhdhiagnóis idirghníomhach tosaigh a léiríonn cá bhfuil gá le hobair bhreise a dhéanamh ag an úsáideoir agus cleachtaí ríomh-thástála le haghaidh na gcaibidlí.

Tá údar an leabhair seo, Ciarán Mac Murchaidh, ina Dhéan Taighde agus Léinn Dhaonna i gColáiste Phádraig, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Is cúrsa gramadaí a bhí i gceist le Cruinnscríobh na Gaeilge ón gcéad lá riamh agus is dlúthchuid den phróiseas foghlama an teanga a bheith ar a thoil go cruinn ag an bhfoghlaimeoir. Ceann de na buntáistí is mó



a bhaineann leis an eagrán seo ná go gcumasóidh sé an foghlaimeoir a bheith i bhfeighil a fhoghlama féin ar a luas féin ina chuid ama féin.

Ba choir go gcuideodh sé le teagascóirí agus le múinteoirí teanga freastal níos fearr ar leibhéil chumais éagsúla ina gcuid ranganna dá bharr sin. Tá go leor cúrsaí agus áiseanna foghlama ar line á bhforbairt ag grúpaí agus comhlachtaí éagsúla, chun freastal ar na gnéithe difriúla a bhaineann le bheith ag foghlaim teanga go hinniúil.

Déanann na hacmhainní agus na háiseanna sin go léir freastal ar ghné thábhachtach amháin den phróiseas foghlama teanga - tacaíonn siad siad leis an fhoghlaim fhéinriartha.

Déanann siad an foghlaimeoir neamhspleách a chumasú le dul i ngleic le dúshláin na foghlama ar a luas agus ag a leibhéal féin. Fágann sé sin nach bhfuil foghlaimeoirí ag brath ar an seomra ranga ann féin chun snas a chur ar na scileanna teanga atá á gcleachtadh acu.

Is féidir leo a theacht ar réimse leathan áiseanna a chuideoidh leo a gcuid scileanna a chleachtadh agus a thástáil ar bhealaí éagsúla. Is i bhfianaise na bhforbairtí sin uilig a ghlac Cois Life an cinneadh eagrán nua de Cruinnscríobh na Gaeilge a réiteach don chló.

Níl aon amhras ach go bhfuil an teagrán seo ar an eagrán is fearr fós. Tá cuma snasta ar an leabhar féin, agus tá sé thar a bheith éasca na leathanaigh a chasadh, mar go bhfuil ceangal bíseach ar an leabhar.

Níl an iomarca eolais ar aon leathanach amháin, agus is maith an rud é sin, mar cabhraíonn sé le léitheoirí agus iad ag iarraidh rud amháin a fhoghlaim ag aon am amháin in ionad gach rud a fhoghlaim ag an am céanna.

Is buntáiste mhór é an dlúthdhiosca a bheith ag teacht leis an leabhar, agus níl aon amhras ach gur áis luachmhar é seo d'éinne gur mhaith leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge agus a gcruinneas Gaeilge ach go háirithe.

SEOLADH LEABHAIR :

'ad delectationem stultorum'

SEOLFAR leabhar nua darb ainm 'ad delectationem stultorum' (Coiscéim) leis an scríbhneoir Philip Cummings Dé Sathairn seo chugainn, 20 Deireadh Fómhair. i mBéal Feirste. Beidh an leabhar á sheoladh ag a haon a chlog tráthnóna Dé Sathairn, sa siopa leabhar an Cheathrú Póilí i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, agus ss é Tomás Mac Síomóin a dhéanfaidh an seoladh

Ní gnách le scríbhneoir idirnáisiúnta dua a chur air féin taisteal go dtí an tír seo ar mhaithe le leabhar Gaeilge a sheoladh, ach ní gnáthscríbhneoir é Tomás Mac Síomóin a bhfuil cónaí air le blianta beaga anuas sa Chatalóin ach a leanann leis ag cur sárshaothair litríochta ar fáil i dteanga na nGael.

Tá Tomás ag dúil go mór leis an seoladh.

"Táimse faoi dhraíocht fós ag mo chéad léamh ar 'ads'; is fada ó d'fhág saothar dá leithéid sa riocht sin mé," arsa Tomás, agus é ar tí dul ar bord an scairdeitleáin phríobháidigh a thabharfaidh go dtí an tír seo é.

Philip Cummings

Beidh sólaistí ar fáil ag an seoladh, agus tá fáilte roimh chách. Beidh oíche osmóis ann do Mhac Síomóin féin Déardaoin 18 Deireadh Fómhair mar chuid den fhéile IMRAM i mBaile Átha Cliath (The Grand Social, 8.00in).

LÉIRMHEAS

'Cillian agus an Rón'

Scríofa ag Malachy Doyle, maisithe ag Tatyana Feeney
An Gúm

SEO an chéad leabhar Gaeilge atá scríofa ag Malachy Doyle, ach tá anchuid leabhar scríofa aige i mBéarla, agus neart duaiseanna buaite aige chomh maith. Is saineolaí é ar na síscéalta agus tá sé spéisiúil, mar sin, gur shocraigh sé tabhairt faoin leabhar Gaeilge seo, Cillian agus an Rón.

Is pictiúrleabhar álainn é seo, foilsithe ag An Gúm, a insíonn scéal Chillian, buachaill a bhfuil an-suim aige i mbáid. Nuair nach dtagann a athair abhaile oíche amháin i ndiaidh stoirme, geallann sé dá mháthair go dtiocfaidh sé air agus go dtabharfaidh sé slán é. Le cabhair óna chara, an rón, tagann sé ar a athair ach chun go ligfí ar ais chuig a theaghlach é bíonn ar Chillian margadh truachroíoch a dhéanamh le Banríon na Maighdean Mara.

Is scéal iontach ó dhuine de mhórúdair leabhar do dhaoine óga é seo, agus é maisithe go hálainn ag Tatyana Feeney. Bainfidh páistí



agus daoine fásta sult as an leabhar seo a léamh.

Is breá liom na dathanna a úsáidtear sa leabhar, agus is mór an pléisiúr an scéal a léamh agus na leathanaigh a chasadh, diaidh ar ndiaidh. Tagann dlúthdhiosca leis an leabhar chomh maith, agus is áis sa bhreis é seo a thaitneoidh go mór le daoine óga. Is féidir an leabhar a cheannach sna siopaí nó é a ordú ar www.litriocht.com.

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Méabh Ní Thuathaláin

Na healaíona agus cultúr i réim ar 'Imeall'



Tá 'Imeall', an clár ealaíne agus cultúir, faoi lán seoil arís i mbliana agus é sa chúigiú sraith, comhartha go bhfuil na healaíona faoi bhláth go mór sa tír, dar le Tristan Rosenstock

IS sraith ealaíne dátheangach é 'Imeall', de chuid Red Shoe Productions, a bhfuil an-rath air ar TG4 le cúig bliana anuas agus seans nach bhfuil cur i láthair de dhíth air ar chor ar bith! Déanann an ceoltóir mór, Tristan Rosenstock an clár a chur i láthair, chomh maith le bheith ag obair ar ábhar na gclár, agus is léir go mbaineann sé an-sult as.

"Bíonn sé de phribhléid bualadh le daoine a bhfuil ardmheas agam orthu agus ar a saothar. Rinne muid mír leis an drámadóir agus an scríbhneoir Tom Murphy le deanaí. Tá mé ag dul chuig drámaí dá chuid le deich mbliana anuas agus ba rud iontach é a bheith ábalta suí síos agus dul i mbun cainte leis," a dúirt sé.

In ainneoin an ghearradh siar atá déanta ar roinnt de na heagraíochtaí a chuireann maoiniú ar fáil d'ealaíontóirí, mothaíonn Rosenstock go bhfuil ag éirí go maith leis na healaíona in Éirinn.

"Nuair a théann na deontais i laghad caitear a bheith glic agus bealach eile a aimsiú. Rud atá ag teacht chun cinn anois ná go bhfuil ealaíontóirí ag baint úsáid as na foirgnimh díomhaoine atá ar fud na tíre agus tá spás á úsáid ar bhealaí difriúla. Tá ealaíontóirí ag dul i dteagmháil le Comhairlí Contae agus ag déanamh socrú leo maidir le seanfhoirgnimh stáit. Tá roinnt eile ag teacht le chéile chun foirgnimh mór a thógáil amach ar chíos agus ag baint leas as an spás ar mhaithe le cleachtaí nó stiúideo ealaíne. Tá a leithéid seo ag tarlú ar fud na tíre, agus léiríonn sé go bhfuil rudaí dearfacha ag teacht chun tosaigh sna healaíona fiú agus rudaí gann sa tír," arsa Rosenstock.

Bíonn 'Imeall' ag tuairisciú ó chathracha mór agus ó áiteanna iargúlta in Éirinn.

Tristan Rosenstock, an ceoltóir mór atá ina láithreoir agus taighdeoir ar Imeall, clár ealaíona agus cultúir de chuid Red Shoe Productions.

"Bhí muid i Leitir Fraic an tseachtain seo caite, áit ina bhfuil mic léinn ag déanamh staidéir ar dhearadh troscán. Nuair a smaoiníonn daoine ar Leitir Fraic, smaoiníonn siad siar ar an áit ar cuireadh buachaillí agus ar tugadh drochíde dóibh. Ach anois tá mic léinn ann atá ag fáil traenáil den scoth sa dearadh troscán agus tá scéal iomlán éagsúil anois a bhaineann leis an áit," a dúirt sé.

Is ardán é 'Imeall' d'ealaíontóirí agus d'imeachtaí ealaíne araon agus tá beocht ar leith leis an gclár mar go bhfuil tuairisceoirí linn ag taisteal ar fud na háite.

"Ní hé go bhfuil muid gafa sa stiúideo, tá cur chuige pearsanta aige. Téann muid amach chuig láthair oibre an ealaíontóra, chuig an áit a spreagtar iad. Faigheann tú tuiscint níos fearr ar an ealaíontóir, bíonn i bhfad níos mó le rá acu agus cuireann an lucht féachana aithne níos fearr ar na healaíontóirí dá réir," a dúirt Rosenstock.

Is ealaíontóirí iad na tuairisceoirí a bhíonn i mbun na míreanna ealaíne, rud a chuireann go mór leis an gclár, dar le Rosenstock.

"Seo daoine a bhfuil saineolas acu ar na healaíona agus a bhíonn ag tuairisciú ar réimsí áirithe lena mbaineann siad. Sin ceann de na rudaí is suntasaí faoi 'Imeall', ná go bhfuil ealaíontóirí ag caint le healaíontóirí eile, tá meas acu ar a chéile agus tá tuiscint níos doimhne acu ná mar a bheadh ag gnáthláithreoir teilifíse," arsa láithreoir na sraithe.

Tháinig Fiachra Ó Braonáin ar bord i mbliana, ceoltóir leis na Hot House Flowers agus beidh sé le feiceáil i mbun agallaimh leis an amhránaí mór Sinéad Ó Connor.

"Labhair Sinéad O'Connor ar bhealach oscailte le comhealaíontóir a mbeadh tuiscint aige ar na rudaí atá a rá aici. Léigh mé roinnt alt nuachtán faoi Shinéad agus chonaic mé í go minic ar an teilifís, agus sílim go bhfuil an t-agallamh a rinneadh léi féin agus Fiachra ar an agallamh is deise léi riamh," a dúirt sé.

Beidh 'Imeall' á chraoladh ar TG4 go dtí mí Aibreán gach Déardaoin ag a 10.30i.n agus arís ar an Domhnach ag meán oíche.

" Déanann muid iarracht na cláir a leagan amach sé seachtaine chun tosaigh. Tá clár speisialta i mí na Nollaig as Londain. Mar is eol do chách, tá ana chuid daoine i ndiaidh bogadh anonn go Londain, daoine óga, ealaíontóirí den scoth atá ag iarraidh a gcos a fháil isteach agus glúin úr imirceach atá ag treabhadh leo thall i Londain. Chomh maith leis sin, tá muid ag caitheamh lá leis na Saw Doctors," ar seisean.

Fiachra Ó Braonáin ón ghrúpa mór The Hothouse Flowers in éineacht leis an amhránaí cáiliúil Sinéad O'Connor a bheas le feiceáil i mbun cainte amárach ag a 10.30 i.n. oíche Dhéardaoin ar TG4.

Féach ar 'Imeall' na seachtaine seo ag 10.30i.n, oíche Déardaoin ar TG4

Ar chlár na hóiche amárach, labhraíonn Fiachna Ó Braonáin agus Sinéad O'Connor. Beidh plé ar an gcéad chnuasach filíochta le Micheál Ó hAodha, 'Slán le hÉirinn', a bhaineann le téama na n-imirce agus téann Tristan agus Micheál ar thuras ar an mbád bán chuig an Bhreatain. Chomh maith leis sin, beidh Fíbín ag labhairt faoin dráma do dhéagóirí a bhí á léiriú acu i rith an tsamhraidh.

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Gaeilge – Ardteistiméireacht 2013 Le Mícheál Ó Ruairc

An Bhéaltriail / Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Leagan Amach an Scrúdaithe

Cuid 1 - Fáiltiú, Léamh na Filíochta

1. Fáiltiú 05 marc
Bíonn cúig mhír eolais ag teastáil anseo:

- Ainm 01 m
- Aois 01 m
- Seoladh baile 01 m
- Dáta breithe 01 m
- Scrúduimhir 01 m

Samplaí

- Ríona Nic Fhearghusa is ainm dom.
- Táim seacht mbliana déag d'aois
- Is é mo sheoladh baile ná: 'An Chluain Ard', Bóthar na Trá, Gaillimh.
- Is é mo dháta breithe ná [nó rugadh mé ar . . .] an tríú lá is fiche de mhí na Nollag mile naoi gcéad nócha sé.
- Is é a dó a cúig a sé a seacht a hocht a haon (256781) mo scrúduimhir.

Foghlaim - *Is é mo dháta breithe ná . . . . . Rugadh mé ar . . . .*

- An chéad lá . . an dara lá . . . an tríú lá . .. an ceathrú lá . . . an cúigiú lá . . . de mhí Eanáir
- An séú lá déag . .. an seachtú lá is fiche . . . an t-ochtú lá déag . . . an naoú lá is fiche . . .
- An fichiú lá . . . an tríochadú lá . . . an t-aonú lá is tríocha . . . de mhí na Nollag . . .
- N.B: aon áit a bhfuil séimhiú, urú, síneadh fada, déan iad a FHUAIMNIÚ i gceart!

2.Léamh na Filíochta 35 m
Iarrtar ort dán amháin (nó giota as dán) de na cúig dhán ainmnithe don Ardleibhéal agus don Ghnáthleibhéal a léamh (nó a aithris) os ard.

Seo a leanas an liosta dánta:

1. An Spailpín Fánach (dhá véarsa ar bith)
2. Géibheann (an dán ar fad)
3. An tEarrach Thiar (an dán ar fad)
4. Mo Ghrá-sa (trí véarsa ar bith)
5. Colscaradh (an dán ar fad)

Nodanna

- Caithfear gach dán a ullmhú ina iomláine.
- An scrúdaitheoir a roghnóidh an dán agus na véarsaí a léifear.
- Caithfear an dán a léamh go fogharchruinn (foghraíocht) agus go rithimchruinn.
- Tá sé riachtanach go mbeidh brí agus rithim an dáin cruinn agus ceart ag an iarratasóir.
- Caithfear an séimhiú, an t-urú agus an síneadh fada a fhuaimniú go cruinn is go soiléir.

Foghlaim: *an séimhiú ('h'); an t-urú; an síneadh fada*

- mo shláinte; ní ghlaofar; mo thriall; do ghearrainn; mo shúiste; im ghlaic (Spailpín Fánach)
- mo gháir; a dhéanfadh (Géibheann)
- de ghímseán; dhá dhroim; ar dhuirling bháin (An tEarrach Thiar)
- mo ghrá-sa; mar bhláth; aon ghaol; a chluasa; aon ghlaise; a shúile; a ghruaige; mar bhean dhubh (Mo Ghrá-sa)
- a chine; a thine; den bhríste; den chíste (Colscaradh)
- na gcroppies; i gCarraig; i gCallainn; a gcapaill (Spailpín Fánach)
- an gcrann (Géibheann)
- sa gciúineas; i dtaitneamh; a gcótaí; i ndeireadh (An tEarrach Thiar)
- na n-airní; i ngairdín; ocht dtroigh; ar an gcéad; i ndea-ghiúmar (Mo Ghrá-sa)
- i dtógáil (Colscaradh)
- fánach; ráithe; sáite; brách; cúrsa; dlúth; tíocht; á fhiafraí; siúil; siúd siúl (Spailpín Fánach)
- ainmhí; cliú; cáil; scéimh; tráth; gháir; luim; céadta; dhéanfadh (Géibheann)
- ghimseán spáide; locháin; scáilí; támh; síothach; rámha; d'éisc; ór-mhuir (An tEarrach Thiar)
- bhláth; nóiníní; fhásfaidh; róchóngarach dá chéile; más; síoda; ribí; deilgní; úlla; finiú na (Mo Ghrá-sa)
- tógáil; bhríste; dídean; Thángthas; réiteach (Colscaradh)

Dán Samplach

An Spailpín Fánach

Im spailpín fánach atáim le fada
ag seasamh ar mo shláinte,
ag siúl an drúchta go moch ar maidin
's ag bailiú galair ráithe; 4
ach glacfad fees ó rí na gcroppies,
cleith is píc chun sáite
's go brách arís ní ghlaofar m'ainm
sa tír seo, an spailpín fánach. 8

Ba mhinic mo thriall go Cluain gheal Meala
's as sin go Tiobraid Árann;
i gCarraig na Siúire thíos do ghearrainn
cúrsa leathan láidir; 12
i gCallainn go dlúth 's mo shúiste im ghlaic
ag dul chun tosaigh ceard leo
's nuair théim go Durlas 's é siúd bhíonn agam -
'Sin chú'ibh an spailpín fánach!' 16

Nodanna

- An rud is tábhachtaí ná gach line a léamh go soiléir, sothuigthe
- Léigh na dánta os ard ar bhonn rialta
- Léigh an dán go mall. Má léann tú go tapa é déanfaidh tú botúin
- Éist leis na dánta á léamh ag an múinteoir nó ar dhlúthdhiosca
- Ná bí sásta go dtí go bhfuil gach focal i ngach line i gceart agat
- Cleachtadh a dhéanann máistreacht!

(ii)Mo Cheantar Dúchais

Cathal de Búrca is ainm dom. Tá mé i mo chónaí i mBaile Bhlainséir in Iarthar Bhaile Átha Cliath. Bruachbhaile mór is ea é. Tá sé timpeall ocht míle ó lár na cathrach. Bíonn trácht an-trom sa cheantar seo gach lá mar go bhfuil ionad mór siopadóireachta ann.Tá a lán scoileanna sa cheantar seo do bhuachaillí agus do chailíní. Tá a lán áiseanna maithe againn sa cheantar seo: ionad siopadóireachta, ionad spóirt, pictiúrlann, amharclann, leabharlann, linn snámha, tithe tábhairne, clubanna do dhaoine óga, páirceanna peile agus giomnáisiam. Tá an t-ádh dearg liom go bhfuil an méid sin áiseanna in aice liom. Ar an iomlán is ceantar deas é mo cheantar dúchais cé go bhfuil fadhbanna againn freisin. Ó thráth go chéile bíonn foréigean ar na sráideanna, tá fadhb drugaí ann agus fadhb óil in eastáit nó dhó. Ach bíonn fadhbanna sóisialta i ngach cathair sa lá atá inniu ann. Nílimse ag gearán cé go gcuireann drochstaid na tíre faoi láthair imní agus éadóchas orm.

GLUAIS

iarthar - west
bruachbhaile - suburb
trácht - traffic
áiseanna - facilities
ionad siopadóireachta - shopping centre
tithe tábhairne - public houses
tá an t-ádh dearg liom - I am really lucky
ó thráth go chéile - from time to time
foréigean - violence
ag gearán - complaining
drochstaid - bad state
imní - anxiety
éadóchas - despair

Baile Bhlainséir

Lean muid ar:

Le tacaíocht ó: Comhar na Múinteoirí Gaeilge

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Gaeilge – Ardteistiméireacht 2013 Le Mícheál Ó Ruairc

Páipéar I / Cuid II
Ceapadóireacht (100 marc)

A Aiste

Teanga na Gaeilge – teanga i mbaol?

Is fada teanga na Gaeilge i mbaol! Ní inniu ná inné a thosaigh an díospóireacht seo faoi thodhchaí na teanga. Ag deireadh an naoú haois déag bhíothas den tuairim go raibh meath chomh mór sin tagtha ar an nGaeilge go raibh sí geall agus a bheith marbh. Spreag an t-éadóchas i dtaobh na teanga feachtas athbheochana i measc na ndaoine agus roimh dheireadh an chéid sin bhí an teanga faoi bhláth arís. Bunaíodh eagraíochtaí ar bhonn náisiúnta chun teacht i gcabhair ar an teanga agus cuireadh béim níos mó ar an nGaeilge mar ábhar scoile ar an gcuraclam. Leanadh leis an bhfeachtas seo go dtí an lá atá inniu ann. Bunaíodh gaelscoileanna, naíonraí Gaelacha, coláistí samhraidh, teaglaigh Ghaelacha srl agus é mar aidhm acu an Ghaeilge a chaomhnú agus a neartú i measc na n-óg.

Cad is teanga i mbaol ann? De réir dealraimh tá breis agus sé mhíle teanga ar chlár na cruinne sa lá atá inniú ann. De réir na saineolaithe tá trí mhíle teanga – thart ar leath de theangacha uile an domhain – i mbaol a mbáite. Is staitistic scanrúil í sin, dar liom. Tá na mionteangacha go léir fágtha ar an imeall agus táthar ag tuar nach mbeidh aon cheann de na trí mhíle teanga sin atá i mbaol fágtha faoin mbliain 2100. Níos measa fós d'fhéadfadh cúig mhíle teanga a bheith i mbaol a mbáis faoin am sin. Tá na mórtheanggacha – an Béarla, an Mhandairínis, an tSínis,an Spáinnis, an Ghearmáinis agus an Rúisis ag fáil seilbhe ar theangacha uile an domhain. Is iad siúd na sárchumhachtaí teanga agus sa tslí chéanna is atá an t-ollmhargadh ag ruaigeadh an tsiopa bhig chun siúil, tá an ollteanga ag ruaigeadh na teanga bige chun siúil ar an dóigh chéanna.

Tá teanga i mbaol a báis nuair nach bhfuil go leor daoine á labhairt go laethúil. Ta teanga i mbaol a báis nuair a cailltear lucht a labhartha agus nuair nach dtagann éinne ina n-áit chun an teanga a labhairt ina ndiaidh. Tá teanga i mbaol a báis nuair a stopann daoine ag leabhairt na teanga sin agus nuair a thosaíonn siad ag labhairt teanga eile, teanga an tromlaigh go hiondúil. I gcás na hÉireann braitheann todhchaí na teanga cuid mhaith ar chinniúint na Gaeltachta. Tá an Ghaeltacht ag meath le blianta beaga anuas agus ar an ábhar sin tá líon na gcainteoirí dúchasacha ag titim go tubaisteach. Sa lá atá inniu ann tá an teanga ag brath cuid mhaith ar chainteoirí a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Ghaeltacht.

Ta tionchar mór ag na feiniméain ar a nglaotar 'domhandú' agus 'nua-choiliniú' orthu. Mar shampla, is teangacha domhanda iad an Béarla agus an tSínis agus tá an-dochar go deo á dhéanamh acu do na mionteangacha. Tá na mionteangacha Ceilteacha truaillithe ag tionchar an Bhéarla ach go háirithe. Tá mionteangacha na hÁise truaillithe ag tionchar na Mandairínise agus na Sínise ar an dóigh chéanna. Ar ndóigh, nuair a imíonn teanga imíonn cultúr, mórtas cine, traidisiúin agus anam náisiúin ina teannta. Gan trácht ar shaibhreas cainte, cheoil, amhránaíochta, litríochta agus filíochta.

Ar an ábhar sin, tá sé tábhachtach go ndéanfadh gach glúin daoine iarracht a dteanga dhúchais a fhorbairt agus a chaomhnú. An bealach is fearr chun é seo a dhéanamh ná í a labhairt. Mar a deir an seanfhocal: 'beatha teanga í a labhairt'. Mar is eol do chách 'tír gan teanga tír gan anam' agus ní theastaíonn ó éinne maireachtaint i dtír gan anam. Ní bheidh teanga na Gaeilge i mbaol má dhéantar iarracht mhacánta í a labhairt agus a léamh. Ba cheart dúinn a bheith bródúil as ár dteanga dhúchais agus féachaint chuige go bhfanfaidh sí beo agus go mbeidh sí ann don chéad ghlúin eile a thiocfaidh inár ndiaidh.

GLUAIS

meath – decline
feachtas – campaign
saineolaithe – experts
ag tuar – predicting
ag fáil seilbhe – gaining control
sárchumhachtaí – superpowers
ag ruaigeadh – chasing off
cinniúint – fate
feiniméain – phenomena
domhandú – globalisation
nua-choilíniú – neo-colonization
mórtas cine – pride of race

Gramadach Gan Dua! 7
Ardteist agus Teastas Sóisearach

Seo a leanas liosta de na hainmfhocail neamhrialta – ní bhaineann siad le Díochlaonadh ar bith.

Ainmfhocail Neamhrialta

Ainmfhocal	Ginideach Uatha	Ginideach Iolra
an mhí	ar feadh na míosa	ar feadh na míonna
an chaora	olann na caorach	olann na gcaorach
an deirfiúr	cóta na deirféar	cótaí na ndeirfiúracha
an tsiúr	leabhar na siúrach	leabhair na siúracha
an bhean	cara na mná	cairde na mban
an bhó	bainne na bó	bainne na mbó
an teach	cúl an tí	cúil na dtithe
an lá	ar feadh an lae	ar feadh na laethanta
an deoch	ag ól na dí	ag ól na ndeochanna
an leaba	cois na leapa	cois na leapacha
an talamh	ag díol na talún	ag díol na dtailte
Éire	muintir na hÉireann	_____
	[Tuis. Tabh: in Éirinn, go hÉirinn etc]	
Dia	ar son (an) Dé	ar son na nDéithe.

is féidir íoc as síntiúis go sábhailte trí PayPal ag http://www.oideachas.gaelsceal.ie/sintiuis/ nó is féidir leat foirm shíntiúis a íoslódáil ag www.oideachas.gaelsceal.ie agus www.gaelsceal.ie.

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Gaeilge – Teastas Sóisearach 2013 Le Mícheál Ó Ruairc

Béaltriail Roghnach 2013
Cuid 1

Achar ama: 11/12 nóiméad

Marcanna: 160 marc

Tá ceithre chuid sa Scrúdú seo:
Cuid 1: Fáiltiú - 1 nóiméad (10 marc)
- Ainm, scrúduimhir, dáta breithe, rang.

Cuid 2: Cur síos ar shraith pictiúr - 3 nóiméad (30 marc)
- 5 sraith pictiúr
- Roghnóidh an dalta sraith pictiúr **amháin** go randamach
- Beidh 1 nóiméad ag an dalta chun staidéar a dhéanamh ar an tsraith pictiúr
- Déanfaidh an dalta cur síos ar ábhar na sraithe sin

Cuid 3: Rólghlacadh - 3 nóiméad (40 marc)
- 8 cártaí san iomlán
- 4 topaic (a) An Scoil
  (b) Caitheamh Aimsire
  (c) Laethanta saoire
  (d) Bia agus deoch
- Beidh 2 cárta bunaithe ar **gach ceann** de na 4 topaic
- Roghnóidh an dalta cárta **amháin** as na 8 cártaí
- Beidh 1 nóiméad ag an dalta chun staidéar a dhéanamh ar an gcárta
- Cuirfidh an dalta ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoin gcárta
- Beidh ról idirghníomhach ag an scrúdaitheoir sa chuid seo den scrúdú
- 10 ceist ar fad a chuirfidh an dalta

Cuid 4: Agallamh - 4/5 nóiméad (80 marc)
- Sa chuid seo den scrúdú déanfaidh an scrúdaitheoir tástáil ar Ghaeilge labhartha an dalta trí cheisteanna a chur air/uirthi.

Agallamh Samplach

Cad is ainm duit?

_____ is ainm dom.

Cá bhfuil cónaí ort?

Tá cónaí orm i _____

Cén sórt ceantair é sin?
Is ceantar deas é. Tá sé suite leathmhíle lasmuigh den mbaile mór. Is sráidbhaile ciúin é. Tá cónaí orm i dteach feirme. Is seanteach mór é. Tá ceithre sheomra ann. Tá gairdín mór os comhair an tí ina bhfuil crainn agus bláthanna ag fás.

An bhfuil a lán áiseanna i do cheantar?
Níl an méid sin áiseanna ann, le bheith dáiríre. Tá dhá shiopa sa sráidbhaile, trí theach tábhairne, bialann amháin agus bunscoil. Bhí oifig an phoist ann go dtí tús na bliana seo ach dúnadh é an lá roimh Lá le Pádraig. Níl aon áiseanna spóirt ann ach tá ionad pobail mór ann.

Cén aois tú?

Táim _____ d'aois. Beidh mé sé bliana déag ar 1 Feabhra 2012.

Inis dom faoi do chlann.
Tá seachtar ar fad i mo chlann: mé féin, mo bheirt deartháireacha Colm agus Ian, mo dheirfiúr Aoife, mo mham agus mo dhaid agus mo mhamó. Tá mo mhamó seacht mbliana agus seachtó ach tá sí chomh folláin le breac fós.

Scrúdú an Teastais Shóisearaigh
Roinn II - Fillíocht Dhá Dhán

Léigh an dá dhán thíos agus freagair na ceisteanna a ghabhann leo

An Gleann Inar Tógadh Mé

Ó áit go háit ba bhreá mo shiúl
'S dob ard mo léim ar bharr an tsléibh',
San uisce fíor ba mhór mo dhúil.
'S ba bheo mo chroí i lár mo chléibh;
Mar chois an ghiorria do bhí mo chos,
Mar iarann gach alt is féith,
Bhí an sonas romham, thall is abhus,
Sa ghleann inar tógadh mé.

Gach ní dá bhfacas le mo shúil
Bhí sé, dar liom, ar dhath an óir;
Is annamh a dhearcainn ar mo chúl
Ach a' dul ar aghaidh le misneach mór;
Do leannainnse gan stad gan scáth
Mo rún (dá gcuirfinn romhamsa é);
Do bhéarfainn, dar liom, ar an ngaoith
Sa ghleann inar tógadh mé.

Ní hamhlaidh tá sé liom anois!
Do bhí mé luath, is tá mé mall;
Is é, mo léan, an aois do bhris
Sean-neart mo chroí is lúth mo bhall;
Do chaill mé mórán 's fuair mé fios
Ar mhórán - och! Ní sású é -
Mo léan, mo léan gan mise arís
Óg sa ghleann inar tógadh mé.
- **Dubhghlas de hÍde**

Valparaiso

Tháinig long ó Valparaiso,
Scaoileadh téad a seol sa chuan,
Chuir a hainm dom i gcuimhne
Ríocht na gréine, tír na mbua.

'Gluais,' ar sí, 'ar thuras fada
Liom ó scamaill is ó cheo,
Tá faoi shleasa gorm-Andes
Cathair scáfar, glé mar sheod.'

Ach bhíos óg is ní imeoinnse,
Am an dóchais, tús mo shaoil,
Chreideas fós go raibh i ndán dom
Iontaisí na ndán is na scéal.

Ghluais an long thar linnte mara
Fad ó shin is a crann mar ór,
Scríobh a scéal ar phár na hoíche,
Ard i rian na réiltean mór.

Fillfidh sí arís chugam, áfach,
Chífead cathair bhán faoin sléibh,
Le hais Mara na Síochána,
Creidim fós, beagnach, a Dhé.
An tAthair Pádraig de Brún

Ceisteanna - (iad ar cómharc)

A (Buntuiscint)
(i) (a) Conas a léiríonn an file go raibh dúil mhór aige a bheith amuigh faoin aer sa dán *An Gleann Inar Tógadh Mé?* (**Dhá** phointe)
(b) Cad a chreid an file a bheith i ndán dó sa dán *Valparaiso?*

(ii) (a) Cá ndeachaigh an long sa dán *Valpariso?*
(b) Cad a chreideann an file? *(Valparaiso)*

(iii) (a) Cén t-athrú atá tagtha ar an bhfile i véarsa 3 den dán *An Gleann Inar Tógadh Mé?* (**Dhá** phointe)
(b) Cén saghas duine é an file, dar leat, sa dán *An Gleann Inar Tógadh Mé?* (Is leor **dhá** phointe a lua.)

B (Léirthuiscint Ghinearálta)
(i) Cad é an mothúchán is láidre, dar l eat, atá léirithe sa dán *An Gleann Inar Tógadh Mé nó sa dán An Óige?*
(ii) Déan cur síos **gairid** ar chosúlacht **amháin nó** ar dhifríocht **amháin** atá idir an dá dhán.
(iii) Cé acu den dá dhán is fearr leat? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth).

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Nótaí tacaíochta le Comhar na Múinteoirí Gaeilge

SRAITH PICTIÚR 5
Post Samhraidh

Tá an scéal thíos san ord mícheart. Ag obair i mbeirteanna cuirigí eachtraí an scéil san ord ceart. Níl ach cúpla nóiméad agaibh!
M.sh A = pictiúr 2

AGan mórán moille nó dua tháinig siad trasna ar fhógra 'Postanna in óstán i mBaile Átha Cliath. Pá maith.' Ba léir go raibh Liam idir dhá chomhairle faoi - bhí imní air faoi chúrsaí airgid - cé mhéad airgid a chosnóidh árasán i mBaile Átha Cliath. Dearfainn freisin go raibh sé imníoch faoi toisc go mbeadh sé as baile den chéad uair. Ach bhí leigheas ag Séan ar an scéal - bhí deartháir leis ina chónaí san Ardchathair ahsi bhí sé imithe leis ag taisteal don samhradh. Bheadh siad beirt ábalta cur fúthu in árasán dheartháir Sheáin le linn an tsamhraidh.

BD'fhill an bheirt abhaile ina dhiaidh sin. Bhí tuismitheoirí Sheáin breá sásta leis agus an-bhródúil as. I dteach Liaim bhí ríméad ar a thuismitheoirí é a fheiceáil freisin. Is léir go raibh siad an-sásta leis an méid airgid a bhí curtha i dtaisce ag Liam don choláiste. Mhol siad dó rud éigin deas a cheannach dó fein le cuid den airgead sin agus dearfainn gur cheannaigh!

CMí an Mheithimh a bhí ann. Bhí laethanta saoire an tsamhraidh tagtha faoi dheireadh agus bhí leadrán ar Liam agus ar Sheán. Bhí post samhraidh ag teastáil uathu mar bhí siad airgead ag teastáil uathu agus mar a dúirt mé bhí siad leadrán ar an mbeirt acu sa bhaile. Shocraigh siad cuardach a dhéanamh ar líne. Chuaigh siad caol díreach ag an inneall cuardaigh Google.

DNíorbh fhada go raibh deireadh an tsamhraidh buailte leo. Bhí na buachaillí tar eis go leor airgid a shaothrú agsu ba léir go raibh siad breá sásta leo féin. Bhain siad taitneamh agus tairbhe as. Ar an aonú lá is tríocha de mhí Lúnasa chuaigh na buachaillí chun cainte le bainisteoir an óstáin. De réir cosúlachta bhí sé thar a bheith sásta leis na buachaillí agus dúirt sé leo go mbeadh neart oibre ann dóibh am Nollag nó an samhradh seo chugainn. Ceapiamse go raibh Liam agus Seán an-bhuíoch dó agus ghabh siad buíochas leis nuair a bhí siad ag fágáil.

EThosaigh siad ag obair go gairid ina dhiaidh sin. Bhí meascán de churaimí ar an buachaillí - ag freastal ar na boird, ag obair thaobh thiar den bheár, agus ag glacadh orduithe le horduithe . Thaitin obair an bheáir go mór le Séan ach b'fhearr le Liam a bheith ag freastal ar na boird. Buachaill deisbhéalach a bhí ann agus tá sé soiléir ón bpictiúr go raibh bua na cainte aige!

FBheartaigh siad dul go Baile Átha Cliath chun cúrsaí a fhiosrú tuilleadh. I dtosach baire labhair siad leis an mbainisteoir in óstán Uí Néill. Thug an bainisteoir neart eolais do na buachaillí faoin bpost, mar shampla labhair sé faoi na coinníollacha oibre agus na dualgais éagsúla a bheadh orthu mar fhostaithe. Freisin thug sé neart eolais dóibh faoi na huaireanta oibre agus faoin éide oibre. Tá an cuma ar an scéal gur fear údarásach ach cothrom a bhí ann mar bhí sé sásta glacadh le ceisteanna freisin. Bhí an bheirt sásta leis agus fiú d'iarr Seán air cathain a bhféadfadh sé tosú!

A= **B=** **C=** **D=** **E=** **F=**

Tasc beag:

Léigh an scéal ó thús go deireadh san ord ceart anois agus déan liosta den fhoclóir is tábhachtaí sa tsraith seo, pictiúr ar phictiúr.

Pictiúr 1

Pictiúr 2

Pictiúr 3

Pictiúr 4

Pictiúr 5

Pictiúr 6

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

OSPS - Féinbhainistiú

Cothromaíocht
Tá sé tábhachtach foghlaim cén chaoi le do lá a phleanáil idir obair scoile agus obair bhaile ionas go mbeidh am agat chun scíth agus chun spraoi. Caithfidh cothromaíocht a bheith idir obair, scíth agus spraoi. Tabharfaidh an chothromaíocht seo deis chun saol sláintiúil a bheith agat.

Clár Ama
Tugann clár ama cúnamh duit chun ullmhú do ranganna agus na leabhra agus na hábhair ceart a thabhairt leat. Tugann clár ama cothromaíocht idir ranganna difriúla agus am lóin.

Scileanna Staidéir
Tá dea-scileanna staidéir ceangailte go láidir le torthaí maithe scrúdaithe, mar sin ba cheart dea-nósanna a chleachtadh. Seo a leanas noda chun bainistiú a dhéanamh ar dhea-nósanna staidéir.

Nótaí a bhreacadh sa rang
Tá sé tábhachtach mar ullmhúchán do scrúduithe na hArdteistiméireachta agus an Teastais Shóisearaigh nótaí maithe a bheith agat. Tá an t-eolas a chuireann múinteoirí ar fáil tábhachtach. Tá sé tábhachtach go mbeadh sé de chumas agat nótaí maithe a bhreacadh síos. Deirtear go bhfuil trí chéim ag baint le nótaí a bhreacadh - rudaí áirithe a chaithfear a dhéanamh roimh an rang, i rith an ranga agus i ndiaidh an ranga.

Plé sa rang
Má fhaigheann tú obair bhaile don rang Gaeilge Dé Luain le haghaidh rang Gaeilge a bheidh ar siúil ar an Aoine, cén uair is fearr an obair bhaile sin a dhéanamh?

Sampla d'amchlár

Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine

Roimh an rang
Breathnaigh siar ar do chuid nótaí ón rang deireanach. Is fearr a bheidh tú in ann cuimhneamh ar an ábhar a clúdaíodh ann agus is fearr a thuigfidh tú an t-eolas nua a thabharfaidh an múinteoir duit.

Nótaí a bhreacadh i rith an ranga
Dírigh d'aird ar an méid atá á rá ag do mhúinteoir sa rang. Éist le haghaidh ráiteas a thabharfaidh le fios go bhfuil an t-ábhar tábhachtach: "Is é an pointe is tábhachtaí ná..."; "Cuimhnigh go...". Breac síos na nótaí ar fad a chuirtear ar an gclár dubh.

Tar éis an ranga
Scríobh do chuid nótaí amach arís tar éis an ranga. Scríobh amach ina n-iomlán na focail sin a scríobh tú i bhfoirm ghearr sa rang. Aistrigh abairtí gearra ina n-abairtí níos faide. Bain úsáid as téacsleabhar agus foinsí eile chun ábhar sa bhreis a chur le do nótaí ranga.

Díospóireacht sa rang
Biodh díospóireacht sa rang agaibh faoin ráiteas seo :
Ba cheart an t-am céanna a chaitheamh le gach ábhar.

OSSP - Cearta daonna - Amnesty International

Bunaíodh an eagraíocht sa bhliain 1961 nuair a scríobh an dlíodóir Sasanach, Peter Beneson, litir a spreag gluaiseacht idirnáisiúnta.

Is éard is ciall le cearta daonna ná na cearta atá ag gach duine ar domhan de bharr gur daoine iad. Tá gach duine ar domhan i dteideal na gceart seo. Tá cearta agus freagrachtaí fite fuaite ina chéile. Tá sé mar dhualgas ag gach duine ar domhan meas a bheith acu ar a chéile.

Amnesty International
Déantar cearta daonna a shárú ar fud an domhain ar bhonn laethúil. Tá Amnesty International ar cheann de na heagraíochtaí is cáiliúla ar domhan. Bunaíodh an eagraíocht sa bhliain 1961 nuair a scríobh fear amháin litir a spreag gluaiseacht idirnáisiúnta. Scríobh dlíodóir Sasanach, Peter Beneson, litir chun cosaint a dhéanamh ar mhic léinn a bhí caite isteach sa phríosún. Ní raibh déanta acu ach a gcuid gloiní a ardú ar son na saoirse. Tá 1.8 milliún ball ag Amnesty in 150 tír ar fud an domhain. Déanann an eagraíocht a gcuid oibre bunaithe ar dhearbhú uilechoiteann go bhfuil sé de cheart ag daoine cearta daonna a chosaint. Oibríonn Amnesty trí litreacha a chur chuig daoine atá i gcumhacht ar fud an domhain chun béim a chur ar chearta daonna.

Aidhmeanna Amnesty
Is é obair Amnesty ná daoine a chuir ar an eolas faoi chearta daonna chun mí-úsáid ar dhaoine a stopadh, m.s. :

- Céasadh agus cruáil ar phríosúnaigh
- Pionós an bháis
- Daoine a chur sa bpríosún de bharr a gcreideamh, bunús eitneach, gnéas nó dath
- Marú agus fuadach daoine

Is féidir le hAmnesty oibriú ar son daoine ina dtír féin. Tá Amnesty International in Éireann ag obair chun daoine a chur ar an eolas faoi chiníochas agus tá feachtas déanta acu chun déileáil le lucht iarrtha tearmainn agus teifeach in Éirinn. Tá feachtasaíocht déanta acu freisin chun cosc a chuir le foréigean in aghaidh mná agus déanamh cinnte go bhfuil cearta leanaí cosanta in Éirinn.

Taighde
Faigh amach faoin bhfeachtas is déanaí atá ar siúl ag Amnesty trí cuairt a thabhairt ar a suíomh ag www.amnesty.ie. Ná déan dearmad go bhfuil físeán faoi obair Amnesty le fáil ag www.oideachas.gaelsceal.ie.



Peter Beneson

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Comhairle Gairmthreorach

An Ollscoil Trí Gaeilge

CUIREADH maidín eolais iontach ar fáil in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an gCeathrú Rua, Co na Gaillimh, Dé Mairt seo caite. I gceartlár Ghaeltacht Chonamara atá an tAcadamh suite. An rud a thug mé faoi deara agus muid ag dul timpeall ag na ranganna difriúla ná go raibh timpeallacht agus atmaisféar cairdiúil i ngach seomra léachta, bhí na ranganna beag ann agus bhí mic léinn ann as gach coirnéal den tír.

Taispeáineann sé sin go bhfeiceann siad an bhuntáiste mhór a bhaineann lena bheith in ann cur isteach ar phostanna ina bhfuil ardchaighdeán Gaeilge agus Béarla ag teastáil. Bhí meangadh gáire orthu uilig agus aithne ag gach duine ar a chéile. Tá na scileanna agus oideachas atá á fhoghlaim acu chun seasamh dóibh cibé post a bheas acu amach anseo, mar tá siad ag foghlaim scileanna taighde agus anailíseacha, na dúshláin atá amuigh ansin, cén chaoi le haghaidh tairbhe a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus tá siad ag foghlaim conas meascadh lena chéile de réir mar atá siad ag fás suas.

Thaispeáin siad na háiseanna uilig atá acu do mhic léinn a bhfuil suim acu staidéar a dhéanamh trí Ghaeilge agus cailíochtaí a bhaint amach a thabharfaidh deiseanna fostaíochta ardchaighdeáin dóibh. Ní amháin go mbeidh na cailíochtaí acu ach beidh taithí saoil faighte acu freisin mar beidh deis acu na scileanna a bheas ag teastáil uathu a fhoghlaim sa réimse staidéir a roghnóidh siad. Déanann siad é seo ar thrí bhealach dhifriúla mar go mbíonn na mic léinn ag freastal ar leachtaí, ar cheardlanna agus ranganna teagaisc agus ina dteannta sin bíonn deis acu bliain iomlán a chaitheamh ag obair le heagraíochtaí sna meáin chumarsáide, mar shampla, craoltóireacht teilifíse agus raidió, san iriseoireacht ilmheáin agus na háiteanna atá ag úsáid teicneolaíocht digiteach nua atá dírithe ar an gcineál poist/gairme a bhfuil suim acu ann nuair a bheidh siad críochnaithe lena gcuid staidéar. Cuid de na comhlachtaí a bhfaigheann daoine fostaíocht iontu is ea RTÉ, TG4, BBC, stáisiúin áitiúla raidió, comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha agus comhlachtaí caidrimh phoiblí.

Tá an t-uafás cúrsaí á gcur ar fáil acu trí Ghaeilge. Tá na cúrsaí sin le fáil ag leibhéal Céime, Dioplóma, Ard-Dioplóma agus Máistreachta do mhic léinn iar-Ardteistiméireachta agus freisin do mhic léinn aibí. Is iad na cúrsaí a ritheann siad ná, BA sa Chumarsáid - craoltóireacht Raidió agus Teilifíse, Gaeilge Fheidhmeach, Leann an Aistriúcháin, Ateangaireacht Comhdhála, Reachtaíocht agus Dlí, Oideachas, Pleanáil Teanga, na Taibhealaíona agus Teicneolaíocht Faisnéise. Ar an gcúrsa BA (Cumarsáid) bíonn deis ag na mic léinn scileanna craoltóireachta, teicneolaíocht na físe, scileanna feidhmithe ríomhaireachta a fhoghlaim go praiticiúil. Ar ndóigh bíonn an taobh teoiriciúil le foghlaim freisin mar atá ar gach cúrsa. Tugann an bunús teoiriciúil eolas breise dóibh ar an gciall agus an tuiscint atá taobh thiar de theicneolaíocht na meán.

Riachtanais Iontrála - an Ardteist agus A-Leibhéal

Teastaíonn Grád C3 ardleibhéal nó níos áirde sa nGaeilge agus ábhar amháin eile, chomh maith leis sin tá D3 nó níos áirde (gnáthleibhéal) ag teastáil i mBéarla agus teanga eile agus D3 in dhá ábhar éigin eile Ardteiste. Íosghrád A- Leibhéal - CCC (A-Leibhéal) nó a gcomhionann, Grád C sa Ghaeilge san A-Leibhéal.

Glactar le 20 mac léinn ar an gcúrsa.

Nuair a bhíonn na mic léinn críochnaithe leis an gcéim 4 bliana, bíonn siad cáilithe chun post a fháil sna meáin dhigiteacha, léiriú teilifíse agus raidió, san iriseoireacht agus sna hilmheáin. Chomh maith leis sin, is féidir leo leanacht lena gcuid oideachais agus iarchéim a dhéanamh, máistreacht nó dioplóma iarchéime cumarsáide, mar shampla, GYA93 nó iarchéim eile in Institiúid eile.

BA Gaeilge agus Léann an Aistriúcháin

San BA Gaeilge agus Léann an Aistriúcháin, bíonn deis ag mic léinn staidéar a dhéanamh ar dhá ábhar agus bainfidh siad an chéim amach sa dá ábhar sin. In Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a bhíonn an cúrsa seo á reáchtáil agus cosúil leis an BA (Cumarsáid) is féidir le mic léinn céim máistreachta i Léann an Aistriúcháin a bhaint amach. Tá éileamh mór ar aistritheoirí gairmiúla Gaeilge in Éireann agus thar lear. Cuirtear béim mhór ar labhairt agus scríobh na Gaeilge. Díríonn siad isteach ar ghnéithe den aistriúchán, ceartúsáid na Gaeilge, litríocht chomhaimseartha na Gaeilge, cruinnscríobh agus aistriúchán, agus araile. Sa triú bliain, teann siad amach ar thaithí oibre sa mbaile nó thar lear. Tugann an taithí oibre seo deis dóibh teagmhála luachmhara a dhéanamh le fostóirí agus foghlaimíonn siad scileanna nach féidir a fháil ach san ionad oibre.

Riachtanais Iontrála - an Ardteist agus A-Leibhéal

Bíonn ardchaighdeán Gaeilge ag teastáil, dá bhrí sin ní mór B3 ardleibhéal sa nGaeilge san Ardteist agus C3 in ábhar eile Ardteist. Chomh maith leis sin teastaíonn D3 i 4 ábhar eile (gnáthleibhéal), Béarla agus teanga eile san áireamh.

Íosghrád (A-Leibhéal)

ABB nó a gcomhionann, Grád B sa nGaeilge san A-Leibhéal agus Grád C sa mBéarla.

Dá bhrí sin, mar a fheiceann sibh tá na teangacha fíorthábhachtach sa dá chúrsa thuasluaite.

Glactar le 15 dhuine ar an gcúrsa seo.

An tseachtain seo chugainn beidh mé ag breathnú ar na cursaí eile is féidir a dhéanamh trí Ghaeilge san Ollscoil.

Patricia Uí Fhlaithearta
Comhairleoir Gairmthreorach

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Nua an tseachtain seo ag www.oideachas.gaelsceal.ie

Nua ar líne an tseachtain seo Físeán OSSP - Maoirseacht

- Féach ar fhíseán de phríomhaidhmeanna GAISCE- Gradam an Uachtaráin, agus Patrick G. Callaghen ag déanamh cur síos ar an gcaoi ar féidir le hógánaigh páirt a ghlacadh chun an gradam a bhaint amach.
- Freisin féach ar fhíseán faoi príomhphointí na nótaí OSSP agus OSPS atá sa nuachtán an tseachtain seo.

Tá an t-ábhar seo leanas le fáil ar an suíomh:

- Ábhar tacaíochta do béaltrialacha na hArdteiste agus an Teastas Shóisearaigh
- Ábhar cluastuisceana
- Ábhar léamhthuisceana
- Ábhar teagaisc bunaithe ar na míreanna idirlín "Na Rúin" agus Údar
- Ábhar tacaíocht d'fhoghlaim na gramadaí
- Ábhar físe agus scríofa bunaithe ar théamaí churaclaim an OSSP agus OSPS.

Lean muid ar:

Le tacaíocht ó: Comhar na Múinteoirí Gaeilge

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 17 Deireadh Fómhair, 2012

Crosfhocal 17.10.2012



NODA

TRASNA

1 Gan mhoill, ar an ____ (5)
3 Samplaí a chiallaíonn rud eile (7)
5 Uladh, Laighean mar shampla (5)
7 Péinteáil, líon isteach glas, gorm, dearg, srl (5)
9 Scartha, ar leith (6)
11 Ainmhí oibre ar fheirm (4)
13 Ceangail (4)
15 Ábhar ar díol i siopa (5)
17 Tá ceann ó thuaidh agus ceann ó dheas, san Artach agus san antartach (3)
18 Bealach isteach teach nó seomra (5)
19 Céasta (6)
20 Thuas sna blianta (5)
22 Tarraing, claon chugat (5)
23 Brabús ar iasacht (2)
24 Tá sé soiléir dom (6)
25 Conas focal a bhreacadh síos (6)

SÍOS

1 Neart, láidreacht (6)
2 Triall, bain feidhm as den chéad uair (5)
4 Trealamh (6)
5 Caith bia (3)
6 Nuair a stopann sé seo, faigheann tú bás (4)
8 An chuid de léine a théann timpeall an mhuinéil (4)
10 Cuid choitianta den gheilleagar nó sochaí (7)
12 Toradh cluiche (4)
14 Éin na síochána (5)
16 Duais don aisteoir is fearr (5)
18 Álainn, tarraingteach (4)
19 Ionsaí pianmhar ó fheithid nó neantóg (5)
21 Gan aon chostas (4)
23 Toradh, glas nó dearg (3)

Crosfhocal
10.10.2012

Buaiteoir na Seachtaine seo:
Saoirse Ní Chualáin, Cladhnach, Conamara, Co na Gaillimhe

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar-Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 22.10.2012 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal, 15 Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.*

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

An focal deireanach

Le Síle Ní Bhraonáin

Bulaíocht ar líne agus an tionchar marfach is féidir a bheith aige

CEANN de na scéalta nuachta is mó a chuir isteach orm le tamall anuas ná scéal Amanda Todd, an cailín óg cúig bhliana déag d'aois a chuir lámh ina bás féin mar gheall ar bhulaíocht.

Cuireann a leithid de scéal isteach i gcónaí orm mar nach dtuigim cén chaoi ar féidir le gasúr chomh hóg a bheith ag mothú chomh dona faoina saol go gcuireann siad deireadh leis? Rinne an cailín óg seo físeán a chuir sí suas ar an suíomh idirlín Youtube, ag insint i litreacha beaga faoin gcaoi a raibh sí ag mothú chomh brónach agus chomh haonarach ag críochnú le '*I need somebody, i have no one*'.

Ní raibh déanta aici ach botúin amháin - í fhéin a nochtadh le strainséir ar an idirlíon agus scaip seisean an scéal.

Agus cé gur bhog sí óna scoil agus óna baile dúchais lean an scéal seo í, agus ar ndóigh lean an bhulaíocht í.

Tuigim go raibh an méid a rinne sí, á nochtadh féin, amaideach, go háirithe le strainséir ar an idirlíon, ach nach raibh ciall dá laghad aigesan ach an oiread?



Amanda Todd, arb as Ceanda di, cailín óg cúig bhliana déag d'aois a chuir lámh ina bás féin mar gheall ar bhulaíocht.

Mhill sé saol chailín óig, scoláire, iníon agus cara. Cén fáth go gceapann daoine gur féidir leo caitheamh go dona le daoine agus ansin gáire a dhéanamh faoi? Mar níl sé de cheart acu sin a dhéanamh.

Níl a fhios agam faoi na sonraí ar fad faoin scéal seo ach tá sé ag tarlú rómhinic. Daoine, idir óg agus aosta, ag cur lámh ina mbás féin mar gheall go bhfuil 'fadhb' ag daoine eile leis an mbealach a mhaireann siad.

Nach cuma dhuitse má tá mise difriúil ar aon bhealach!

Nach cuma más duine homaighnéasach do chomharsa béal dorais?

Cén fáth an gcuirfeadh sé isteach ná amach ortsa cén tír a rugadh an fear atá ag obair sa teach tábhairne áitiúil?

Cén cheart atá agatsa gan cead a thabhairt don chailín óg leis na tatúnna agus an ghruaig daite bándearg a bheith cairdiúil le d'iníon nó do mhac?

Gan aithne phearsanta agat ar an duine?

Níl sé de cheart agat a bheith chomh daorbhreithiúnach.

Tá cead ag gach duine a gcuid tuairimí a bheith acu, agus mar gheall nach n-aontaíonn tú le rud, níl aon chead agat duine a chuir síos mar gheall air. Coinnigh do chuid tuairimí agat fhéin. Tarlaíonn bulaíocht sa mbaile, ag an obair, sa scoil agus freisin i measc an phobail go forleathan agus ní bheidh muid glan ón nimh sin go deo. Smaoinigh gur cluais agus cúnamh a theastaíonn ó dhaoine, ní breithiúnas diúltach, mar gheall ar thréith áirithe atá acu.

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Aistriú ó Phinsean Stáit (Aistriú)

Ceist:

Bhain mé 65 bliain d'aois amach i Meitheamh 2012. Tá ráta laghdaithe den Phinsean Stáit (Aistriú) á fháil agam mar gheall go raibh mo ranníocaíochtaí bliantúla ÁSPC níos lú ná 48. Chuala mé gur tháinig athrú ar na rátaí den Phinsean Stáit (Ranníocach) i Meán Fómhair. An ndéanfar mo phinsean a laghdú nuair a bhainfidh mé 66 amach?

Freagra:

Ní dhéanfar é a laghdú. Íoctar Pinsean Stáit (Ranníocach) le daoine a fhaigheann Pinsean Stáit (Aistriú) go huathoibríoch ó aois 66 agus ní gá dóibh athiarratas a dhéanamh air. Má cáilíodh thú le haghaidh Pinsean Stáit (Aistriú) roimh an 1 Meán Fómhair 2012, fanfaidh tú ar an ráta céanna nuair a aistreoidh tú chuig Pinsean Stáit (Ranníocach) nuair a bhainfidh tú 66 bliain amach.

Mar shampla, má cáilíodh thú do Phinsean Stáit (Aistriú) roimh an 1 Meán Fómhair 2012 agus más ionann agus 24 ranníocaíocht do chuid ranníocaíochtaí bliantúla ar an meán, gheobhaidh tú pinsean €225.80 sa tseachtain. Nuair a bhainfidh tú 66 amach, aistreofar thú chuig Pinsean Stáit (Ranníocach) agus fanfaidh d'íocaíocht mar an gcéanna. Áfach, cháileofaí iarratasóir nua (i ndiaidh an 1 Meán Fómhair 2012) le haghaidh Pinsean Stáit (Ranníocach) leis na ranníocaíochtaí céanna bliantúla le haghaidh pinsean €196.00.

Cé go n-aistrítear an chuid is mó de dhaoine a fhaigheann Pinsean Stáit (Aistriú) go huathoibríoch, d'fhéadfadh gurbh fhearr do roinnt daoine athiarratas a dhéanamh ar Phinsean Stáit (Ranníocach) ag aois 66. Mar shampla, má bhí tú féinfhostaithe agus má d'íoc tú ranníocaíochtaí Aicme S, b'fhéidir go gcáileofaí thú le haghaidh ráta níos airde de phinsean ag 66 (de bharr nach gcuirtear ranníocaíochtaí S san áireamh i dtreo Pinsean Aistrithe). I mbeagán cásanna, d'fhéadfadh na creidmheasanna a íocadh le Pinsean Stáit (Aistriú) meán níos airde bliantúil a thabhairt duit agus ligean duit cáiliú le haghaidh pinsean níos airde nuair a bhainfidh tú 66 amach.

Cuirfidh an Roinn Coimirce Sóisialaí ar an eolas thú cén rogha is tairbhiúla duit agus i bhformhór na gcásanna, is iadsan a aistreoidh thú go huathoibríoch má cháilítear thú le haghaidh Pinsean Stáit (Ranníocach) ar ráta níos airde. Ina theannta sin, féadfaidh tú faisnéis a fháil ar do theidlíochtaí pinsin a fháil ón Ionad um Fhaisnéis do Shaoránaigh is gaire duit.

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 0761 07 4000.

RIALACHA IDIRNÁISIÚNTA SAN IOMÁINT

Buntáiste ag Éire i gComórtas Camánaíochta

Gráinne McElwain

FEICFEAR Éire agus Alba ag imirt in aghaidh a chéile sa chéad chluiche den Chomórtas Camánaíochta an Satharn beag seo i bPáirc Bught, Inbhir Nis agus an dara cluiche in Inis seachtain ón Satharn.

Níl Alba tar éis an lámh in uachtar a fháil ar na hÉireannaigh ó 2008, ach ba bheag nach raibh an lá leo anuraidh murach gur shábháil laoch Thiobraid Árann, Brendan Maher, an lá d'Éirinn le cúl deireanach sa dara cluiche. Ó thaobh thodhchaí an chomórtais de, tá gach duine ag súil nach mbeidh sé aontaobhach agus luaigh bainisteoir na hAlban, Drew McNeil, "gur deis iontach é chun an chamánaíocht a chur chun cinn i measc an phobail".

Ar ndóigh, seo deis do na himreoirí a bhíonn ag imirt iomána sna comórtais Ring, Rackard agus Meagher chun a gcuid scileanna a léiriú. Is é Eoin Price ón Iarmhí captaen na foirne ach cuirfidh Shane Dooley (Uíbh Fhailí), Tommy Walsh (Cill Chainnigh), Shane O'Neill agus Patrick Horgan (Corcaigh) chun páirce ar fhoireann na hÉireann atá níos láidre ná anuraidh.

Is iad John Meyler, bainisteoir nua Cheatharlach agus Michael Walshe as Cill Chainnigh bainisteoirí na foirne agus chuaigh an spéis agus an dílseacht atá ag na himreoirí don chomórtas i bhfeidhm go mór ar Meyler. " Seo deis iontach do na himreoirí ar fad agus is ábhar bróid as ár dtír é chomh maith. Caithfidh gach imreoir a bheith dírithe 100% ar na cluichí, ach ó d'iarr muid ar na himreoirí iad féin a chur ar fáil don ócáid, tá gach duine ag iarraidh a bheith páirteach sa chomórtas. Bhí Patrick Horgan ag an gcéad triail ar an gcéad lá. Is mór an onóir é a bheith ag imirt dod thír".

D'Alba, ní bheidh beirt de na himreoirí is mó a bhfuil aithne orthu, Ronald Ross nó Gary Innes, ag imirt ach tá imreoirí nua ar nós Steven MacDonald as Newtonmore agus Louis Munro as Kingussie ag imirt in éineacht le himreoirí a bhfuil taithí acu, ar nós Finlay MacRae agus Shaun Nicolson.

D'admhaigh McNeil "go bhfuil Éire ag imirt ag leibhéal níos airde ná mar a bhí siad cúpla bliain ó shin ach má tá deis againn an comórtas a bhuachan, caithfidh muid camánaíocht nua-aimseartha a imirt, an liathróid a choinneáil íseal, rith leis agus caithfidh muid cúil a aimsiú".

Is ag ceathrú tar éis a haon a chuirfear tús leis an gcluiche Dé Sathairn in Alba agus craolfar beo é ar TG4.

Eoin Price (Iarmhí), captaen ar fhoireann Iománaíochta na hÉireann PICTURE CREDIT: PAUL MOHAN / SPORTSFILE

Aileen Gilroy.

Foireann Sacar na mBan f-19 ag iarraidh cáiliú do Euro 2013

Gráinne McElwain

CUIRFIDH foireann sacair bhan na hÉireann f-19 tús lena bhfeachtas chun cáiliú do Chomórtas Craoibhe na hEorpa 2013 an Satharn beag seo in aghaidh na Cipire.

Seo an chéad bhabhta cáilithe sa chomórtas agus feicfear iad ag imirt in aghaidh na Laitvia agus na Seirbia taobh istigh de chúig lá chomh maith.

Daichead foireann a bheas san iomaíocht sa chéad bhabhta seo ina bhfuil deich ngrúpa de cheithre fhoireann. Cáileoidh an chéad dá fhoireann ar bharr gach grúpa don dara babhta cáilithe mar aon leis an bhfoireann is fearr a chríochnaíonn sa tríú háit as na grúpaí ar fad.

Níl ar an nGearmáin, Sasana ná an Fhrainc imirt sa chéad bhabhta cáilithe ach imreoidh siad sa dara babhta. Seacht bhfoireann a thiocfas tríd an dara babhta, chomh maith leis an fhoireann baile, agus rachaidh siad uilig chuig Craobhacha na hEorpa a bheas á reáchtáil sa Bhreatain Bheag.

Is comórtas f-18 a bhíodh anseo ar dtús, ach athraíodh é in 2001 go dtí comórtas f-19 agus go dtí seo is iad na Gearmánaigh an fhoireann is láidre agus an comórtas buaite acu ceithre huaire ó 2002. Beidh an-seans ag an bhFrainc, an Iodáil, Sasana agus ár ndóigh an tSualainn a bhuaigh an comórtas a bhí ar siúl i mbliana.

Chas foireann na hÉireann leis an tSeirbia sna babhtaí cáilithe anuraidh agus níor éirigh go maith leo, ag cailleadh 2-0 as baile, ach d'éirigh leo dul chomh fada leis an dara babhta cáilithe sa chomórtas agus beidh siad ag súil gur féidir leo é sin a dhéanamh arís i mbliana.

UEFA SACAR NA MBAN F-19 EURO 2013

Dé Sathairn
Éire v an Chipir, Gradski Stadion, Indjija, Serbia 13.30i.n (Am na hÉireann)

Dé Luain
Éire v An Laitvia @ 13.30i.n (Am na hÉireann)

Déardaoin
Éire v an tSeirbia @ 13.00 (Am na hÉireann)

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 17 Deireadh Fómhair, 2012

Ar an gclaí

Le John Allen

Aimsir an Ghreimridh, Aimsir na gClubanna

TÁ cúrsaí clubanna faoi lán seoil na laethanta seo agus na comórtais go léir ag druidim chuig ceann scríbe.

Anseo i gCorcaigh, bhí Baile an Easpaig ag imirt sa chluiche ceathrú ceannais peile sé lá i ndiaidh iad a bheith páirteach i gcraobh sinsir iomána an chontae agus a lán de na himreoirí céanna ar an dá fhoireann.

Faraor, theip orthu sa chluiche sin inar chríochnaigh an freasúra, Ruagaire Chairbre, le dosaen imreoirí ar pháirc na himeartha.

Is trua go dtarlaíonn sé gach bliain go mbíonn an iomad cluichí ar fad an t-am seo bliana agus gan aon cluiche in aon chor á imirt nuair a bhíonn na foirne idirchontae ag imirt. Caithfear a theacht suas le córas níos fearr chun go mbeadh cluichí ag na clubanna i rith an tsamhraidh.

Bhí craobh iomána Phort Láirge ar siúl an Domhnach seo caite agus mar a bhí fógartha ag na geallghlacadóirí bhí De La Salle ró-oilte do Dhún Gharbháin. Seo an tríú craobh sroichte ag foireann John Mullane agus Kevin Moran (atá ar an ngearrliosta do Ghradaim Réalt Uile-Éireann) ó 2008 agus iad buacach i ngach ceann acu.

Ach faraor, níor éirigh leo aon ceann náisiúnta a thabhairt leo fós Bhí an mí-ádh dearg orthu i gcoinne Dhroichead an Chláirín dhá bhliain ó shin i gcluiche leathcheannais na hÉireann.

Tá an taithí agus na himreoirí acu anois agus iad ag imirt i gcoinne sheaimpíní an Chláir i gcluiche leathcheannais na Mumhan.

Ach ar an taobh eile, beidh coimhlint ghéar idir na foirne is fearr ó Chorcaigh, Tiobraid Árann agus Luimneach, agus cibé foireann a thagann as an ngrúpa sin caithfidh go mbeidh siad go maith.

I gcraobhchluiche Thiobraid Árann bhí Sáirséalaigh Dhurlais níos fearr ná Druim agus Inse den chuid is mó den cluiche agus cé gur tharraing Druim agus Inse iad féin ar ais le cabhair dhá chúl, chríochnaigh na Sáirséalaigh go láidir chun an bua a fháil. Ar ndóigh, tá chuid maith réaltaí ag imirt le leads Dhúrlas , leithéidí Micheal Cahill, Pádraig Maher, Pa Bourke agus Lar Corbett, ach is é an t-ógánach Aidan McCormack a sheas amach don uair imeartha agus é ag cur cúl agus sé chúilín, ón imirt, ar chlár na scór.

An t-am seo bliana, bíonn obair ar siúl ag na bainisteoirí idirchontae ar phleanannna don chéad séasúr eile. Ní fada uainn anois go mbeidh traenáil ag tosú.



Captaen De La Salle, Kevin Moran ag tógáil an choirn tar éis dá fhoireann Craobh Phort Láirge san iomáint a bhuachan i gcoinne Dhún Garbháin. [PIC : MATT BROWNE / SPORTSFILE]

Duine de na daoine is tábhachtaí a bhíonn ag obair leis na foirne , nó b'fhéidir an duine is tábhachtaí ar fad, ná an traenálaí fisiciúil.

Bhí fear againn i Luimneach an séasúir seo, Joey Gallanagh, a bhí ag obair go lánaimseartha le foireann rugbaí na Mumhan ach faraor níor tugadh conradh nua dó agus tá sé tar éis bogadh go tuaisceart na tíre.

Thóg sé tamall orm fear a fháil leis na cáilíochtaí agus an taithí atá ag teastáil chun go mbeadh Luimneach ag déanamh na traenála fisiciúil atá ag teastáil ag an leibhéal seo, ach táim sásta go bhfuil an duine sin faighte againn anois. Faoi láthair tá an fear seo, Mark Lyons, ag obair go lánaimseartha in Ollscoil Luimnigh ach beidh sé, le cúnamh Dé, ag stiúradh cúrsaí traenála sna hoícheanta d'iománaithe Luimnigh.

Tá tamall fada go leor caite aige i Sasana ag staidéar agus ag obair agus tá siúil agam anois go ndéanfaidh sé sárobair leis na hiománaithe chun go mbeidís ag feidhmiú don séasúr nua a thosóidh i gceart ag deireadh mhí Feabhra nuair a bheidh an chéad chluiche sraithe ar siúl.

Tháinig an ríomhphost is déanaí ón gCeanncheathrú leis na dátaí do na cluichí sraithe sin. Ar ndóigh, tá iománaithe Luimnigh fós i roinn 1b agus is trua san, ach sin mar atá. Ach tá, ar a laghad buntáiste amháin ag baint leis agus sin go mbeidh seans acu imirt i bPáirc an Chrócaigh go luath sa bhliain.

Tá sé i gceist ag Baile Átha Cliath "sraith an Earraigh" a chur ar siúl arís i mbliana. Le cúpla bliain anuas tá an tionscnamh seo eagraithe ag Bord an Chontae ina gcuireann siad cluiche peile agus iomána ar siúl le chéile ar oíche Shathairn sa Cheanncheathrú. Chuala mé, le déanaí, go mbeidh iománaithe Luimnigh ag imirt i gcheann de na cluichí sin agus fáiltím go mór roimhe sin. Tugann sé seans do na hiománaithe seo imirt i bPáirc an Chrócaigh den chéad uair agus ar ndóigh táim ag siúil go mbeidh siad ar ais ann arís i mí Lúnasa agus Meán Fómhair nuair a bheidh na Coirn á mbronnadh. B'fhéidir gur brionglóid é sin, ach caithfimid tosú in áit éigin.

Mar sin, tá an tSamhain ag druidim linn agus an réamhobair á tosú agus sinn go léir ag tnúth le bliain úrnua nach bhfuil i bhfad uainn.

PEIL NA MBAN

Gearrliosta do All Stars na mBan 2012

FÓGRAÍODH na hainmniúcháin do Ghradaim All Stars na mBan atá urraithe ag TG4 agus O'Neills ag tús na seachtaine. 45 ainm atá ar an liosta agus na himreoirí ag teacht as 13 chontae. Is ar an 10 Samhain a bheas oíche bronnta na ngradam agus ní haon ionadh é go bhfuil Corcaigh, Seaimpíní na hÉireann amuigh chun tosaigh le 12 ainmniúchán. Fuair Seaimpíní na Sraithe, Muineachán, 9 n-ainmniúchán, 7 gcinn atá faighte ag tánaistí na hÉireann, Ciarraí, agus fuair Seaimpíní Chúige Chonnacht, Gaillimh, 3 cinn. Dhá cheann an contae atá faighte ag Ard Mhacha, an Clár, Baile Átha Cliath agus Maigh Eo, agus ceann amháin ag Laois, Cill Dara, Aontroim agus Liatroim.

"Bliain iontach peile eile a bhí againn le Corcaigh ag aimsiú a seachtú Craobh Uile-Éireann," a deir Helen O'Rourke, príomhfheidhmeannach Chumann Peil Gael na mBan. " Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis na himreoirí ar fad a bhfuil ainmniúchán faighte acu."

Ainmniúchán do Ghradam All Stars 2012 TG4/O'Neill's

Cúl báire: Ciara McCoy (Aontroim), Elaine Harte (Corcaigh), Linda Martin (Muineachán)

Lánchúlaithe: Anne Marie Walsh (Corcaigh), Deirdre O'Reilly (Corcaigh), Brid Stack (Corcaigh), Cáit Lynch (Ciarraí), Aoife Lyons (Ciarraí), Gráinne McNally (Muineachán), Sharon Courtney (Muineachán), Christina Reilly (Muineachán), Laura Browne (Ard Mhacha)

Leathchúlaithe: Briege Corkery (Corcaigh), Rena Buckley (Corcaigh), Geraldine O'Flynn (Corcaigh), Julie Brosnan (Ciarraí), Louise Henchy (An Clár), Aoife McAnespie (Muineachán), Gráinne Kenneally (Port Láirge), Sinéad Burke (Gaillimh), Aislinn Desmond (Ciarraí)

Lár na Páirce: Amanda Casey (Muineachán), Juliet Murphy (Corcaigh), Bernie Breen (Ciarraí), Caroline O'Hanlon (Ard Mhacha), Sinéad Goldrick (Baile Átha Cliath), Gemma Fay (Baile Átha Cliath).

Leatosaithe: Fiona McHale (Maigh Eo), Ciara McAnespie (Muineachán), Cora Staunton (Maigh Eo), Sarah Houlihan (Ciarraí), Doireann O'Sullivan (Corcaigh), Ciara O'Sullivan (Corcaigh), Mary Kirwan (Laois), Michelle Ryan (Port Láirge), Brianne Leahy (Cill Dara).

Lántosaithe: Nollaig Cleary (Corcaigh), Catriona McConnell (Muineachán), Valerie Mulcahy (Corcaigh), Niamh O'Dea (An Clár), Louise Ní Mhuircheartaigh, (Ciarraí), Aine Tighe (Liatroim), Edel Concannon (Gaillimh), Geraldine Conneally (Gaillimh), Niamh Kindlon (Muineachán)

SACAR

Oíche na Sceana Fada Roimh Trap

Cillian Ó Conchúir ar an fhear atá 'Trap-áilte' i ngaiste

CAD a tharlaíonn nuair a thugann rud dochorraithe aghaidh ar fórsa dostoptha?

Is cinnte go bhfuil sé sin le brath agus réimeas Giovanni Trapattoni ag teacht chun deireadh.

Níor shéan sé an meon a bhí aige agus níor athraigh sé a mheon riamh. Níor athraigh sé an próiseas roghnaithe ach an oiread go dtí gur chuir gortuithe isteach air.

Ach mar is eol d'iarbhainisteoirí na hÉireann, Mick McCarthy, Brian Kerr agus Steve Staunton, nuair a tagann lá na cinniúna ní féidir é a sheachaint.

Tá botúin mhillteanacha déanta ag Trapattoni. Ina measc siúd, níl sé tar éis imreoirí a fheiceáil ag imirt, peaca marfach d'aon bhainisteoir foirne. In aon phreasócáid do na meáin chumarsáide, bíonn amhras ann faoi cad go díreach a bhíonn Trap ag iarraidh a rá. Más é seo an tslí chéanna a dhéanann sé deileáil lena imreoirí, tá sé soiléir cén fáth go bhfuil an oiread sin fadhbanna againn.

Le roinnt seachtainí, bhí cuma captaen loinge a bhí ag dul go tóin poill ar Trapattoni; bhí a fhios aige go raibh poll sa long, ach bhí sé ró-shotalach chun cabhair a lorg nó treo na loinge a athrú chun a theacht slán.

Luaigh sé go raibh sé tar éis Éire a threorú go cluiche cáilithe do Corn an Domhain i gcoinne na Fraince agus go Craobhchomórtas na hEorpa. Nach dul chun cinn a bhí ansin?

An rud nach dtuigeann Trapattoni ná go bhfuil athrú tar éis a theacht ar pheil ón am ar threoraigh sé Juventus go dtí gach craobh dá raibh ann.

Bhí deis aige nuair a chlis foireann na hÉireann i gCraobhchomórtas na hÉireann agus tar éis do Shay Given agus Damien Duff éirí as. D'fhéadfadh sé imreoirí óga ar nós Robbie Brady, Seamus Coleman, James McClean agus Aidan White fiú a thabhairt isteach. Is iadsan todhchaí na tíre. Ach bheartaigh sé leanúint leis na himreoirí céanna; leithéidí Glenn Whelan, Stephen Ward, Robbie Keane agus imreoirí eile. Theip air an gcearrbhachas a rinne sé agus tá cuma eagraíochta amaitéaraigh ar an FAI tar éis dóibh conradh nua a thabhairt dó roimh thús Chraobhchomórtas na hEorpa.



Giovanni Trapattoni, bainisteoir Fhoireann Sacair na hÉireann ag caint leis na meáin Dé Luain [PIC : DAVID MAHER / SPORTSFILE]

Tá am an cinniúna tagtha. Cé nach bhfuil an t-airgead ag an FAI chun fáil réidh le Trapattoni, má tá aon spéis ag Denis O'Brien i peil na tíre, caithfidh sé féin, nó laoch éigin eile, seasamh isteach agus Trap a íoc chun imeacht ón bpost. Tá doras Trap á dhúnadh.

CRAOBH NA GAILLIMHE

Corn eile do Charna-Caiseal?

Gráinne McElwain

COICÍS ó shin, d'éirigh le Carna-Caiseal grád na sinsear a bhaint amach i bPeil na Gaillimhe do 2013 tar éis dóibh Baile Átha an Rí a bhualadh i gCluiche Ceannais Idirmheánach an Chontae, 2-13 le 0-7.

Thóg sé seacht mbliana orthu an t-ardú céime a fháil tar éis gur dícháilíodh iad go dtí an grád idirmheánach in 2005, seachtain tar éis dóibh Cluiche Ceannais Sinsir an Chontae a chailleadh in aghaidh Bhóthar na Trá\Cnoc na Cathrach. Ach níl siad críochnaithe fós i mbliana, mar an deireadh seachtaine seo, casfaidh Carna-Caiseal agus Baile Chathail, Seaimpíní Mhaigh Eo ar a chéile i mBabhta Ceathrú Ceannais de Chraobh Idirmheánach Chonnacht i Staid an Phiarsaigh.

" Ag tús na bliana, ba é an sprioc a bhí againn ná ardú céime a fháil go dtí grád na sinsear agus is bónas é aon rud eile a tharlaíonn amach anseo," a deir Seán Ó Cualáin, bainisteoir Charna-Caiseal agus é ina thríú bliain sa ról sin leis an gclub.

Cosúil le go leor clubanna beaga eile, chuir cúrsaí imirce isteach ar Charna-Caiseal agus nuair a smaoiníonn tú ar an méid imreoirí atá caillte acu le cúpla bliana anuas, is mór an t-éacht atá déanta acu.

"Chaill muid cúigear leaids óga anuraidh agus seachtar an bhliain roimhe sin. Chun an fhírinne a rá, sílim go raibh an t-ádh linn ar an bpáirc i mbliana rud nach raibh againn cúpla bliain ó shin agus b'fhéidir gurb shin é an difear i mbliana," a dúirt Seán.

Chaill siad in aghaidh Chumann Naomh Séamus sa bhabhta leathcheannais in 2010 agus arís anuraidh chaill siad in aghaidh Uachtar Ard san athimirt don bhabhta leathcheannais.

I mbliana, bhí an t-ádh leo mar tháinig siad amach ar an taobh ceart do na cluichí in aghaidh Mhionlaigh sa bhabhta ceathrú ceannais agus in aghaidh na Fairche sa bhabhta leathcheannais.

"Chaill muid in aghaidh Mhionlaigh i mbabhta a dó den chomórtas ach thríd an gcúldoras, d'éirigh linn an lámh in uachtar a fháil orthu ar an dara iarracht san athimirt sa mbabhta Ceathrú Ceannais. Thóg sé dhá chluiche agus am breise orainn críochnú chun cinn ar an bhFairche sa mbabhta leathcheannais.

"Bhí muid cúilín taobh thiar in am cúitimh sa gcéad chluiche ach fuair captaen na foirne, Seosamh Seoige, cúilín deireanach agus shéid an réiteoir an fheadóg díreach ansin agus bhí lá eile againn. Níor rith an t-ádh sin linn cúpla bliain ó shin agus sa dara cluiche bhí a fhios againn ar fad go raibh an-deis againn buachaint."

Bhuaigh Carna-Caiseal an cluiche leathcheannais sin tar éis am breise, 2-15 le 3-08.

Bhí bua compordach acu in aghaidh Bhaile Átha Rí sa chluiche ceannais ach ní raibh a fhios acu cé a bheadh ag imirt ina n-aghaidh go dtí Dé Domhnaigh seo caite.

" Níl eolas ar bith againn faoi Bhaile Chathail as Maigh Eo agus níl aon eolas acu fúinn ach is deas é go mbeidh an cluiche á imirt i Staid an Phiarsaigh. Beidh an chéad 15 nóiméad suimiúil mar go mbeidh muid ag cur aithne ar a chéile."

Tá tradisiún maith ag foirne na Gaillimhe dul chomh fada le Cluiche Leathcheannais na hÉireann, cosúil le Naomh Anna Leitir Mór cúpla bliain ó shin agus d'éirigh le Maigh Chuilinn Craobh Idirmheánach na hÉireann a bhuachan. An bhfuil Carna- Caiseal ag smaoineamh ar aithris a dhéanamh orthu?

"Ag tús na bliana ní raibh, mar ba ar an ardú céime a bhí muid dírithe, ach anois is féidir leis na foirne go léir atá fágtha smaoineamh air sin. Tá na gortuithe beaga a bhí ag cur as dúinn roimh Chluiche Ceannais an Chontae glanta suas anois agus muid ag súil go mór leis an gcluiche," a deir Seán.

RUGBAÍ

Deireadh Seachtaine mór Rugbaí Romhainn arís

Gráinne McElwain

TÁ go leor foghlamtha ag Cúigí na hÉireann fúthu féin tar éis an chéad bhabhta den Chorn Heineken agus cé gur bhuaigh trí cinn do na foirne sin, beidh imní ar Chúige Laighean agus ar Chúige Mumhan agus iad ag réiteach do bhabhta a dó.

Is iad Cúige Uladh is túisce a bheas amuigh arís ar an Aoine agus iad ar cuairt ag Glasgow i bPúl 4. B'iontach an bua a bhí ag na hUltaigh in aghaidh Castres i mBéal Feirste (41-17) ar an Aoine agus pointe bónais faighte acu chomh maith, mar sin ní haon iontas é gurb iad a cheaptar a chríochnóidh in uachtar an phúil sin.

Ceist a bheas ag gach duine ná cé a roghnófar ag uimhir a naoi - Paul Marshall a d'aimsigh dhá úd agus laoch na himeartha sa chluiche, nó Ruan Pienaar a d'fhill ón Afraic Theas don chluiche.

Tá gach seans ann go mbeidh Nick Williams tagtha as an ngortú a bhí air sa tsraith cúil ach cá bhfágann sin an t-ógánach Iain Henderson a raibh an-chluiche aige? Bíodh is gur thosaigh Glasgow go maith ina gcluiche in aghaidh na Northampton Saints agus go ndeachaigh siad 15-0 chun cinn agus iad as baile, lig siad na Saints ar ais sa chluiche agus chaill siad (24-15).

Tá siad sa tríú áit san Rabo Pro 12 ach bhuaigh na hUltaigh orthu i gCnoc an Fhéich i mbabhta 1 don chomórtas sin níos luaithe i mbliana (18-10). Bíonn sé deacair iad a bhualadh sa bhaile ach tá Cúige Uladh ar mhisean i mbliana agus tá an fhoireann fíorláidir agus a ndóthain acu leis na pointí a thabhairt abhaile leo.

Baineadh drochchroitheadh as na Seaimpíní san RDS ar an Satharn agus beidh siad imníoch ag taisteal chuig Parc y Scarlets. Bhuaigh siad in aghaidh Exeter (9-6) ach is ar éigin a thug siad na cosa leo as sin.

Tá imreoirí go leor fós gortaithe agus ní fios fós an mbeidh Rob Kearney nó Gordon D'Arcy ar ais. Ach níos tromchúisí ná sin breathnaíonn sé nach bhfuil an t-ocras céanna orthu mar ghrúpa ná a ndóthain samhlaíochta ina gcuid imeartha.

Ní mórán úsáide a bhain Schmidt as a bhinse ach an oiread, rud a léiríonn nach bhfuil an doimhneas ansin a bheadh ag teastáil.

Tabharfaidh siad aghaidh ar na Scarlets a buaileadh go dona as baile in aghaidh Clermont (49-16) agus fios maith acu mura n-éireoidh leo sa bhaile an deireadh seachtaine seo go mbeidh a rás rite sa ghrúpa.

D'imir siad a chéile i bParc y Scarlets níos luaithe an séeasúr seo agus ní rómhaith a bhí Cúige Laighean an lá sin agus iad ag géilleadh 7 n-úd (45-20). George North, Jonathan Davies, Scott Williams, tá imreoirí maithe ag na Scarlets agus mura dtagann feabhas ar Chúige Laighean d'fhéadfadh siad a bheith i dtriobóid sa cheann seo as baile.

Bhí ríméad ar Eric Elwood tar éis bua na gConnachtach ar Zebre i Parma (19-10), an chéad bhua acu ar an mbóthar sa chomórtas ach beidh sé iomlán difriúil in aghaidh sheaimpíní na sraithe as Sasana, Harlequins, i nGaillimh ar an Satharn.

Beidh fonn díoltais ar bhuíon Chonor O'Shea mar gur chaill siad an cluiche eatarthu anuraidh (9-8) agus ar áit sna babhtaí ceathrú ceannais chomh maith. Ní raibh aon ghortuithe eile ag teacht abhaile as an Iodáil ag Connacht ach is buille do Harlequins é go bhfuil gortú rúitín ar Nick Evans, fear a chaith geansaí 10 do na All-Blacks tráth.

Bhí bua cuimsitheach acu sa Stoop in aghaidh Biarritz (40-13) agus beidh siad ag iarraidh an rud céanna a dhéanamh ar an mbóthar. Ar pháipéar, ba cheart go mbeadh an bua acu ach féach cad a tharla anuraidh.

Mura mbeidh an bua ag Cúige Mumhan ar Edinburgh i Staid Thuamhan ar an Domhnach is beag dóchais a bheas acu go mbeidh siad in ann a theacht as an ngrúpa. Ba cheart go mbeadh Racing Metro buailte acu agus iad chun cinn agus gan fágtha ach 8 nóiméad ach is iad na botúin a lig Racing ar ais (22-17).

Tá liosta fada gortuithe acu: Ronan O'Gara, Keith Earls, Wian de Preez agus Donncha O'Callaghan, ach ba cheart go mbeadh Niall Ronan agus Felix Jones ar ais.

Tá Edinburgh iad féin gortaithe mar gur bhuail Saracens iad i Murrayfield (45-0). Bhí náire orthu agus iad ag fágáil na páirce agus gortaíodh Greg Laidlaw, captaen agus leathchúlaí amuigh na foirne, agus Tim Visser, an príomhscórálaí atá acu. Ba cheart go mbeadh Cúige Mumhan in ann rudaí a chur ina cheart agus iad sa bhaile arís.



Paul Marshall, Cúige Uladh [PIC : OLIVER MCVEIGH / SPORTSFILE]

BABHTA 2 DE CHORN HEINEKEN

Glasgow v Ulaidh: Staid Scotstoun, Dé hAoine @ 8.00

Scarlets v Laighin: Parc y Scarlets, Dé Sathairn @ 1.35

Connacht v Harlequins: Sportsgrounds, Dé Sathairn @ 6.00

Mumha v Edinburgh: Páirc Thuamhan, Dé Domhnaigh @ 12.45